2-6	C2.I2 Dlúthú uirbeach: foirgníocht inbhuanaithe	Cuspóir sonrach	Líon na mbardas a thairbhíonn den chabhair		Uimhir	0	1 200	R4	2021	Líon na mbardas a bhaineann tairbhe as an gcabhair maidir le tógáil inbhuanaithe i limistéir uirbeacha faoi bhrú.
2-7	C2.I3 Dlúthú uirbeach: láithreáin athfhorbraíochta	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal ar síníodh deontas ina leith le haghaidh oibríocht athchúrsála ar thalamh dramhaíola nó ar limistéar uirbithe		Uimhir	0	90	C1	2022	Líon na dtionscadal ar síníodh an comhaontú deontais ina leith, le haghaidh oibríocht athchúrsála ar thalamh dramhaíola, nó le haghaidh oibríocht athchúrsála ar thalamh uirbithe.

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspíocanna	Táscaire cainníochtúil le haghaidh na sprice			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
2-8	C2.I3 Athfhorbraíocht dlúthaithe uirbigh	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal ar síníodh deontas ina leith le haghaidh oibríocht athchúrsála ar thalamh dramhaíola nó ar limistéar uirbithe		Uimhir	90	200	C1	2023	Líon na dtionscadal ar síníodh an comhaontú deontais ina leith, le haghaidh oibríocht athchúrsála ar thalamh dramhaíola, nó le haghaidh oibríocht athchúrsála ar thalamh uirbithe.
2-9	C2.I4 Bithéagsúlacht	Cuspóir sonrach	Roinnt tionscadal a raibh tacaíocht ar fáil dóibh i réimsí an athchóirithe éiceolaíoch agus na limistéar faoi chosaint		Uimhir	0	700	R4	2022	Roinnt tionscadal a bhain le hathchóiriú éiceolaíoch, agus caomhnú na bithéagsúlachta i limistéar faoi chosaint.
2-10	C2.I5 Rioscaí seismeacha a chosc sa DOM	Cuspóir sonrach	An líon foirgneamh lena mbaineann — rioscaí suntasacha sa DOM		Uimhir	0	15	R4	2023	Líon na bhfoirgneamh poiblí (amhail foirgnimh bainistithe géarchéime, nó maorachtaí agus fo-mhaorachtaí, nó ospidéal tosaíochta, nó scoileanna, ardscoileanna agus coláistí) sa DOM inar cuireadh tús le hoibreacha frithsheismeacha.
2-11	C2.I6 Líonraí uisce slána	Cuspóir sonrach	Líon na gciliméadar líneach de líonraí uisce óil agus de líonraí sláintíochta dá dtugtar tacaíocht		Km	0	450	R4	2022	Líon na gciliméadar de líonraí uisce óil nó de líonraí sláintíochta a bhfuil tús curtha le hoibreacha athchóirithe ina leith.
2-12	C2.I7 Lárionaid sórtála, córais athchúrsála agus diúscartha dramhaíola a nuachóiriú	Cuspóir sonrach	Líon na gconarthaí arna siniú chun lárionaid sórtála a nuachóiriú		Uimhir	0	32	R4	2022	Líon na gconarthaí arna siniú chun lárionaid sórtála a nuachóiriú.

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspríocanna	Táscaire cainníochtúil le haghaidh na sprice			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
2-13	C2.17 Lárionaid sórtála, córais athchúrsála agus diúscartha dramhaíola a nuachóiriú	Garspríoc	Infheistíocht i sórtáil agus bailiú dramhaíola, agus i gcóireáil dramhaíola leighis	Liosta na dtairbhíthe a chur in iúl				R4	2022	Bailchríoch a chur ar an nglao ar thograí agus ar scéimeanna tacaíochta agus faighteoirí a roghnú le haghaidh na scéimeanna seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • tacú le hinfeistíochtaí i sórtáil dramhaíola ón mbaile (AFH) agus i mbailiú dramhaíola; • tacú le sórtáil, bailiú agus aisghabháil bithdramhaíola; • tacú le hinfeistíochtaí i dtrealamh chun dramaíl leighis ionfhabhtaíoch a dhíghalrú.
2-14	C2.17 Lárionaid sórtála, córais athchúrsála agus diúscartha dramhaíola a nuachóiriú	Cuspóir sonrach	Líon na lárionad sórtála arna nuachóiriú		Uimhir	0	32	R4	2025	Líon na lárionad sórtála poiblí/príobháideacha (ionaid sórtála dramhaíola tí agus/nó gairmiúla, ardáin sórtála, saoráidí gairmiúla diúscartha dramhaíola) arna gcruthú, arna leathnú nó arna nuachóiriú.
2-15	C2.18 Athchúrsáil agus athúsáid	Cuspóir sonrach	Cainníocht an bhunábhair phlaistigh athchúrsáilte a tháirgtear nó a ionchorpraítear		Tonáil	0	275 000	R4	2025	Cainníocht charnach an bhunábhair phlaistigh athchúrsáilte a tháirgtear nó a ionchorpraítear i bpróisis thionsclaíocha. Ríomhfar an chainníocht charnach mar shuim na dtonnaí de bhunábhair plaisteach athchúrsáilte a tháirgtear nó a ionchorpraítear mar a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • roimh 2025: tonnaí an bhunábhair phlaistigh athchúrsáilte arna dtuairisciú ag tairbhíthe ina dtuarascálacha tionscadail; • le haghaidh 2025: cainníocht bhliantúil an bhunábhair phlaistigh athchúrsáilte arna ríomh mar mheán na dtonnaí a tuairiscíodh le haghaidh 2022, 2023 agus 2024.

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspríocanna	Táscaire cainníochtúil le haghaidh na sprice			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
2-16	C2.I9 Plean próitéine plandaí	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal a gheobhaidh ciste ón “bplean próitéine” chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgeadh plandaí próitéine		Uimhir	0	1 200	C1	2022	Líon na dtionscadal a gheobhaidh cistí ón “bplean próitéine” chun infheistíocht a dhéanamh i dtáirgeadh plandaí próitéine, tar éis do na glaonna ar thionscadail iad a roghnú.
2-17	C2.I10 Foraoisí	Cuspóir sonrach	Achar dromchla foraoisí ar gealladh deontas ina leith chun an fhoraois a fheabhsú, a oiriúnú, a athghiniúint nó a athbhunú		Heicteár	0	30 000	C1	2023	Achar dromchla foraoisí ar gealladh deontas ina leith chun an fhoraois a fheabhsú, a oiriúnú, a athghiniúint nó a athbhunú.

C. COMHPHÁIRT 3: Bonneagar agus soghluaisteacht ghlas

Tá earnáil an iompair ar cheann de nahastaíre CO₂ is mó sa Fhrainc, arb ionann í agus 38 % d'iomlán na n-astaíochtaí in 2017. Is é an t-iompar de bhóthar is cúis le 96 % de na hastaíochtaí sin, agus is ó fheithiclí príobháideacha a thagann níos mó ná leath díobh. Tá ról lárnach ag bonneagair iompair i gcur chun feidhme éifeachtach an aistrithe ghlais. Is trína gcothabháil agus trína bhforbairt a fhéadfar roghanna malartacha éiceolaíocha ar chleachtais astaithe carbóin a chur ar fáil d'úsáideoirí. Díríonn bearta faoin gcomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince ar iompar poiblí (meitreo, tram, bus) a fhorbairt agus ar an ngréasán náisiúnta iarnróid do phaisinéirí agus do lasta a athchóiriú agus a fheabhsú. Áirítear sa chomhpháirt freisin bearta chun flít gluaisteán an riaracháin le feithiclí leictreacha nó hibrideacha a athnuachan, chun inbhuanaitheacht na gcuanta a fheabhsú agus chun an t-aistriú glas i gceantair thuaithe a éascú.

Cumhdaítear leis an gcomhpháirt freisin dhá athchóiriú a bhaineann le soghluaisteacht agus buiséadú glas chun trédhearcacht a mhéadú maidir le tionchar an bhuiséid náisiúnta ar an gcomhshaoil.

Rannchuidíonn na hinfheistíochtaí agus na hathchóirithe sin le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha atá dírithe ar an bhFrainc le 2 bhliain anuas, maidir leis an ngá atá le 'beartas a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar [...] fhuinneamh in-athnuaite, ar éifeachtúlacht fuinnimh agus ar idirnáisc leis an gcuid eile den Aontas' (CSR 3, 2019) agus chun 'Cur chun feidhme éifeachtach na mbeart lena dtacaítear le leachtacht gnólachtaí a áirithiú, go háirithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide. [...] Infheistíocht a dhíriú ar an aistriú [...] glas, go háirithe ar iompar inbhuanaithe, ar tháirgeadh agus úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, ar bhonneagair fuinnimh agus ar thaighde agus nuálaíocht.' (Moladh Tírshonrach 3, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

C.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (C3.R1): An dlí soghluaisteachta ('Loi d'Orientation des Mobilités')

Is é is aidhm don dlí soghluaisteachta athrú ó bhonn a dhéanamh ar an iompar agus ar an tsoghluaisteacht d'fhonn feabhas a chur ar an tseirbhís laethúil, freastal ar riachtanais an daonra ar fad agus dlús a chur le dícharbónú na hearnála. Tá pacáiste cuimsitheach ionstraimí beartais maidir le rialachas, rialacháin agus pleananna infheistíochta sa dlí.

Déanfar roinnt reachtaíochta tánaistí atá nasctha leis an Dlí Soghluaisteachta a chur chun feidhme le linn chreat ama RRF. Ar an gcéad dul síos, tháinig foraithe i bhfeidhm in 2020 inar leagadh amach na coinníollacha faoina bhféadfadh leithdháiltí airgeadais a bheith i gceist le turais do thiománaithe a thairg comhroinnt gluaisteán in éagmais paisinéirí. Ar an dara dul síos, modhnófar na rialacháin in 2021 chun go bhféadfar bainistiú an ghréasáin iarnróid áitiúil a aistriú chuig na Réigiúin. Ar an tríú dul síos, déanfaidh an rialtas clárú airgeadais agus oibríochtúil na n-infheistíochtaí Stáit i mbonneagar iompair a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta faoin 31 Nollaig 2023, mar a fhoráiltear sa dlí.

Athchóiriú 2 (C3.R2): Buiséadú Glas

Is é is aidhm d'fhoilsiú Buiséid Ghlais creat faisnéise caighdeánaithe agus cuimsitheach a bhunú

a bheidh dírithe ar an bParlaimint agus ar an tsochaí shibhialta maidir le tionchar an Bhuiséid Stáit ar an gcomhshaol.

D'fhoilsigh an Fhrainc, in éineacht lena dlí buiséadach 2021, modheolaíocht bhuiséadach ghlas ina n-aimítear gach caiteachas de bhuiséad an Stáit de réir a thionchair ar gach ceann de na sé chuspóir a shainítear i Rialachán (AE) 2020/852⁶ (an 'Rialachán maidir le Tacsanomaíocht'): maolú ar an athrú aeráide, oiriúnú don athrú aeráide, úsáid inbhuanaithe agus cosaint uisce agus acmhainní mairí, aistriú chuig geilleagar ciorclach, cosc agus rialú ar thruailliú, agus bithéagsúlacht agus éiceachórais a chosaint agus a athchóiriú.

Déantar an t-ioncam a aicmiú mar cháin chomhshaoil de réir shainmhíniú Eurostat 'cáin ar aonad fisiciúil é a bhonn (nó ar neastachán é ar aonad fisiciúil) rud éigin a bhfuil tionchar diúltach sonrach cruthaithe aige ar an gcomhshaol.'⁷

Foilseofar buiséad glas nua do bhuiséad 2022. Bainfidh sé leas as na cleachtais atá bunaithe cheana, agus feabhsóidh sé iad trí mhodheolaíocht nua a chur chun feidhme chun caiteachais oibriúcháin a chur san áireamh.

Infheistíocht 1 (C3.I1): Tacaíocht don earnáil iarnróid

Is é cuspóir an bhirt seo sábháilteacht agus iontaofacht an ghréasáin iarnróid a mhéadú agus é a athchóiriú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart athchóiriú a dhéanamh ar an bpríomhghréasán iarnróid agus ar an ngréasán iarnróid áitiúil, agus rogha mhalartach atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaol a chur in ionad gliofosáite.

Infheistíocht 2 (C3.I2): Tacaíocht don éileamh ar fheithiclí glana (plean gluaisteán)

Is é is aidhm don infheistíocht sin tacú leis an éileamh ar fheithiclí glana, ó theaghlach den chuid is mó. Áirítear leis an mbeart 'bónas éiceolaíoch' le haghaidh feithiclí éadroma chun tacú le feithicil leictreach, hidrigine nó hibrideach inluchtaithe a cheannach ag a bhfuilastaíochtaí CO₂ níos lú ná 50 g/km nó cothrom leis. Braithfidh méid an bhónais ar an gcineál feithicle (leictreach, hibrideach inluchtaithe, hidrigin), ar an gcineál tairbhí (teaghlach nó gnó) agus ar phraghas na feithicle (bónas níos airde do ghluaisteáin níos saoire).

Tiocfaidh laghdú de réir a chéile ar leibhéal an bhónais ó mhí Iúil 2021 de réir mar a mhéadaíonn iomaíochas na bhfeithiclí sin i gcomparáid lena roghanna malartacha teirmeacha.

Infheistíocht 3 (C3.I3): Soghluaisteacht laethúil: bonneagar iompair phoiblí a fhorbairt

Is é is cuspóir don bheart seo forbairt bonneagair iompair phoiblí i limistéir uirbeacha a mhaoiniú.

Is éard atá sa bheart seo infheistíochtaí chun athchóiriú nó cruthú bonneagair iompair phoiblí a chómaoiniú (línte traenach uirbeacha, tramlínte, meitreonna, busbhealaí agus cábla-bhealaí uirbeacha).

Infheistíocht 4 (C3.I4): Dlús a chur leis an obair ar bhonneagar iompair

Is é is cuspóir don bheart an bonneagar iompair atá ann cheana a nuachóiriú chun é a chur in oiriúint do mhodhanna nua iompair, do riachtanais áitiúla agus don aistriú glas. Éascóidh sé comhtháthú na ngluaisteán roinnte agus na bhfeithiclí leictreacha mar mhalairt ar ghluaisteáin

⁶ 10 Rialachán (AE) 2020/852 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Meitheamh 2020 maidir le creat a bhunú chun infheistíocht inbhuanaithe a éascú, agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2019/2088 IO L 198, 22.6.2020, lgh. 13–43.

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 691/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Iúil 2011 maidir le cuntais Eorpacha eacnamaíocha chomhshaoil, Airteagal 2.

phríobháideacha. Méadóidh sé freisin digitiú agus comhtháthú teicneolaíochtaí nua d'fheidhmiú agus d'fhaireachas an bhonneagair abhann chun go mbeidh sé ina rogha mhalartach inchreidte ar iompar lasta de bhóthar.

Cuirfear an beart chun feidhme go príomha trí Ghníomhaireacht Maoiniúcháin Bhonneagar Iompair na Fraince (AFITF), gníomhaireacht phoiblí arna sainordú ag an rialtas chun infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail bonneagair iompair réamhroghnaithe. Bainfidh an infheistíocht le roinnt tionscadal. Maoineoidh sé suiteáil pointí luchtaithe leictreacha nua ar bhóithre náisiúnta agus ar bhóithre ardluais. Tabharfar tosaíocht d'iompar poiblí agus do roinnt carranna le tógáil lánaí atá curtha in áirithe agus suiteáil feistí chun iad a rialú, chomh maith le criosanna astaíochtaí ísle a chruthú. Foráiltear freisin d'athchóiriú líonraí abhann, go háirithe loic agus dambaí, mar aon le nuachóiriú an chórais bainistíochta digítí do ghnóthaí muirí agus líonra CROSS (Ionaid Oibríochtúla Réigiúnacha um Fhaireachán agus Tarrtháil).

Infheistíocht 5 (C3.I5): Flít an Stáit a ghlású

Is é is aidhm don bheart flít trí riarachán an ghluaisteáin a athnuachan: na póilíní agus an gendarmerie (an Aireacht Gnóthaí Baile), ard-stiúrtóireacht na n-údarás custaim (an Aireacht Airgeadais), agus an riarachán peannaideach (an Aireacht Ceartais). Is iad flíteanna comhcheangailte na dtrí chomhlacht sin formhór fheithiclí an Stáit ach ag an am céanna léiríonn siad seanaois, míleáiste ard agus ráta íseal athnuachana. Le plean glasaithe an fhlíit le haghaidh 2021 agus 2022, tugtar tús áite d'fheithiclí glana a cheannach (feithiclí leictreacha nó feithiclí hibrideacha inluchtaithe). San iomlán, cuideoidh an infheistíocht le 3465 feithicil ghлана a cheannach don Aireacht Gnóthaí Baile, 570 feithicil do lucht custaim, agus 530 feithicil do lucht riaracháin an Cheartais. Tacóidh an beart freisin le stáisiúin athluchtaithe a cheannach.

Infheistíocht 6 (C3.I6): Glasú cuanta

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le breosla malartach ar dhugaí cuain agus ar shoithí hibrideacha leictreacha.

Tá dhá fhobheart sa bheart lena dtacaítear leis an méid seo a leanas: (i) naisc leictreacha a shuiteáil ar dhugaí cuain; agus ii) soithí hibrideacha leictreacha leagtha baoithe le haghaidh na seirbhíse '*Armement des phares et balises (APB)*'.

Infheistíocht 7 (C3.I7): Athléimneacht na ngréasán leictreachais agus an aistrithe fuinnimh i gceantair thuaithe a neartú

Is é is aidhm don bheart seo athléimneacht na ngréasán leictreachais a mhéadú, agus béim á leagan ar cheantair thuaithe. Leis an mbeart, méadófar cáilíocht an chórais dáileacháin leictreachais, i réigiúin ina bhfuil foinsí in-athnuaite fuinnimh á bhforbairt den chuid is mó agus ina bhfuil an tsoghluaisteacht leictreach ina príomhdhúshlán.

Is iad na húdaráis a eagraíonn dáileadh poiblí leictreachais tairbhithe an bhirt⁸.

Méadóidh an infheistíocht líne bhuiséid an ghnímh airgeadais (loi de finances) atá tiomnaithe do leictriú tuaithe. Maoineofar leis an mbeart fochláir éagsúla faoi 2023.

Leis an gcéad fhochlár le haghaidh 'aistriú fuinnimh' agus 'réitigh nuálacha a fhorbairt', maoineofar an t-aistriú fuinnimh sna ceantair thuaithe trí chomhtháthú foinsí in-athnuaite fuinnimh sa ghréasán a chothú, saoráidí stórála agus bonneagar luchtaithe leictrigh a thógáil. Cuirfidh sé dlús freisin le himscaradh méadar cliste.

⁸ 'Autorités organisatrices de la distribution publique d'électricité' (AODE) de bhun Airteagal L.322-6 den chód fuinnimh.

Leis an dara fochlár ‘teagmhas aeráide’, maíneofar na hoibreacha deisiúcháin le haghaidh codanna den ghréasán leictreach a ndearna adhaimsir damáiste dóibh.

Leithdháilfear an chuid eile den infheistíocht chun seancháblaí agus seanshuiteálacha leictreacha a athnuachan agus chun sábháilteacht an ghréasáin a mhéadú, rud atá in easnamh i gceantair thuithe faoi láthair.

C.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil le haghaidh na sprice			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
3-1	C3.R1 Dlí na soghluaisteachta	Garsprioc	Airteagal 35.2 de Dhlí Uimh. 2019-1428 an 24 Nollaig 2019 maidir le soghluaisteacht	Teacht i bhfeidhm				C3	2020	Teacht i bhfeidhm fhoraithe cur chun feidhme an Dlí Soghluaisteachta lena gcumhdaítear na coinníollacha faoina bhféadfadh leithdháileadh airgeadais ar thiománaithe a thairg comhroinnt gluaisteach in éagmais paisinéirí a bheith i gceist le turais (Airteagal 35.2 den dlí soghluaisteachta).
3-2	C3.R1 Dlí na soghluaisteachta	Garsprioc	Airteagal 172 de Dhlí Uimh. 2019-1428 an 24 Nollaig 2019 maidir le soghluaisteacht	Teacht i bhfeidhm				C2	2021	Teacht i bhfeidhm na mbeart chun na rialacha a oiriúnú chun aistriú bainistíochta chuig réigiún an ghréasáin iarnróid a bhfuil leas áitiúil ag baint leo a áirithiú, de bhun Airteagal 172 de Dhlí Uimh. 2019-1428 an 24 Nollaig 2019 maidir le soghluaisteacht.
3-3	C3.R1 Dlí na soghluaisteachta	Garsprioc	Airteagal 3 de Dhlí Uimh. 2019-1428 an 24 Nollaig 2019	An nuashonrú a bhunú				R4	2023	Bunú an nuashonraithe ar an reachtaíocht athbheithnithe lena nuashonraítear clárú airgeadais agus oibríochtúil infheistíochtaí Stáit san iompar, mar a leagtar síos i nDlí Uimh. 2019-1428 an 24 Nollaig 2019 maidir le soghluaisteacht de bhun Airteagal 3 den dlí sin, roimh an 30 Meitheamh 2023.
3-4	C3.R2 Buiséad glas	Garsprioc	Buiséad glas leis an Dlí Maoiniúcháin	Foilsíú ag an rialtas				R4	2021	Buiséad Glas a fhoilsíú mar aon le Dréacht-Dlí Buiséadach 2022, lena n-áirítear modheolaíocht fheabhsaithe chun caiteachais oibríocháin a chur san áireamh.
3-5	C3.I1 Tacaíocht don iarnród	Garsprioc	Tabhairt i gcrích na gcomhaontuithe cistiúcháin	Glacadh ag bord ATFIF				C3	2021	Glacfaidh bord AFITF na comhaontuithe cistiúcháin.
3-6	C3.I1 Tacaíocht don iarnród	Cuspóir sonrach	Lasca		Uimhir	0	272	C1	2022	An líon lasca nua a suiteáladh (san iomlán).

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspríocanna	Táscaire cainníochtúil le haghaidh na sprice			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
3-7	C3.11 Tacaíocht don iarnród	Cuspóir sonrach	Caitéiní		Km	0	182	C1	2022	Ciliméadair de chaitéiní nua suiteáilte (san iomlán).
3-8	C3.11 Tacaíocht don iarnród	Cuspóir sonrach	Línte iarnróid athghinte		Km	0	863	R4	2022	Ciliméadair de línte iarnróid arna n-athghiniúint (san iomlán).
3-9	C3.11 Tacaíocht do iarnród	Cuspóir sonrach	Tolláin		Méadair	0	3 305	R4	2022	Méadair tollán treisithe (san iomlán).
3-10	C3.11 Tacaíocht don iarnród	Garspríoc	Cóireáil chomhshaoil na n-iarnród	Faisnéis atá le soláthar ag SNCF Réseau				R4	2022	Rogha mhalartach atá níos neamhdhíobhálaí don chomhshaoil a chur in ionad úsáid gliofosáite.
3-11	C3.11 Tacaíocht don iarnród	Cuspóir sonrach	Línte iarnróid áitiúla		Km	0	500	R4	2023	Ciliméadair de línte beaga áitiúla athchóirithe (san iomlán).
3-12	C3.11 Tacaíocht don iarnród	Cuspóir sonrach	Línte lasta athchóirithe		Km	0	150	R4	2023	Ciliméadair de línte lasta athchóirithe (san iomlán).
3-13	C3.11 Tacaíocht don iarnród	Cuspóir sonrach	Línte iarnróid áitiúla		Km	500	827	R4	2025	Athchóiriú ar línte beaga áitiúla. Measfar na ciliméadair a bheith athchóirithe mar a leanas: breithnítear an roinn iomlán mura bhfuil aon infheistíocht bhreise beartaithe roimh 2032; nó meastar na ciliméadair lineacha rianta i gcás inar cuireadh eilimintí eile ina n-ionad (iarnróid, trasnáin agus ballasta).

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspríocanna	Táscaire cainníochtúil le haghaidh na sprice			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
3-14	C3.I1 Tacaíocht do iarnród	Cuspóir sonrach	Línte iarnróid lasta áitiúla		Km	150	320	R4	2025	Athchóiriú línte lasta.
3-15	C3.I2 Tacaíocht don éileamh ar feithiclí glana	Cuspóir sonrach	Bónais éiceolaíocha		Uimhir	0	85 000	C1	2021	An líon bónas éiceolaíoch a deonaíodh le haghaidh feithiclí éadroma ó mhí an Mheithimh 2020 i leith.
3-16	C3.I2 Tacaíocht don éileamh ar feithiclí glana	Cuspóir sonrach	Bónais éiceolaíocha		Uimhir	0	127 000	C1	2022	An líon bónas éiceolaíoch a deonaíodh le haghaidh feithiclí éadroma in 2021.
3-18	C3.I3 Soghluaist eacht laethúil	Garspríoc	Comhaontuithe cistiúcháin AFITF	Glacadh ag bord AFITF				C1	2021	Glacfaidh bord AFITF na comhaontuithe cistiúcháin.
3-19	C3.I3 Soghluaisteach t laethúil	Cuspóir sonrach	Bonneagar iompair phoiblí		Km	0	20	R4	2024	Líon na gciliméadar d'iompar poiblí athchóirithe nó nuachruthaithe atá curtha in áirithe do lánaí, rianta nó iarnróid.
3-20	C3.I3 Soghluaisteach t laethúil	Cuspóir sonrach	Bonneagar iompair phoiblí		Km	20	100	C2	2026	Líon na gciliméadar de bhonneagar iompair phoiblí a dhéantar a athchóiriú, a oiriúnú, a nuachóiriú nó a chruthú as an nua.
3-21	C3.I4 Dlús a chur le hoibreacha bonneagair iompair	Garspríoc	Comhaontuithe cistiúcháin AFITF	Glacadh ag bord AFITF				C1	2021	Glacfaidh bord AFITF na comhaontuithe cistiúcháin.

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspíocanna	Táscaire cainníochtúil le haghaidh na sprice			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
3-22	C3.I4 Dlús a chur le hoibreacha bonneagair iompair	Garspíoc	Síniú ASP (l'Agence de Services et de Paiement) an chomhaontaithe cistiúcháin le haghaidh stáisiúin luchtaithe nua	Glacadh na gcomhaontuithe cistiúcháin ag ASP				R4	2021	Síniú ASP (l'Agence de Services et de Paiement) an chomhaontaithe cistiúcháin le haghaidh stáisiúin luchtaithe nua.
3-23	C3.I4 Dlús a chur le hoibreacha bonneagair iompair	Cuspóir sonrach	Stáisiúin luchtaithe		Uimhir	0	1 500	C2	2023	Líon na stáisiúin luchtaithe atá ar oscailt don phobal.
3-24	C3.I4 Dlús a chur le hoibreacha bonneagair iompair	Cuspóir sonrach	Ciliméadair lánaí atá curtha in áirithe curtha i gcrích		Km	0	20	C2	2023	Ciliméadair de lánaí atá curtha in áirithe d'iompar poiblí nó do roinnt carranna curtha i gcrích.
3-25	C3.I4 Dlús a chur le hoibreacha bonneagair iompair	Cuspóir sonrach	Tionscadail a cuireadh i gcrích ar uiscebhealaí		Uimhir	0	100	R4	2024	An t-athchóiriú agus an nuachóiriú ar thionscadail le haghaidh uiscebhealaí a thabhairt chun críche, lena n-áirítear loic agus dambaí.
3-26	C3.I4 Dlús a chur le hoibreacha bonneagair iompair	Garspíoc	Líonra CROSS agus córas uimhriúil na ngnóthaí muirí a nuachóiriú	Tuarascáil ina bhfuil fianaise ar chur i gcrích na n-oibreacha				R4	2024	Nuachóiriú líonra CROSS agus an chórais uimhriúil do ghnóthaí muirí a thabhairt chun críche.
3-27	C3.I5 Glasú fhliú gluaisteán an Stáit	Cuspóir sonrach	Líon na bhfeithiclí leictreacha agus na bhfeithiclí hibrídeacha inluchtaithe a cheannaigh riarachán		Uimhir	0	1 291	C2	2021	Feithiclí leictreacha agus hibrídeacha inluchtaithe san iomlán le haghaidh na hAireachta Gnóthaí Baile, na hArd-Stiúrthóireachta Custaim agus Máil agus na hAireachta Dlí agus Cirt (carnach).

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspríocanna	Táscaire cainníochtúil le haghaidh na sprice			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			na Fraince							
3-28	C3.15 Glasú fhlít gluaisteán an Stáit	Cuspóir sonrach	Líon na bhfeithiclí leictreacha agus na bhfeithiclí hibrideacha inluchtaithe a cheannaigh riarachán na Fraince		Uimhir	1 291	4 200	C3	2023	Feithiclí leictreacha agus hibrideacha inluchtaithe san iomlán le haghaidh na hAireachta Gnóthaí Baile, na hArd-Stiúrthóireachta Custaim agus Máil agus na hAireachta Dlí agus Cirt (carnach).
3-29	C3.16 Glasú cuanta	Garspríoc	Comhaontuithe cistiúcháin AFITF	Glacadh ag bord AFITF				C1	2021	Glacfaidh bord AFITF na comhaontuithe cistiúcháin.
3-30	C3.16 Glasú cuanta	Cuspóir sonrach	Naisc leictreacha nua ar dhugaí		Uimhir	0	9	R4	2023	Suiteáil nasc nua leictreachais ar dhugaí cuain a thabhairt chun críche, amháil ar líonra duga Havre-Rouen-Páras, calafort Marseille nó duga Pointe des Grives i gcuan Martinique.
3-31	C3.16 Glasú cuanta	Cuspóir sonrach	Soithí a chlárú		Uimhir	0	2	C1	2025	Cláraíodh soithí tarraingthe baoithe hibrideacha leictreacha. Is idir mí Feabhra 2020 agus mí Lúnasa 2026 atá an dáta tógála. Is é an t-úinéir cláraithe an tseirbhís 'Armement des phares et balises' (APB).
3-32	C3.17 Athléimneacht na n-eangach leictreachais a neartú	Garspríoc	Tús na dtionscadal	Tuarascáil ina bhfuil fianaise ar thús tionscadal				R4	2023	Tionscadail a bhaineann le heangacha leictreachais i gceantair thuaithe a thosú.

D. COMHCHUID 4: Fuinneamh glas agus teicneolaíochtaí glasa

Ghlac an Fhrainc sprioc laghdaithe astaíochtaí gás ceaptha teasa 40 % faoi 2030 i gcomparáid le leibhéal 1990, agus cuspóir chun aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050. Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, ní mór dlús a chur leis an taighde agus leis an nuálaíocht chun teicneolaíochtaí glasa a fhorbairt. Trí infheistíocht a dhéanamh i bpríomhtheicneolaíochtaí inbhuanaithe, rannchuideofar le tionscal na Fraince a chur i riocht fabhrach vis-à-vis margáí glasa atá ag teacht chun cinn.

Sa chomhthéacs sin, sa chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince, tá infheistíochtaí chun tacú leis an nuálaíocht i dteicneolaíochtaí glasa, faoin gceathrú ‘*Clár d’investissements d’avenir*’ (PIA4), trí straitéisí a shainiú i bpríomhearnálacha roghnaithe a bhaineann leis an aistriú glas, agus trí thacú leis an tionscal bearta a dhéanamh chun na straitéisí sin a chur chun feidhme. Comhlánaítear é sin le hathchóiriú ar rialachas an PIA chun a éifeachtúlacht a mhéadú, rud a bhfuil coinne leis go rachaidh sé chun tairbhe ní hamháin do ghníomhaíochtaí PIA4 maidir le nuálaíocht ghlas, ach freisin do réimsí eile (e.g. nuálaíocht dhigiteach, gnólachtaí nuálacha, agus tacaíocht d’éiceachórais teagaisc, taighde, luachshocraithe agus nuálaíochta — féach bearta faoi chomhchodanna 6 agus 9).

Tá dhá bheart infheistíochta spriocdhírthe eile sa chomhpháirt sin freisin, (i) chun forbairt hidrigine in-athnuaite agus ísealcharbóin a chur chun cinn, mar bhealach chun tacú le dícharbónú an gheilleagair, agus (ii) chun tacú le tionscal na haerloingseoireachta na deacrachtaí eacnamaíochta atá ann faoi láthair a shárú agus chun aistriú i dtreo tionscal ísealcharbóin.

Rannchuidíonn na bearta sin le cuspóir an aistrithe ghlais agus leis an sprioc aeráide a bhaint amach. Cuidíonn siad freisin le haghaidh a thabhairt ar na moltaí tírshonracha atá dírithe ar an bhFrainc maidir leis an ngá atá le beartas a bhaineann le hinfeistíocht a dhíriú ar an aistriú glas agus ar an aistriú digiteach, go háirithe ar iompar inbhuanaithe, ar tháirgeadh agus ar úsáid fuinnimh atá glan agus éifeachtúil, agus ar thaighde agus ar nuálaíocht (CSR3, 2019 agus CSR 3, 2020).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

D.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (C4.R1): Rialachas an *Chláir d’investissements d’avenir* (PIA)

Is é is aidhm don athchóiriú seo feabhas a chur ar rialachas na *scéime ‘Programme d’Investissements d’Avenir’* (PIA), trí chur leis an taithí a fuarthas ó scéimeanna roimhe seo.

Thionscain an Fhrainc scéimeanna PIA in 2010, agus é mar aidhm acu nuálaíocht a chothú agus a mhaoiniú i réimsí straitéiseacha, ó theacht chun cinn smaointe go scaipeadh seirbhísí agus táirgí nua ar mhargaí. Tá an ceathrú ‘*Programme d’Investissements d’Avenir*’ (PIA4) á reáchtáil ag an bhFrainc anois, lena gcuimhdaítear tréimhse 5 bliana idir 2021 agus 2025, agus é d’aidhm aici rannchuidiú le todhchaí na Fraince a mhúnlú i dtréimhse ama 2030. Tá PIA4 roinnte ina dhá chuid: sraith ‘nuálaíocht dhírthe’ (*‘volet dirigé’*) chun infheistíochtaí eisceachtúla a mhaoiniú in earnálacha tosaíochta agus i bpríomhtheicneolaíochtaí don todhchaí; agus sraith ‘struchtúrach’ (*‘volet structurel’*) chun infheistíochtaí struchtúracha agus nuálaíocht san ardoideachas agus in éiceachórais taighde a mhaoiniú.

Mar chuid den athchóiriú seo, ag tógáil ar na moltaí a rinne an *Comité de surveillance des investissements d'avenir*, bainfidh PIA4 tairbhe as stiúradh straitéiseach níos soiléire, trí *Conseil interministériel de l'innovation ardleibhéal a bhunú, lena dtabharfar le chéile* airí ábhartha timpeall an Phríomh-Aire chun treoshuímh agus tosaíochtaí an bheartais nuálaíochta a chinneadh. Leathnófar misin an *Comité de surveillance des investissements d'avenir* iad féin chuig ról comhairleach don *Conseil interministériel de l'innovation* i bhforbairt beartas nuálaíochta agus i sainaitheint tosaíochtaí infheistíochta nua.

Cothaítear an nuálaíocht trí ‘straitéisí luasghéaraithe’ arna bhforbairt ag tascfhórsaí tiomnaithe le saineolaithe eolaíoch le haghaidh príomhtheicneolaíochtaí tosaíochta agus margaí a bhfuil ardacmhainneacht fáis acu. A luaithe a dhéantar ‘straitéisí luasghéaraithe’ a bhailíochtú, seoltar glaonna ar léiriú spéise agus/nó glaonna ar thograí, atá curtha in oiriúint do riachtanais shonracha gach straitéise. Roghnaítear tionscadail ansin trí nósanna imeachta iomaíochta. Tá maoiniú geallta de réir mar a sheoltar glaonna ar thionscadail agus de réir mar a roghnaítear tionscadail. Mar chuid den athchóiriú reatha, déantar próisis chun ‘straitéisí luasghéaraithe’ a fhorbairt agus a chur chun feidhme a chuíchóiriú chun cur chuige níos soiléire agus níos comhtháite a áirithiú (rialúcháin, fioscach, dírithe ar thacaíocht, etc.) maidir le fadhbanna a shainaithnítear, agus chun rannchuidiú le cáilíocht na n-infheistíochtaí, trí phróisis dhiana roghnúcháin, faireacháin agus meastóireachta córasaí.

Chuir an Fhrainc roinnt beart a bhaineann le PIA4 san áireamh ina plean téarnaimh agus athléimneachta, agus is é is aidhm don athchóiriú sin tairbhí a thabhairt ar fud na mbeart sin — ní hamháin a mhéid a bhaineann le hInfheistíocht 1 maidir leis an nuálaíocht ghlas mar chuid den chomhpháirt reatha, ach freisin maidir le réimsí eile (an nuálaíocht dhigiteach, gnólachtaí nuálacha, agus tacaíocht d’éiceachórais teagaisc, taighde, luachshocraithe agus nuálaíochta — féach bearta faoi chomhpháirteanna 6 agus 9).

Infheistíocht 1 (C4.I1): Nuáil don aistriú glas

Is é is aidhm don infheistíocht sin dlús a chur leis an infheistíocht in ardeicneolaíochtaí don aistriú glas agus dlús a chur léi, i gcomhthéacs an cheathrú *Clár d’investissements d’avenir* (PIA4).

Leis an infheistíocht sin, maoiníofar tionscadail nuálaíochta, ag tógáil ar sheacht ‘straitéisí luasghéaraithe’ maidir leis an aistriú glas, a forbraíodhfaoi ‘voletdirigé’ de PIA4.

Díríonn an chéad cheann de na ‘straitéisí luasghéaraithe’ sin ar **hidrigin dhícharbónaithe**. Bailíochtaíodh é cheana féin i mí Mheán Fómhair 2020 agus bíonn gníomhaíochtaí oibríochtúla mar thoradh air, (i) glao ar thionscadail maidir le ‘*Briques technologiques et démonstrateurs*’, arb é is aidhm dó comhpháirteanna agus córais a bhaineann le táirgeadh, iompar agus úsáid hidrigine a fhorbairt nó a fheabhsú, agus tacú le tionscadail taispeántais, agus (ii) IPCEInna maidir le hidrigin a thógáil (cf. Infheistíocht 2), lena rannchuidíonn creat PIA4.

Cuirfear na sé ‘straitéisí luasghéaraithe’ eile seo a leanas i bhfeidhm:

- **Dícharbónú na tionsclaíochta**, arb é is aidhm dó borradh a chur faoi réitigh teicneolaíochtaí atá ann cheana agus iad a chur in úsáid chomh maith le teicneolaíochtaí suaiteacha i gcás inarb é an dúshlán atá ann taispeántóir, paitinn agus margadh a thionsclú mar réiteach nuálach. Go háirithe, díreofar sa straitéis ar éifeachtúlacht fuinnimh na bpróiseas a fheabhsú, meascán fuinnimh an tionscail a dhícharbónú (go háirithe teas), agus próisis saor ó charbón a chur in úsáid agus carbón a ghabháil agus a stóráil nó a úsáid.
- **Córais talmhaíochta inbhuanaithe**, lena dtacaítear freisin le trealamh talmhaíochta a rannchuidíonn leis an aistriú glas trí aistriú ó mheicniú go trealamh talmhaíochta cliste agus nasctha a chumasú, trí ionchuir iontaise nó shintéiseacha a ionadú nó a theorannú agus trí roghnú pobal ainmhithe agus plandaí atá ilfheidhmeach agus athléimneach a fhorbairt.

- **Athchúrsáil agus athchorprú ábhar athchúrsáilte**, arb é is aidhm dóibh teacht chun cinn samhla atá bunaithe ar amhábhair athchúrsáilte a chuirtear in ionad óghábhar trí shlabhra luacha athchúrsála comhleanúnach agus comhtháite. Sainaithear cúig ábhar mar thosaíochtaí ag an gcéim seo: miotail straitéiseacha, plaistigh, cumaisc, páipéar/cairtchlár agus teicstílí.
- **Cathracha inbhuanaithe agus foirgnimh nuálacha**. Agus é mar aidhm sraoilleáil uirbeach a laghdú chun dochair do thalamh talmhaíochta agus do spásanna nádúrtha, agus cathracha a dhéanamh níos tíosaí ar acmhainní, níos athléimní, níos cuimsithí agus níos táirgiúla, tacóidh an straitéis seo le taispeántóirí críochacha nuálacha agus inmhasamhlaithe, agus béim ar leith á leagan ar uirlisí agus modhanna a shainiú chun athchóiriú fuinnimh foirgneamh a chur chun cinn ar mhórsála; earnáil an adhmaid agus na n-ábhar geofhoinse a struchtúrú d'fhonn neodracht carbóin a bhaint amach; agus aistriú digiteach cathracha agus na hintleachta saorga.
- **Digitíú agus dícharbónú na soghluaisteachta**, chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a rialú trí dhlús a chur le haistriú glas na hearnála, agus soláthar réiteach iompair laethúil a fhorbairt agus a fheabhsú i ngach réigiún ag an am céanna. Is iad na réimsí tosaíochta barrfheabhsú oibríochtaí agus bonneagair, claochlú digiteach agus uathobriú. Is é is aidhm don straitéis aghaidh a thabhairt ar gach modh iompair — iompar paisinéirí ach lóistíocht freisin. Díreoidh sé go háirithe ar léiritheoirí agus ar phíolótaí córas agus seirbhísí, ar dheireadh a chur le bacainní ar uas-scálú, ar shamhlacha gnó a thástáil agus ar oiriúnú an chreata rialála a ullmhú más gá.
- **Táirgí Bithbhunaithe agus Bith-theicneolaíochtaí Tionsclaíocha — Breoslaí Inbhuanaithe**, arb é is aidhm dóibh forbairt bith-theicneolaíochtaí tionsclaíocha sa Fhrainc agus táirgí bithbhunaithe a chur chun cinn, go háirithe chun táirgí peitriiliam a ionadú. Dá bhrí sin, is é is aidhm don straitéis earnáil thionsclaíoch táirgí bithbhunaithe agus breoslaí inbhuanaithe de chuid na Fraince a fhorbairt, go háirithe d'earnáil na haerloingseoireachta. Rachaidh sé i gceanglaíocht leis an éileamh ar tháirgí bithbhunaithe.

A luaithe a bheidh na straitéisí sin bailíochtaithe faoi dheireadh 2021, beidh glaonna ar thionscadail nó glaonna ar léiriú spéise mar thoradh orthu (atá le seoladh faoi dheireadh 2022), chun cur chun feidhme gníomhaíochtaí nithiúla a roghnú agus chun tacú leis an gcur chun feidhme sin. Tá an infheistíocht i bplean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince le tacú le cuid de na costais ghaolmhara.

Áireofar sna téarmaí tagartha le haghaidh glaonna ar thionscadail atá le teacht mar chritéar incháilitheachta chun neodracht chomhshaoil chur i bhfeidhm an réitigh chistithe a áirithiú, ar bhealach lena n-áiríteofar go gcomhlíonfaidh an beart an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ de Rialachán (AE) 2021/241. Comhlánóidh sé sin an fíoras, nuair is infheidhme, go bhfuil critéir chomhshaoil mar chuid de na critéir roghnúcháin do thionscadail, agus go gceanglaítear ar oibreoirí anailís chriticiúil a dhéanamh ar a dtograí bunaithe ar shaineolas inmheánach agus seachtrach; go liostaítear an t-aistriú glas de réir an dlí mar cheann de chuspóirí an PIA, agus nach mór do chomhlachtaí rialaithe an PIA cur i bhfeidhm na gcuspóirí sin a áirithiú, a ndéantar faireachán air trí tháscaire tiomnaithe. Mar thoradh air sin, eisiafar (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iarteachtach⁹; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna

⁹ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhara, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

ábhartha¹⁰; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola¹¹ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla¹²; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaoil.

Infheistíocht 2 (C4.I2): Hidrigin dhícharbónaithe a fhorbairt

Is é is cuspóir don bheart seo feabhas a chur ar shlabhraí luacha na Fraince chun hidrigin in-athnuaite agus ísealcharbóin a tháirgeadh, agus chun an hidrigin sin a úsáid in earnálacha iartheachacha, úsáide deiridh, amhail earnáil an iompair agus earnáil na tionsclaíochta.

Is éard atá sa bheart tacaíocht airgeadais a chur ar fáil faoi na Tionscadail Thábhachtacha ar mhaithe le Leas na hEorpa i gCoitinne (IPCEI) maidir le hidrigin.

Infheistíocht 3 (C4.I3): Plean tacaíochta d'earnáil na haerloingseoireachta

Is é is cuspóir don bheart seo cuidiú le tionscal na haerloingseoireachta na dúshláin eacnamaíocha atá ann faoi láthair a shárú trína acmhainneachtaí a choinneáil ar bun agus a éagsúlú agus trína fheidhmíocht chomhshaoil agus dhigiteach a mhéadú; agus infheistíocht a dhéanamh in T & F claochlaitheach chun an t-aeriompar a dhícharbónú.

Is éard atá sa bheart: (i) ciste tacaíochta infheistíochta chun cuideachtaí in earnáil na haerloingseoireachta a éagsúlú, a nuachóiriú, agus a chlaohlú go digiteach agus ó thaobh an chomhshaoil de, agus (ii) tacaíocht do T&F;D i dteicneolaíochtaí 'aerárthaí glasa' chun glúin nua aerárthaí 'il-mhaolra' nó 'saor ó astaíochtaí' a ullmhú.

¹⁰ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

¹¹ Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

¹² Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht amhphróiseas dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

D.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
4-1	C4.R1: Athchóiriú ar Governanc e de Programm e d'investissements d'avenir (PIA)	Garsprioc	Rialachas athbhreithnithe an <i>Chláir d'investissements d'avenir</i>	Teacht i bhfeidhm	—	—	—	C1	2021	Teacht i bhfeidhm an athraithe reachtaigh agus an chreat-chomhaontaithe lena gcuirtear an rialachas nua i bhfeidhm leis an méid seo a leanas go háirithe: <ul style="list-style-type: none"> - Comhairle Nuálaíochta Idir-aireachta a bhunú ina dtabharfar le chéile na hairí inniúla timpeall an Phríomh-Aire, agus lena gcinnear treoshuimh agus tosaíochtaí don bheartas nuálaíochta; - Misin an Choiste Maoirseachta um Infheistíochtaí sa Todhchaí a leathnú chun comhairle a chur ar an gComhairle Nuálaíochta Idir-aireachta maidir le beartais nuálaíochta a fhorbairt agus tuairim chomhairleach a chur ar fáil maidir le tosaíochtaí infheistíochta nua a shainiú.
4-2	C4.I1: Nuáil don aistriú glas	Cuspóir sonrach	Líon na 'straitéisí luasghéaraithe' bailíochtaithe	—	Uimhir	0	7	R4	2021	Líon na 'straitéisí luasghéaraithe' bailíochtaithe (hidrigin dhíchárbónaithe, dícharbónú na tionsclaíochta, córais talmhaíochta inbhuanaithe, athchúrsáil agus athchorprú ábhar athchúrsáilte, cathracha inbhuanaithe agus nuálaíocht foirgnimh, digitiú agus dícharbónú soghluaisteach, táirgí bithfhoinsithe agus bith-theicneolaíochtaí tionsclaíocha — breosláí inbhuanaithe).

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
4-3	C4.I1: Nuáil don aistriú glas	Garspríoc	Seoladh glaonna ar thograí nó glaonna ar léiriú spéise	Foilseachán ar shuíomh gréasáin ‘Secrétariat Général pour l’Investissement’ (SGPI)	—	—	—	R4	2022	Gach glao ar thograí nó ar spéis faoin mbeart seo le haghaidh na straitéisí a glacadh faoi spríoc 4-2 a seoladh, le téarmaí tagartha lena n-áirítear mar chritéar incháilitheachta chun neodracht chomhshaoil fheidhmchláir an réitigh chistithe a áirithiú.
4-4	C4.I1: Nuáil don aistriú glas	Garspríoc	Dámhachtain na gconarthaí lena gcuirtear chun feidhme cinneadh an Phríomh-Aire	Tuarascáil ó ‘Secrétariat Général pour l’Investissement’ (SGPI)	—	—	—	R4	2023	Cinneadh cur chun feidhme ón bPríomh-Aire tar éis dhúnadh na nglaoanna ar thograí/na nglaoanna ar léiriú spéise a seoladh faoi garspríoc 4-3; conradh a cheadú leis na tairbhíthe trí chomhaontuithe nó conarthaí eile chun cistí a dheonú atá le síniú.
4-8	C4.I2: Hidrigin dhícharbónaith e a fhorbairt	Garspríoc	Síniú an chinnidh chun tacaíocht airgeadais a shannadh do thionscnóirí príobháideacha faoi IPCEI maidir le hidrigin	Foilsíú ar leathanach gréasáin	—	—	—	C3	2022	Síniú an chinnidh chun tacaíocht airgeadais a shannadh do thionscnóirí príobháideacha faoi IPCEI maidir le hidrigin.
4-9	C4.I2: Hidrigin dhícharbónaith e a fhorbairt	Cuspóir sonrach	Acmhainneacht táirgeachta leictrealóirí		MWeq/bl		140	R4	2025	Coimisiúnaíodh uastuilleadh líne táirgeachta 140 MWeq/bliain ar a laghad de leictrealóirí (arna shloinneadh i dtomhaltas leictreachais ionchurbhunaithe).

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
4-10	C4.I3: Plean tacaíochta d'earnáil na haerloingseoireachta	Cuspóir sonrath	Líon na dtionscadal a roghnaíodh le haghaidh tacaíochta faoin gciste tacaíochta infheistíochta	—	Uimhir	0	174	C1	2022	Líon na dtionscadal a roghnaíodh, bunaithe ar théarmaí tagartha lena n-áirítear mar chritéar incháilitheachta go rannchuideoidh bearta roghnaithe leis an aistriú glas, a gheobhaidh tacaíocht ón gciste tacaíochta infheistíochta chun éagsúlú, nuachóiriú agus claochlú digiteach agus comhshaoil (carnach) cuideachtaí a chur chun cinn.
4-11	C4.I3: Plean tacaíochta d'earnáil na haerloingseoireachta	Cuspóir sonrath	Líon na dtionscadal T & F chun aerárthaí ísealcharbóin agus fuinneamhéifeachtúla a roghnaíodh a chur chun cinn	—	Uimhir	0	200	R4	2022	Líon na dtionscadal T & F chun aerárthaí ísealcharbóin atá tiosach ar fhuinneamh a chur chun cinn, arna roghnú le critéar incháilitheachta go rannchuideoidh tionscadail roghnaithe leis an aistriú glas (carnach).
4-12	C4.I3: Plean tacaíochta d'earnáil na haerloingseoireachta	Cuspóir sonrath	Líon na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht, faoin gciste tacaíochta infheistíochta	—	Uimhir	0	140	R4	2025	Líon na dtionscadal a fhaigheann tacaíocht. I gcás nach ndearnadh measúnú ar thionscadal cheana faoi 4-10, rannchuideoidh an tionscadal (i) leis an aistriú glas, i gcomhréir le cuspóirí an chiste tacaíochta infheistíochta chun éagsúlú, nuachóiriú agus claochlú digiteach agus comhshaoil cuideachtaí a chur chun cinn, agus (ii) eisiafar oibreoirí aerárthaí (go háirithe aerfoirt agus aerlínte) mar thairbhíthe tionscadail chun a áirithiú go gcomhlíonfar an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh'.

E. COMHPHÁIRT 5: Tacaíocht do ghnólachtaí

Le Comhchuid 5 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince, féachtar le haghaidh a thabhairt ar bhacainní ar infheistíocht tríd an timpeallacht rialála a shimpliú chun tacú le téarnamh dinimiciúil. Tá sé d'aidhm aige freisin a áirithiú go n-urramóidh cuideachtaí a thairbhíonn den chabhair critéir eile, amhail an claochlú sóisialta agus comhshaoil atá riachtanach don téarnamh.

Baineann an chomhpháirt le moladh tírshonrach 2019.4 agus 2020.4 maidir le srianta rialála a laghdú agus fás gnólachtaí a chothú.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

E.1. Tuairisc ar na hathchóirithe

Athchóiriú C5.R1: Dlí maidir le gníomhaíocht phoiblí a luathú agus a shimpliú ('loi ASAP')

Is é is cuspóir do dhlí ASAP,¹³ a fógraíodh i mí na Nollag 2020, an riarachán a thabhairt níos gaire do na saoránaigh, forbairtí gnó a éascú agus nósanna imeachta riaracháin a shimpliú do ghnólachtaí agus do dhaoine aonair araon. Is é is cuspóir don athchóiriú cuid de na forálacha cur chun feidhme atá fágtha a chur chun feidhme:

- Foráiltear leis an dlí, más rud é gur cheart rialacháin, go háirithe i gcúrsaí comhshaoil, a leasú le linn scrúdú a dhéanamh ar thionscadal tionsclaíoch, go leanfaidh an t-iarratas ar thionscadal de bheith faoi réir na bhforálacha rialála céanna a bhí i bhfeidhm tráth a cuireadh an t-iarratas isteach. Leagfar síos leasuithe ar roinnt forálacha comhshaoil i bhforaitheanta ar leithligh, amhail na coinníollacha faoina bhféadfaidh an tAire Comhshaoil measúnú nua a iarraidh ar iarratas ar thionscadal tionsclaíoch, na coinníollacha beachta faoina bhféadfar measúnú comhshaoil nua a éileamh le haghaidh tionscadail pleanála uirbí, nó teorainneacha ama le haghaidh údarú comhshaoil d'oibreacha lena dtugtar aghaidh ar éigeandáil shibhialta.
- Foráiltear leis an dlí freisin do shimpliú na rialacha is infheidhme maidir le cógais a dhíol ar líne. Is leor do chógaslanna oscailt suímh ghréasáin a dhearbhu, seachas iallach a bheith orthu fanacht ar réamhúdarú.
- Cuíochóiriú na gcoimisiún comhairleach: déanfar níos mó ná 15 choiste a dhíothú nó a chumasc, agus saineofar na coinníollacha sonracha maidir le cumasc nó díothú i bhforaitheanta ar leithligh. Áirítear ar na coistí a gcuirfear deireadh leo an *Observatoire de la récidence* nó an *Conseil supérieur de la mutualité*, agus déanfar coistí eile, amhail an *Conseil supérieur de l'égalité professionnelle* agus an *Haut conseil à l'égalité* (HCE) chomh maith le comhlachtaí comhairleacha éagsúla maidir le caidreamh saothair, a chumasc.

Athchóiriú C5.R2: Rannchuidiú na bhfiontar le claochluithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil i gcomhthéacs an téarnaimh

Baineann an t-athchóiriú sin le hAirteagal 244 den dlí maoiniúcháin (*Loi de finances*) le haghaidh 2021, a glacadh go sonracha chun a áirithiú go nglacfaidh cuideachtaí a thairbhíonn de chabhair faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince (agus faoin bplean náisiúnta ar bhonn níos leithne) páirt i gcur chuige aistrithe éiceolaíoch, go gcuirfidh siad comhionannas inscne chun cinn, agus go dtabharfaidh siad rannpháirt dá bhfostaithe agus go gcuirfidh siad ar an eolas iad faoi úsáid

¹³ Loi n°2020-1525 du 7 décembre 2020.

na gcistí a fhaightear ón Stát. Forchuirtear leis na hoibleagáidí seo a leanas ar chuideachtaí a thairbhíonn de chabhair faoin phlean náisiúnta ‘France Relance’¹⁴:

- Ceanglaítear ar gach cuideachta a bhfuil níos mó ná 50 fostaí aici iarmhéid simplithe astaíochtaí gás ceaptha teasa a fhoilsiú faoin 31 Nollaig 2022 (an 31 Nollaig 2023 i gcás cuideachtaí a bhfuil idir 51 agus 250 fostaí acu), iarmhéid a thabharfar cothrom¹⁵ le dáta gach 3 bliana ina dhiaidh sin.
- Méadaítear na hoibleagáidí i réimse an chomhionannais inscne san ionad oibre. Chomh maith leis an scór foriomlán a fhaightear in innéacs an chomhionannais ghairmiúil a fhoilsiú, ní mór do¹⁶ chuideachtaí a bhfuil níos mó ná 50 fostaí acu a thairbhíonn de chabhair faoi phlean téarnaimh na Fraince an toradh a fhaightear le haghaidh gach ceann de na fotháscairí atá san Innéacs a fhoilsiú gach bliain faoin 1 Márta ar a dhéanaí. Tá an foilseachán seo ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin na hAireachta Saothair. Ina theannta sin, mura bhfuil tairseach bainte amach acu a leagtar síos le foraithe, ceanglaítear ar chuideachtaí spriocanna dul chun cinn a leagan síos agus a fhoilsiú le haghaidh gach ceann de tháscairí an Innéacs. Ar deireadh, ceanglaítear ar chuideachtaí atá faoi réir na hoibleagáide bearta ceartaitheacha a ghlacadh, mar gheall ar scór foriomlán Innéacs faoi bhun 75 phointe, na bearta ceartaitheacha sin a fhoilsiú. Sonraíodh na nósanna imeachta foilseacháin le Foraitheanta Uimh. 2021-265 an 10 Márta 2021 agus Uimh. 2022-243 an 25 Feabhra 2022.
- Déantar rialachas corparáideach a neartú: le linn an chomhairliúcháin bhliantúil maidir le ‘treoirilínte straitéiseacha an ghnóthais’ dá bhforáiltear cheana le dlí¹⁷, cuirtear an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta ar an eolas faoi mhéid, cineál agus úsáid na cabhrach a fuair an gnóthas faoi bhearta an phlean téarnaimh.

¹⁴ Neamhspleáchas na [Fraince: découvrez les priorités du plan | Gouvernement.fr](https://www.gouvernement.fr/france-decouvrez-les-priorites-du-plan).

¹⁵ Cumhdaítear leis ‘raon feidhme 1’ de réir bhrí ISO 14064-1.

¹⁶ Féach, e.g.: <https://travail-emploi.gouv.fr/droit-du-travail/egalite-professionnelle-discrimination-et-harcelement/indexegapro>.

¹⁷ Féach, e.g.: https://www.legifrance.gouv.fr/codes/article_lc/LEGIARTI000037385809/.

E.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
5-1	C5.R1 Cur chun feidhme dhlí ASAP	Garsprioc	Dlí Uimh.2020-1525 (loi ASAP)	Teacht i bhfeidhm				C2	2022	Teacht i bhfeidhm foraitheanta cur chun feidhme dhlí ASAP, lena gcumhdaítear an méid seo a leanas ar a laghad: - Diúscairtí soláthair/athnuachan ballraíochta spóirt agus teastais leighis a chur chun feidhme - Iarrataí ar údarú comhshaoil a threorú in imthosca sibhialta práinneacha - Forálacha a bhaineann le comhaontuithe maidir le comhroinnt brabúis, rannpháirtíocht nó plean coigiltis d'fhostaithe
5-2	C5.R2 Rannchuidiú na bhfiontar le claochluithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil	Garsprioc	Airteagal 244 de Dhlí Uimh. 2020-1721 (loi de finances) 2021)	Foilsíú ar shuíomh gréasáin na hAireachta Saothair (fotháscairí)				C1	2023	I gcás cuideachtaí a bhfuil níos mó ná 50 fostaí acu a bhaineann tairbhe as cabhair ó phlean téarnaimh na Fraince, foilsíú an toraidh a fhaightear le haghaidh gach ceann de na fotháscairí atá san Innéacs, agus, i gcás cuideachtaí a bhfuil a scór foriomlán faoi bhun na tairisí a leagtar síos le foraithe, na spriocanna dul chun cinn a leagtar síos le haghaidh gach ceann de na fotháscairí sin.

F. COMHCHUID 6: Ceannasacht theicneolaíoch agus athléimneacht

Ag thart ar 2.2 % in 2019, tá sciar na Fraince de chaiteachas T & F in OTI fós faoi bhun na sprice 3 % a leagtar síos le Straitéis Liospóin, agus faoi bhun sciar na bpríomhthíortha sa nuálaíocht agus sa teicneolaíocht.

Is é is cuspóir do chomhchuid 6 de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince tacú le hinfheistíochtaí sa taighde agus sa nuálaíocht chun feidhmíocht nuálaíochta agus uathriail straitéiseach/ceannasacht theicneolaíoch na Fraince a fheabhsú. Dírionn sé ar theicneolaíochtaí straitéiseacha agus nuálaíocht a fhorbairt i bpríomhearnálacha na todhchaí, agus é mar aidhm aige seasaimh na Fraince sna hearnálacha sin a neartú agus athléimneacht an gheilleagair a mhéadú.

Sa chomhthéacs sin, áirítear sa chomhpháirt dhá infheistíocht chothrománacha faoin gceathrú ‘*Clár d’Investissements d’Avenir*’ (PIA4): (i) tá sé d’aidhm ag ceann amháin acu tacú le príomh-mhargáí digiteacha a fhorbairt (cibear-mhargáí, néal-mhargáí, margaí candamacha, earnálacha na teicníochta, na hintleachta saorga, agus earnálacha an chultúir agus na cruthaitheachta) chun seasaimh na Fraince in earnálacha straitéiseacha na todhchaí a neartú; (II) an dara ceann chun tacú le nuálaíocht gnólachtaí in earnálacha straitéiseacha. Áirítear sa chomhpháirt freisin infheistíocht chun tacú leis an earnáil spáis agus le cistiú don spástaighde, chomh maith le hinfheistíocht chun tacú le fostaíocht in T & F. Comhlánaítear na hinfheistíochtaí sin le hathchóiriú (an Dlí maidir le Clársceidealú Taighde), arb é is aidhm dó cistiú poiblí do T & F a neartú, tarraingteacht gairmeacha eolaíoch a fheabhsú, agus naisc idir an lucht gnó agus an saol acadúil a mhéadú.

Cuidíonn an chomhpháirt sin le haghaidh a thabhairt ar na Moltaí Tírshonracha atá dírithe ar an bhFrainc maidir leis an ngá atá le ‘beartas eacnamaíoch a bhaineann le hinfheistíocht a dhíriú ar thaighde agus ar nuálaíocht’ (CSR 2019.3) nó le ‘infheistíocht a dhíriú ar [...] thaighde agus ar nuálaíocht’ (CSR 2020.3).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

F.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú C6.R1: Gnéithe struchtúracha den Dlí maidir le Clársceidealú Taighde

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le taighde agus an nasc idir an eolaíocht agus an geilleagar a threisiú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin gníomhaíochtaí an Dlí um Chlársceidealú Taighde a chur chun feidhme¹⁸ trí fhoraitheanta a ghlacadh, lena n-áirítear na foraitheanta sin atá dírithe ar chistiú taighde poiblí a mhéadú agus ar líon na n-earcuithe.

Infheistíocht C6-I1: Fostaíocht in T & F príobháideach a chaomhnú

Tacaíonn an beart seo le fostaíocht T & F tríd an gcomhar idir saotharlanna taighde poiblí agus gnólachtaí príobháideacha a neartú, trí chabhrú le céimithe óga poist a aimsiú in earnáil T & F agus trí ligean do thaighdeoirí i gcuideachtaí a scileanna a fhorbairt agus infhostaitheacht a fheabhsú.

¹⁸ Loi n° 2020-1674 an 24 Nollaig 2020.

I gcomhthéacs conartha taighde chomhoibríoch idir cuideachta agus struchtúr neamhbhrabúis a bhfuil gníomhaíocht taighde aige, ceadaítear leis an mbeart cuid de luach saothair phearsanra T & F a shanntar don chomhar sin a chumhdach. Tá an beart i bhfoirm ceithre ghníomhaíocht:

- Cuideachtaí a leithdháileann foireann T & F ar feadh tréimhse 12-24 mhí ar shaotharlanna taighde poiblí i gcomhthéacs comhthionscadail taighde, trína gcaitheann an taighdeoir nó na taighdeoirí lena mbaineann 80 % ar a laghad dá gcuid ama ar an tionscadal, lena n-áirítear 50 % i saotharlanna taighde.
- Cuideachtaí a cheadaíonn d'fhoireann T & F tús a chur le staidéar dochtúireachta le linn a ngairmréime, ar feadh tréimhse 36 mhí, ina mbíonn an taighdeoir/na taighdeoirí ag gabháil go lánaimseartha don dochtúireacht agus caitheann siad 50 % dá gcuid ama oibre i saotharlann taighde.
- Céimithe óga a bhfuil céim mháistreachta acu atá fostaithe ag institiúid taighde phoiblí agus a shanntar do chuideachta ar feadh tréimhse 12 mhí go 24 mhí chun oibriú ar chomhthionscadal taighde, trína n-oibríonn an taighdeoir nó na taighdeoirí ar feadh 80 % ar a laghad dá gcuid ama ar an tionscadal, lena n-áirítear 50 % ar a laghad sa chuideachta.
- Céimithe óga dochtúireachta atá fostaithe ag institiúid taighde phoiblí a thosaíonn iardhochtúireacht thionsclaíoch ar feadh tréimhse 12 go 24 mhí, trína gcaitheann an taighdeoir nó na taighdeoirí 80 % ar a laghad dá gcuid ama ar an tionscadal, lena n-áirítear 50 % e ar a laghad sa chuideachta.

Cumhdófar leis an mbeart idir 50 % agus 80 % de thuarastal na dtaighdeoirí lena mbaineann (le huasteorainn sheasta), ag brath ar an gcineál comhair, chomh maith le pacáiste tacaíochta EUR 15000 in aghaidh an taighdeora in aghaidh na bliana a sholáthar don tsaotharlann taighde. Tá feidhm ag an tacaíocht ar feadh thréimhse na dtionscadal comhair, agus tarraingítear siar í ina dhiaidh sin. Tacóidh an beart le 1200 taighdeoir san iomlán.

Infheistíocht C6-I2: Nuálaíocht a dhéanamh ar mhaithe le hathléimneacht ár samhlacha gnó

Is é cuspóir an bhirt seo tacú le hinfheistíocht chun príomhtheicneolaíochtaí digiteacha a fhorbairt, faoi 'voletdirigé' den cheathrú 'Clár d'Investissements d'Avenir' (PIA4).

Maoineofar leis, go sonrach, tionscadail a thagann faoi na sé 'straitéis luasghéaraithe' a bhfuil tuairisc orthu thíos:

- **Straitéis chun teicneolaíochtaí candamacha a fhorbairt:** i réimse an ríomha, is é an cuspóir atá ann fréamhshamhail iomlán de ríomhaire candamach ginearálta den chéad ghlúin a bheith ann faoi 2024. Tá sé d'aidhm aige freisin máistreacht a fháil ar theicneolaíochtaí candamacha (lena n-áirítear luasairí, ionsamhlóirí agus ríomhairí candamacha, bogearraí gnó le haghaidh ríomhaireacht chandamach, braiteoirí, córais chumarsáide), agus é de chuspóir aige díorma speisialtóirí na Fraince a dhúbailt trí oiliúint a chur ar 6600 dochtúir, máistir, innealtóir agus teicneoir, agus neamhthuilleamaíocht na Fraince a áirithiú maidir lena soláthar acmhainní chun teicneolaíochtaí candamacha a fhorbairt. Tá sé d'aidhm ag an straitéis freisin máistreacht a fháil ar acmhainneacht thionsclaíoch chriticiúil i dteicneolaíochtaí candamacha, go háirithe trí infheistíocht a dhéanamh i gcrióigineacht agus i léasair le haghaidh teicneolaíochtaí candamacha. Tá sé d'aidhm aige freisin slabhra táirgeachta tionsclaíoch iomlán a bheith ann le haghaidh Silicon 28, go háirithe chun táirgeadh féideartha candamghiotáin a chumasú.
- **Straitéis maidir leis an gcibearshlándaíl:** Is é is aidhm don straitéis dlús a chur leis an nuálaíocht chun máistreacht a fháil ar phríomhtheicneolaíochtaí na Fraince i bhfeidhmeanna criticiúla (amhail tionscal, sláinte agus soghluaisteacht) agus chun cumais chibearshlándaála a neartú laistigh den tionscal agus den tsochaí. Is iad na cuspóirí atá ann cur ar chumas na hearnála a láimhdeachas a mhéadú, líon na bpost san earnáil a dhúbailt

agus cabhrú le cuideachtaí ceannródaíocha domhanda a chruthú san earnáil.

- An t- **oideachas agus an straitéis dhigiteach: cumhdaítear leis** an straitéis claochlú digiteach an oideachais, ón naiscoil go dtí an ollscoil, agus é mar chuspóir aici aghaidh a thabhairt ar éifeachtúlacht an chórais oideachais, tacú le EdTech¹⁹ agus tacú le ceannaireacht na Fraince san earnáil sin. Is é is aidhm dó oiliúint a chur ar mhúinteoirí i gcleachtais nuálacha oideolaíocha agus tacú le cuideachtaí atá ann cheana cistí a thiomsú.
- **Straitéis do thionscail an chultúir agus na cruthaitheachta:** Is é is aidhm don straitéis táirgeadh ábhair dhigitigh a fhorbairt. Tacóidh infheistíochtaí le nuálaíocht theicneolaíoch, cruthú digiteach agus scaipeadh digiteach na hearnála. Is iad na cuspóirí luas reatha an aistrithe ó FBManna go ETI d'fhiontair chultúrtha a dhúbailt, an láimhdeachas onnmhairiúcháin a mhéadú agus moil chultúrtha a imscaradh faoi 2025 chun na críocha píolótacha a uisciú.
- **Straitéis le haghaidh 5G agus teicneolaíocht teileachumarsáide amach anseo:** Is é is aidhm don straitéis seo réitigh a fhorbairt maidir le líonraí teileachumarsáide agus rialú ó cheann go ceann a bhaint amach ar na réitigh sin trí thacaíocht a thabhairt don soláthar, do T & F agus don oiliúint, agus ag an am céanna úsáid 5G a fhorbairt ar mhaithe leis na réigiúin agus leis an tionscal. Is é is aidhm don straitéis 5G úsáidí 5G a fhorbairt in earnálacha tionsclaíocha ceannródaíocha, agus tacú le cur in úsáid réigiún cliste. Tá sé d'aidhm aige freisin infheistíocht a dhéanamh in T & F lasmuigh de 5G agus 6G (teicneolaíochtaí líonra amach anseo, nascacht ilchineálach réad nasctha, éifeachtúlacht fuinnimh líonraí, etc.). Tá sé d'aidhm aige freisin freagairt do riachtanais scileanna maidir le líonraí a bheidh ann amach anseo a dhearadh agus a chur in úsáid.
- **Straitéis Luasghéaraithe Néil: is é is aidhm don** straitéis néalréitigh iomaíocha a chruthú i ndeighleoga teicneolaíochta (bonneagar, ardáin agus bogearraí), d'fhonn tacú leis an bhFrainc agus le ceannaireacht na hEorpa ar an bpríomhtheicneolaíocht sin, agus trí chur chun feidhme an Tionscadail Thábhachtaigh Leasa Choitinn don Chéad Ghlúin Eile agus do Bonneagar agus Seirbhís Ríomhaireachta Ciumhaise, a bhfuil an Fhrainc ina comhordaitheoir air. Is iad na tionchair a bhfuiltear ag súil leo soláthar néalríomhaireachta iontaofa a fhorbairt arb é is aidhm dó an lorg carbóin a laghdú agus geilleagar sonraíbhunaithe a thógáil.

A luaithe a sheolfar straitéisí, seolfar glaonna ar léiriú spéise agus glaonna ar thograí ina dhiaidh sin, agus iad curtha in oiriúint do riachtanais shonracha gach straitéise. Roghnófar tionscadail (a dhéanann cuideachtaí nó eintitis taighde de ghnáth) ansin trí nósanna imeachta iomaíocha.

Déanfar leithreasuithe a ghealladh de réir mar a sheolfar glaonna ar thionscadail agus de réir mar a roghnófar tionscadail.

Áireofar sna téarmaí tagartha le haghaidh glaonna ar thionscadail atá le teacht mar chritéar incháilitheachta chun neodracht chomhshaoil chur i bhfeidhm an réitigh chistithe a áirithiú, ar bhealach lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh an beart an prionsabal 'gan dochar suntasach a dhéanamh' de Rialachán (AE) 2021/241. Comhlánóidh sé sin an fíoras, nuair is infheidhme, go bhfuil critéir chomhshaoil mar chuid de na critéir roghnúcháin do thionscadail, agus go gceanglaítear ar oibreoirí anailís chriticiúil a dhéanamh ar a dtograí bunaithe ar shaineolas inmheánach agus seachtrach; go liostaítear an t-aistriú glas de réir an dlí mar cheann de chuspóirí an PIA, agus nach mór do chomhlachtaí rialaithe an PIA cur i bhfeidhm na gcuspóirí sin a áirithiú, a ndéantar faireachán air trí tháscaire tiomnaithe. Mar thoradh air sin, eisiafar (i) gníomhaíochtaí

¹⁹ Le EdTech — dá ngairtear EdTech le haghaidh 'teicneolaíocht oideachais' de ghnáth — tugtar le chéile acmhainní teicneolaíochta agus réitigh dhigiteacha le haghaidh eolais, le haghaidh tarchuir, foghlama agus feidhmchláir.

a bhaineann le breoslaí iontaise, lena n-áirítear úsáid iarteachtach²⁰; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha²¹; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola²² agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla²³; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol.

Infheistíocht C6-I3: Tacaíocht a thabhairt do ghnólachtaí nuálacha

Is é cuspóir an bhirt seo infheistíocht T & F a mhaoiniú do chuideachtaí nuálacha, faoi ‘*volet structurel*’ den cheathrú ‘*Programme d’Investissements d’Avenir*’ (PIA4). Dírionn sé ar fhiontair nuálacha a dteastaíonn rochtain ar mhaoiniú uathu, ina n-aonar nó trí chláir chomhoibríocha, chun an riosca a bhaineann go dlúth lena dtionscadail T & F a chumhdach. Áirítear inti:

- **Comórtais nuálaíochta do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna: beidh an chabhair** sin ag gabháil le cruthú agus fás cuideachtaí teicneolaíochta nuálacha, trí chabhair chun taighdeoirí óga a threorú i dtreo gnólacht a chruthú, chun leas a bhaint as torthaí taighde phoiblí, agus ar deireadh chun tionscadail nuálaíochta gnólachtaí nuathionscanta agus FBManna a bhfuil ardacmhainneacht acu a mhaoiniú. Tagann buaiteoirí na geomórtas nuálaíochta ó roinnt earnálacha: an digitiú, an tsláinte, an t-iompar agus an tsoghluaisteacht inbhuanaithe, fuinneamh in-athnuaite, etc.
- **Tacaíocht do thionscadail struchtúrtha T & F: beidh an chabhair** sin ag gabháil le tionscadail chomhoibríocha a bhfuil baint ag cuideachtaí móra le FBManna agus cuideachtaí meánchaipitlithe (‘ETI’²⁴), le dreasacht chun oibriú le saotharlanna taighde ar thionscadail a eascraíonn as ‘*Comités stratégiques de filière*’. Leis na tionscadail sin, tugtar le chéile cuibhreannas ina bhfuil dhá chuideachta ar a laghad, d’fhonn sineirgí a chruthú agus aistriú eolais a chothú, agus d’fhonn doimhneacht agus déine theicneolaíoch táirgí nó seirbhísí nuálacha nua a neartú.

Áireofar sna téarmaí tagartha le haghaidh glaonna ar thionscadail atá le teacht mar chritéar incháilitheachta chun neodracht chomhshaoil chur i bhfeidhm an réitigh chistithe a áirithiú, ar bhealach lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh an beart an prionsabal ‘gan dochar suntasach a

²⁰ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

²¹ I gcás ina mbainfidh an gníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

²² Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart sin in ionaid a bhaineann go heisiach le dramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus maidir le hionaid atá ann cheana, i gcás ina mbaineann na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin le héifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola an ionaid ná síneadh ar shaolré na n-ionad mar thoradh ar gníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

²³ Níl feidhm ag an eisiamh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar gníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

²⁴ Féach e.g. <https://www.insee.fr/fr/metadonnees/definition/c2034>.

dhéanamh' de Rialachán (AE) 2021/241. Comhlánóidh sé sin an fíoras, nuair is infheidhme, go bhfuil critéir chomhshaoil mar chuid de na critéir roghnúcháin do thionscadail, agus go gceanglaítear ar oibreoirí anailís chriticiúil a dhéanamh ar a dtograí bunaithe ar shaineolas inmheánach agus seachtrach; go liostaítear an t-aistriú glas de réir an dlí mar cheann de chuspóirí an PIA, agus nach mór do chomhlachtaí rialaithe an PIA cur i bhfeidhm na gcuspóirí sin a áirithiú, a ndéantar faireachán air trí tháscaire tiomnaithe. Mar thoradh air sin, eisiafar (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breosláí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach²⁵; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha²⁶; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola²⁷ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla²⁸; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaoil.

Infheistíocht C6-I4: An Spás

Tacaíonn an beart le trí ghníomhaíocht ar leith:

- Ranníocaíocht ad hoc EUR 165000000 leis an nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES) chun freagairt do ghlaonna ar mhaoiniú arna seoladh ag GES chun cláir spáis a mhaoiniú, amhail misin eolaíoch, cláir satailíte a fhorbairt nó Clár Ariane 6 a mhaoiniú, clár forbartha córais lainseála roicéad arna bhainistiú ag Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE). Tá na cláir sin bunaithe ar ranníocaíochtaí deonacha ó na Ballstáit (“clár roghnach”). Tá rochtain uathrialach ar an spás ríthábhachtach chun misin eolaíochta agus taiscéalaíochta na hEorpa a chumasú, chomh maith le saothrú chláir spáis an Aontais amhail Galileo agus Copernicus.
- Tionscadail T & F ar na bealaí seo a leanas: (i) soláthar poiblí atá teoranta do thaighde i dteicneolaíochtaí straitéiseacha arna sainiú leis an Lárionad Náisiúnta um Staidéar Spáis (CNES) le feidhmeanna sibhialta agus dé-fheidhmeacha ar aon; (II); á iarraidh go mbeadh tionscadail ann i réimsí atá ábhartha d'earnáil an spáis amhail cumarsáid optúil, córais sholúbtha teileachumarsáide, agus teirminéil teileachumarsáide satailíte; (III) glao ar thionscadail chun tacú le príomhtheicneolaíochtaí i réimse na nanaitheicneolaíochta; (IV) comórtas náisiúnta le haghaidh feidhmeanna spáis (“Turas Spáis 2021”) a úsáidtear chun

²⁵ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

²⁶ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bhunaítear le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

²⁷ Níl feidhm ag an eisiáil sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loisce, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

²⁸ Níl feidhm ag an eisiáil sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

tionscadail T & F a roghnú le haghaidh feidhmeanna spáis nuálacha a bhfuil gealladh fúthu agus atá á reáchtáil ag gnólachtaí nuathionscanta nó FBManna;

- Tionscadail in Vernon, an suíomh ar a bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh ESA na chéad tástálacha chun ‘Prometheus’ a fhorbairt, inneall roicéad in-athúsáidte ar chostas íseal. Tacaíonn an beart le nuachóiriú na saoráide tástála innill roicéid in Vernon agus le páirc 10 heicteár de phainéil ghréine a chruthú, lena nginfear an méid leictreachais is gá chun méideanna riachtanacha hidrigine an tsuímh a tháirgeadh trí leictrealú. Ar deireadh, tacaíonn an beart seo le tionscadal trína n-aisghabhtar hidrigin a tháirgtear ar an láithreán mar sheachtháirge de phróisis thionsclaíocha (‘hidrgène fatal’) i mbreosla-chill.

F.2. Garspíocanna, spíocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspíocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spíocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
6-1	C6.R1 Dlí maidir le Clársceidealú Taighde	Cuspóir sonrath	Loi n° 2020-1674 an 24 Nollaig 2020 — teacht i bhfeidhm foraitheanta		Proportio n d'fhoraitheanta	0 %	60 %	R4	2023	Tháinig 60 % ar a laghad d'fhoraitheanta i bhfeidhm.
6-2	C6.R1 Dlí maidir le Clársceidealú Taighde	Cuspóir sonrath	Loi n° 2020-1674 du 24 décembre 2020 — earcuíthe faoi bhealach tionachta		Duine	0	100	R4	2022	Líon na n-earcuíthe riain tionachta (carnach 2021-2022).
6-3	C6.R1 Dlí maidir le Clársceidealú Taighde	Cuspóir sonrath	Loi n° 2020-1674 du 24 décembre 2020 — méadú ar mhaoiniú taighde poiblí		An Méid	EUR 12.9 billiún	EUR 14.7 billiún	C3	2025	Méadú ar chistiú taighde poiblí i gcomparáid le 2020, mar a léirítear sna doiciméid bhuiséadacha a chuir an rialtas ar fáil.
6-4	C6.I1 Fostaíocht T & F a chaomhnú	Cuspóir sonrath	Líon an phearsanra T & F a bhaineann tairbhe as an mbeart		Duine	0	1 200	R4	2022	Líon iomlán an phearsanra T & F a bhaineann tairbhe as na ceithre ghníomhaíocht chun tacú le fostaíocht in T & F.
6-5	C6.I2 PIA — Eochairtheicneolaíochtaí digiteacha	Cuspóir sonrath	Líon na straitéisí a bailíochtaíodh		Uimhir	0	6	R4	2021	Rinneadh gach ceann de na sé straitéisí (teicneolaíochtaí candamacha, cibearshlándaíl, oideachas digiteach, tionscail chultúrtha agus chruthaitheacha, 5G, néal) a bhailíochtú agus a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin 'Secrétariat Général pour l'Investissement' (SGPI).

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
6-6	C6.12 PIA — Eochairtheic neolaíochtaí digiteacha	Garspríoc	Seoladh an ghlaio ar thograí nó ar léiriú spéise	Foilseachán ar shuíomh gréasáin ‘Secrétariat Général pour l’investissement (SGPI)’				R4	2023	Gach glao ar thograí nó ar spéis faoin mbeart seo le haghaidh na straitéisí a glacadh faoi spríoc 6-5 a seoladh, le téarmaí tagartha lena n-áirítear mar chritéar incháilitheachta chun neodracht chomhshaoil fheidhmchláir an réitigh chistithe a áirithiú.
6-7	C6.12 PIA — Eochairtheic neolaíochtaí digiteacha	Garspríoc	Dámhachtain conarthaí — cinneadh cur chun feidhme ón bPríomh-Aire	Tuarascáil ón ‘Secrétariat Général pour l’Investissement’ (SGPI)				R4	2024	Cinneadh cur chun feidhme ón bPríomh-Aire tar éis dhúnadh na nglaoanna ar thograí/na nglaoanna ar ús a seoladh faoi garspríoc 6-6; conarthaí a cheadú leis na tairbhíthe trí chomhaontuithe deontais nó trí chonarthaí eile chun cistí a dheonú atá le síniú.
6-8	C6.13 Gnólachtaí nuálacha PIA	Garspríoc	Seoladh an ghlaio ar thograí nó ar léiriú spéise	Foilseachán ar shuíomh gréasáin ‘Secrétariat Général pour l’Investissement (SGPI)’				R4	2022	Gach glao ar thograí nó ar spéis faoin mbeart seo a seoladh le haghaidh na gcabhracha nuálaíochta, lena n-áirítear comórtais nuálaíochta do ghnólachtaí nuathionscanta agus do FBManna, agus tionscadail T & F, le téarmaí tagartha lena n-áirítear mar chritéar incháilitheachta chun neodracht chomhshaoil fheidhmchláir an réitigh chistithe a áirithiú.
6-9	C6.13 Gnólachtaí nuálacha PIA	Garspríoc	Dámhachtain conarthaí — cinneadh cur chun feidhme ón bPríomh-Aire	Tuarascáil ón ‘Secrétariat Général pour l’Investissement’ (SGPI)				R4	2024	Cinneadh cur chun feidhme ón bPríomh-Aire tar éis dhúnadh na nglaoanna ar thograí/na nglaoanna ar léiriú spéise a seoladh faoi garspríoc 6-8; conradh a cheadú leis na tairbhíthe trí chabhair a dheonú lena síniú.

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspíoc agus spíoc
					Aonad tomhais	Bonnlinne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
6-10	C6.I4 An Spás	Cuspóir sonrach	Conarthaí a dhámhachtain do thairbhíthe		Méideanna (milliúin)	0	200	C1	2022	EUR 200000000 ar conradh le tairbhíthe (i) glaonna ar thionscadail i réimsí a bhaineann leis an earnáil spáis agus le hiomaíocht náisiúnta d'fheidhmchláir spáis ('Turas Spáis 2021'); agus (ii) tionscadail in Vernon (aisghabháil hidrigine, páirc na ngrianphainéal, nuachóiriú ar shaoráid tástála inneall roicéad).
6-11	C6.I4 An Spás	Cuspóir sonrach	Líon tairbhíthe		Uimhir	0	80	C1	2022	Líon na dtairbhíthe de ghlaonna ar thionscadail i réimsí a bhaineann le hearnáil an spáis agus le hiomaíocht náisiúnta d'fheidhmchláir spáis ('Turas Spáis 2021').
6-12	C6.I4 An Spás	Garspíoc	Infheistíochtaí in Ariane 6	Obair leantach ar dhul chun cinn na Gníomhaireachta Eorpaí Spáis ag an Lárionad Náisiúnta um Staidéar Spáis (CNES)				R4	2024	Clár Ariane 6 a chur i gcrích.

G. COMHCHUID 7: Digitiú Stáit, críoch, fiontar, Cultúir

Baineann an chomhpháirt sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince le hinfheistíochtaí agus athchóirithe i réimse dhigitiú an Stáit, na gcríoch, FBManna, tacaíocht d'earnáil an chultúir agus athchóirithe i réimse an tsimplithe riaracháin agus an airgeadais phoiblí.

Tá an digitiú, go háirithe digitiú gnólachtaí, ríthábhachtach chun táirgiúlacht a mhéadú sa Fhrainc, mar a chuir an Bord Náisiúnta Táirgiúlachta i dtábhacht.

Is é is aidhm do dhigitiú an Stáit ní hamháin feidhmíocht an riaracháin phoiblí a mhéadú trí uasghráduithe teicneolaíochta, ach tá sé d'aidhm aige freisin rannchuidiú le tuilleadh cuimsitheachta, i gcomhlántacht leis na hathchóirithe ar an gcomhpháirt atá dírithe ar shimpliú agus ar dhílárú (dlí 3DS).

Is é is aidhm do na bearta tacaíochta d'earnálacha an chultúir earnáil atá buailte go dona a théarnamh trí infheistíochtaí spriocdhírithe san athchóiriú, san oidhreacht, san fhostaíocht i réimse na n-ealaíon agus nuachóiriú na n-earnálacha oiliúna, pictiúrlainne, preasa agus leabhar, agus béim á leagan ar an aistriú aeráide agus ar an óige.

Ar deireadh, rannchuidíonn an dá athchóiriú ar an airgeadas poiblí le freagairt a thabhairt ar mholtaí tírshonracha 2019.1.2 agus 2020.1.1 maidir le fiachas agus caiteachas poiblí a bhainistiú, go háirithe conair inbhuanaithe a tharraingt don airgeadas poiblí san fhadtárma tar éis ghéarchéim COVID.

Rannchuidíonn infheistíochtaí digítithe le moltaí tírshonracha 2019.3 agus 2020.3.4 agus 3.7 a bhaineann leis an mbonneagar digiteach. Leis na hathchóirithe simpliúcháin, tugtar aghaidh ar chodanna de mholtaí tírshonracha 2020.4.1 agus 4.2 maidir leis an timpeallacht ghnó. Rannchuidíonn na hinfheistíochtaí sa chultúr le tús áite a thabhairt d'infheistíocht phoiblí le hoibreacha athchóirithe oidhreachta (moladh tírshonrach 2020.3.2) agus le tionchar fostaíochta na géarchéime a mhaolú (moladh tírshonrach 2020.2.1). Ar deireadh, tugann na hathchóirithe airgeadais phoiblí aghaidh ar chodanna de mholtaí tírshonracha 2019.1.3 (coigilteas caiteachais agus éifeachtúlacht), agus 2020.1.1 (beartais fhioscacha atá dírithe ar riochtaí fioscacha meántéarmacha stuama a bhaint amach agus inbhuanaitheacht fiachais a áirithiú).

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

G.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (C7.R1): Dlí maidir le difreáil, dílárú, díchruinniú agus maidir le bearta éagsúla chun gníomhaíocht phoiblí áitiúil a shimpliú (3DS)

Is é cuspóir an bhirt an tseirbhís phoiblí áitiúil a dhéanamh níos éifeachtúla agus níos inoiriúnaithe, agus riachtanais áitiúla á gcur san áireamh.

Is éard atá sa bheart seo teacht i bhfeidhm an dlí maidir le 'Difreáil, dílárú, díchruinniú agus simpliú' (dlí 3DS) agus a mheastóireacht.

Athchóiriú 2 (C7.R2): Dlí orgánach maidir le simpliú turgnamh arna ndéanamh ar bhonn an cheathrú mír d'Airteagal 72 den Bhunreacht

Is é cuspóir an bhirt seasamh le 'ceart difreála' na n-údarás áitiúil lena simplítear na turgnaimh a dhéantar ar bhonn an cheathrú mír d'Airteagal 72 den Bhunreacht.

Is éard atá sa bheart teacht i bhfeidhm na reachtaíochta agus foilsíú meastóireachta ar na chéad turgnaimh údaraithe.

Athchóiriú 3 (C7.R3): Claochlú na státseirbhíse

Is é is aidhm do chlaochlú na seirbhíse poiblí freagairt do roinnt dúshlán: an tseirbhís phoiblí a dhéanamh níos ionadaíche don tsochaí, rannchuidiú le lánpháirtiú gairmiúil daoine óga agus daoine ar bheagán oiliúna, nuáil a dhéanamh in eagraíochtaí oibre, luach a chur ar fhiúntas, inniúlacht, tiomantas, comhionannas idir mná agus fir a ráthú, agus gach cineál idirdhealaithe a chomhrac. Tá an beartas sin bunaithe ar chur chun feidhme dhlí an 6 Lúnasa 2019 maidir le claochlú na státseirbhíse.

Is éard a bheidh sa bheart cur chun feidhme dhá phlean gníomhaíochta.

Tá an plean gníomhaíochta maidir le gairmiúlú na seirbhíse poiblí bunaithe ar 8 mbeart: (1) branda Stáit-fostóra a fhorbairt, (2) próisis earcaíochta a eagrú, (3) gníomhaithe a ghairmiúlú agus oiliúint a chur orthu, (4) lánpháirtiú daoine nua a fheabhsú, (5) an t-ollchóiriú ar shuíomh gréasáin ‘Place de l’emploi public’, (6) foinsiú, (7) díormaí tallainne a chruthú agus (8) bainistiú straitéiseach earcaíochta.

Tá an plean gníomhaíochta um chomhionannas deiseanna bunaithe ar thrí cholún: (1) daoine óga tréitheacha ar fud na tíre a shainaithe agus tacú leo chun go n-éireoidh leo; (2) scrúdú iomaíoch nua chun rochtain a fháil ar an státseirbhís; (3) gairm bheatha a fhorbairt atá saor ó idirdhealú.

Déanfar na gníomhaíochtaí dá bhforáiltear sa dá phlean gníomhaíochta sin a chur chun feidhme faoin 31 Márta 2022.

Athchóiriú 4 (C7.R4): Rialachas airgeadais phoiblí

Is é is cuspóir don athchóiriú seo ar rialachas an airgeadais phoiblí straitéis a chur i bhfeidhm chun an t-airgeadas poiblí a chomhdhlúthú sa mheántearma agus san fhadtearma. Tá an straitéis sin bunaithe ar mholtaí an ‘Coimisiúin sur l’Avenir des Finances Publiques’ (tuarascáil an 18 Márta 2021). Cuirfear cuid de na moltaí sin chun feidhme trí dhlí orgánach a theacht i bhfeidhm in am le bheith infheidhme maidir le buiséad 2023 agus maidir leis an gcéad dlí clársceidealaithe airgeadais phoiblí eile. Leathnóidh an dlí Orgánach sainphribhléidí Ard-Chomhairle an Airgeadais Phoiblí agus bunóidh sé riail chaiteachais ilbhliantúil le haghaidh chaiteachas ginearálta an rialtais. Airitheofar leis na rialacha caiteachais sin comhsheasmhacht idir na billí buiséadacha bliantúla agus na cuspóirí ilbhliantúla. Leagfar amach sa dlí nua clársceidealaithe airgeadais phoiblí do 2023 cur chun feidhme an chreata rialachais nua sin, chomh maith le conair ilbhliantúil le haghaidh an airgeadais phoiblí lenar féidir an cóimheas fiachais a chobhsú agus a laghdú ansin. Cuirfidh an rialtas straitéis imfhálaithe fiachais Covid i bhfeidhm freisin agus é mar aidhm aici acmhainní sonracha a leithdháileadh ar a haisíoc.

Athchóiriú 5 (C7.R5): Measúnú ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí

Is é is cuspóir don bheart seo meastóireacht a dhéanamh ar chaiteachas poiblí tar éis na géarchéime agus é mar aidhm leis sin na caiteachais is éifeachtúla atá fabhrach don fhás, don chuimsiú sóisialta agus don aistriú éiceolaíoch agus digiteach a shainaithe.

Is éard atá sa bheart athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na n-athchóirithe ar éifeachtacht na gníomhaíochta poiblí thar théarma an Uachtaráin, tuarascáil iniúchóireachta ar airgeadas poiblí a fhoilsíú ag an gCúirt Iniúcháir agus measúnú rialta a dhéanamh, ó 2023 ar aghaidh, ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí, ag tacú le hullmhú na ndlíthe buiséadacha atá ar na bacáin.

Infheistíocht 1 (C7.I1): Cuideachtaí a dhigitiú

Is é is cuspóir don bheart seo cuideachtaí a nuachóiriú.

Is éard atá i gceist leis an mbeart sin leanúint de thionscnamh ‘France Num’ atá ann cheana agus tacaíocht a leathnú chuig cuideachtaí chun infheistíochtaí digiteacha a chothú tríd an scéim ‘tionscail na todhchaí’.

Infheistíocht 2 (C7.I2): Uasghrádú digiteach an Stáit agus na gcríoch

Sainaitheofar leis an infheistíocht sin cineálacha cur chuige nuálacha digiteacha lena bhféadfar feabhas a chur ar éifeachtúlacht na gníomhaíochta poiblí agus ar cháilíocht thimpeallacht oibre na n-oifigeach poiblí, lena n-áirítear don leictrea-shoghluaisteacht.

Chuige sin, déanfaidh Ciste Cúlphacáiste Digiteach do Ghníomhairí Poiblí le haghaidh tionscadal stáisiún oibre na n-oifigeach Stáit a nuachóiriú agus tacóidh ‘Ciste um Nuálaíocht agus um Chlaochlú Digiteach’ le tionscnaimh dhigiteacha ardtionchair laistigh den Stát agus d’údaráis áitiúla, agus tacaíocht á tabhairt don earnáil dhigiteach ag an am céanna.

Chun timpeallacht oibre digití níos éifeachtúla, níos comhoibríche agus níos soghluaiste a sholáthar d’fhostaithe Stáit, tiocfaidh na tionscadail mhaoinithe faoi chúig théama: feidhmíocht mhéadaithe na ngréasán iompair sonraí; sainaithe dhigiteach chónasctha a fhorbairt d’oifigigh Stáit; réitigh chianrochtana shlána ar uirlisí digiteacha; réitigh chumarsáide aontaithe ar an leibhéal idir-aireachta; agus tacaíocht do bhainisteoirí agus d’fhoirne modhanna oibre digiteacha a fháil.

Chun nuálaíocht dhigiteach a spreagadh agus chun dlús a chur le claochlú digiteach an Stáit, tiocfaidh na tionscadail chistithe faoi ocht dtéama: dí-ábharú cáilíochta na nósanna imeachta riaracháin is mó a úsáideann saoránaigh agus gnólachtaí; beartais phoiblí dhigiteacha nua ó dhúchas; dea-chleachtais dhigiteacha a fhorbairt a rugadh i seirbhísí áitiúla Stáit; earnálacha digiteacha poiblí a ghairmiúlú; úsáid sonraí a fhorbairt chun leas a bhaint as gníomhaíocht phoiblí; staidéar agus turgnamh a dhéanamh ar theicneolaíochtaí agus cuir chuige dhigiteacha atá ag teacht chun cinn a úsáid; claochlú digiteach na n-údarás áitiúil; tacú le tionscadail struchtúrtha lena slógtar luamhain chlaochlathaithe iomadúla.

Infheistíocht 3 (C7.I3): Cibearshlándaíl seirbhísí Stáit

Tacóidh an infheistíocht le cumais chibearshlándaíla le haghaidh seirbhísí poiblí a neartú; forbairt tairisceana iomaíche agus nuálaíche cibearshlándaíla a spreagadh ar mhaithe leis an ngeilleagar agus leis an tsochaí agus treisiú a dhéanamh ar an gcumas ionsaithe cibearshlándaíla a chosc agus freagairt dóibh.

Cuirfear na tionscadail seo a leanas chun feidhme go háirithe:

- foirne freagartha do theagmhais a chruthú sna críocha;
- pacáistí diagnóiseacha agus slándála a imscaradh le haghaidh tairbhíthe incháilithe,
- táirgí urrúis a fháil chun tairbhe don Stát agus do sheirbhísí poiblí;
- cur leis an gcumas náisiúnta cibirionsaithe a bhrath.

Infheistíocht 4 (C7.I4): Uasghrádú digiteach stáit: céannacht dhigiteach

Cuirfear dhá fhobheart chun feidhme: an cárta aitheantais náisiúnta digiteach agus córas aitheantais dhigitigh Státráthaithe a fhorbairt. Rannchuideoidh an dá bheart sin freisin le slándáil agus idir-inoibritheacht a fheabhsú.

Chun tacú le húsáid na gcártaí aitheantais nua, gan cur isteach ar an tseirbhís d’úsáideoirí, déanfar na córais, an trealamh agus na líonraí TF gaolmhara a oiriúnú. Go háirithe, déanfar uasghrádú ar na córais sin: an feidhmchlár ‘*Titres électroniques sécurisés*’ (agus uasghrádú cibearshlándaíla ina dhiaidh sin), cur chun feidhme feistí bailithe méarlorg, agus tairseach úsáideoirí na

Gníomhaireachta Náisiúnta um Theidil Shlána (*'Agence nationale des titres sécurisés'*) chun gombaidh úsáideoirí in ann rochtain a fháil ar a nósanna imeachta. Le forbairt córais aitheantais dhigitigh atá ráthaithe ag an Stát, cuirfear córas aitheantais dhigitigh níos sláine in ionad chleachtas an ainm úsáideoira agus an phasfhocail. Déanfar an córas nua a fhorbairt i gcomhthéacs Eorpach na hidir-inoibritheachta digití (Rialachán eIDAS). Leis an réiteach, beifear in ann úsáidí nua íogaire poiblí agus príobháideacha a fhorbairt agus calaíocht ar líne agus goid aitheantais a chomhrac.

Infheistíocht 5 (C7.I5): Trealamh agus bonneagar na hAireachta Gnóthaí Baile

Leis an mbeart, forbrófar feidhmchláir na hAireachta Gnóthaí Baile agus áiritheofar a n-athléimneacht. Go háirithe, baineann na tionscadail a dtacaítear leo le roinnt bonneagar teicniúil:

- Líonra idir-aireachtaí stáit: deireadh a chur de réir a chéile leis an líonra teileafóin RIMBAUD agus na naisc líonra atá ann cheana a dhúbailt;
- Bonn TF de riarachán críochach an Stáit: tógáil an bhoinn agus na heagraíochta nua chun líonra na seirbhísí córas faisnéise agus cumarsáide idir-aireachtaí roinne a chomhordú;
- Plean físchosanta maorachta na bpóilíní: acmhainní nua stórála agus líonra a fhorbairt agus a thairiscint do chóras físchosanta cheanncheathrú póilíní Pháras, go háirithe i bhfianaise Chluichí Oilimpeacha 2024;
- Slándáil líonraí: slándáil dhigiteach na hAireachta a neartú (cibearchosaint);
- Athléimneacht an lárionaid sonraí: obair bhonneagair chun athléimneacht fuinnimh a áirithiú d'ionaid sonraí na hAireachta;
- Córas foláirimh agus faisnéise faoin daonra: an córas foláirimh agus faisnéise a fhorbairt don phobal, go háirithe d'fhonn an córas nua FR-Alert a chur chun feidhme (féach freisin an beart 'Feidhmchláir na hAireachta Gnóthaí Baile').

Infheistíocht 6 (C7.I6): Feidhmchláir na hAireachta Gnóthaí Baile

Is é is cuspóir don bheart seo tacú le feidhmchláir dhigiteacha don Aireacht Gnóthaí Baile.

Is éard atá sa bheart seo seacht bhfeidhmchlár dhigiteacha a chruthú nó a nuashonrú don Aireacht Gnóthaí Baile.

Infheistíocht 7 (C7.I7): Soghluaisteacht agus teilea-obair san Aireacht Gnóthaí Baile

Tacóidh an infheistíocht sin le sraith beart atá beartaithe chun forbairt na soghluaisteachta agus na teilea-oibre a chur chun cinn laistigh den Aireacht Gnóthaí Baile. Cuirfear trí ghníomhaíocht chun feidhme:

- An timpeallacht dhigiteach a fheabhsú agus teilea-obair a fhorbairt: forbairt réiteach oibre comhoibríoch a chur chun cinn, stáisiúin oibre teilea-oibre a fháil agus córais a chur chun feidhme lena gceadaítear teilea-obair d'oifigigh.
- Na chéad ghníomhaíochtaí a bhaineann le líonra Raidió na todhchaí (eadhon: rochtain ar chumhdach raidió, forbairt agus cur chun feidhme an chomhtháthaire, an chroíghréasáin, córas cumarsáide, forbairt agus cur chun feidhme tairseach agus idirnas, córas faisnéise bainistíochta, cothabháil, comhtháthú timpeallacht tionscadail PCSTORM, agus oiliúint agus turgnamh gaolmhar) lena gcumasaítear forbairt líonra Éabhlóide Fadtéarmaí do ghníomhaithe slándála poiblí agus príobháideacha (amhail póilíní Stáit, comhraiceoirí dóiteáin, éigeandálaí agus póilíní bardasacha). Cuirfidh sé modhanna cumarsáide éifeachtacha athléimneacha ar fáil, lena fheidir freagairt oiriúnaithe a thabhairt ar riachtanais fhorfheidhmiú an dlí agus na freagartha ar ghéarchéimeanna.

- Nuastáisiúin: trealamh na bpóilíní a leathnú le 40000 teirminéal soghluaiste slán. Leis na críochfoirt agus an córas iarratais a ghabhann leo, is féidir le hoifigigh forfheidhmithe dlí gníomhaíochtaí a dhéanamh a rinneadh roimhe sin in oifigí gairmiúla agus iad ar mhisean ar an tír-raon. Dá bhrí sin, cuireann siad teorainn leis an taisteal don ghníomhaire agus don úsáideoir araon agus áiríthíonn siad éifeachtúlacht fhoriomlán níos fearr.

Infheistíocht 9 (C7.I9): Leanúnachas oideachais: claochlú digiteach na scoile

Tacóidh an infheistíocht sin le trealamh digiteach soghluaiste a shuiteáil sna seomraí ranga, rud atá ina réamhriachtanas chun oideachas hibrídeach a fhorbairt. Tacóidh sé freisin le hinfeistíochtaí i bhfísteilgeoirí, i dtrealamh soghluaiste comhroinnte, i dtrealamh a bhaineann go sonrach leis an mbunscoil, chomh maith leis an líonra lena gceadaítear teagasc ar an láthair agus cianteagasc araon. Maoineoidh sé freisin seirbhísí agus acmhainní don oideachas céadchéime chomh maith le trealamh lena féidir teagasc hibrídeach a dhéanamh san ardscoil.

Cuirfear oiliúint ar mhúinteoirí chun máistreacht a fháil ar na huirlisí agus na seirbhísí nua oideachais dhigitigh chomh maith leis an timpeallacht dhigiteach nua.

Infheistíocht 10 (C7.I10): Digiteáil na seirbhísí poiblí: rochtain ar ardoideachas a fhorbairt ar fud na tíre a bhí le cúrsaí digiteacha

Leis an infheistíocht, cisteofar imscaradh modúl cúrsa dí-ábharaithe san ardoideachas chomh maith le suiteáil an bhonneagair dhigitigh is gá. Le forbairt cúrsaí cianfhoghlama agus na mbonneagar comhfhreagrach, beifear in ann oiriúnú don staid sláinte reatha trí phlódú a sheachaint i hallaí léachta agus i seomraí ranga. Réiteoidh sé an bealach freisin do straitéis níos fadtéarmaí maidir le hinrochtaineacht ar ardoideachas a bhfuil sé mar aidhm léi dul i bhfeidhm ar phobal níos leithne ar fud na críche náisiúnta ach thar lear freisin. Thairis sin, beifear in ann tairiscint oiliúna níos éagsúla agus níos iomláine a mholadh, a oireann do shrianta mac léinn áirithe nach mór dóibh a gcuid staidéir a réiteach le gníomhaíocht ghairmiúil.

Tacóidh na hinfeistíochtaí le tionscadail maidir leis an méid seo a leanas:

- modúil dhigiteacha agus inrochtana ar líne a chruthú in institiúidí ardoideachais,
- oiliúint dhigiteach múinteoirí-taighdeoirí ó ollscoileanna,
- ardáin a fhorbairt ar fud na tíre (seomra ranga fíorúil, seimineár gréasáin, cianscrúduithe, córas bainistíochta foghlama) a thairgfídh ar deireadh modúil uile an bhaitsiléara agus an mháistir,
- glao ar thionscadail atá tiomnaithe do sheirbhísí digiteacha lena ndírítear ar eispéireas úsáideoirí na ndaltaí.

Infheistíocht 11 (C7.I11): Tacaíocht d'earnálacha cultúrtha agus d'athchóirithe oidhreachta

Is é is aidhm don bheart seo tacú le hathchóirithe oidhreachta cultúrtha agus leis na taibhealaíona.

Tá dhá fhobheart san infheistíocht sin: athchóiriú a dhéanamh ar shéadchomharthaí stairiúla, agus ii) tacú le nuachóiriú fostaíochta agus oiliúna in earnáil an chultúir.

Rialú agus iniúchadh:

Is é ‘Secrétariat Général France Relance’, a ghabhann leis an bPríomh-Aire agus leis an Aire Geilleagair, Airgeadais agus Téarnaimh, a dhéanann faireachán ar chur chun feidhme an phlean téarnaimh agus athléimneachta. Déantar an cur chun feidhme a tharmligean chuig na hAireachtaí trí bhithin ‘coinbhinsiúin’ agus ‘chartes de gestion’. Maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh,

braitheann na húdaráis atá i gceannas ar an tsaoráid téarnaimh agus athléimneachta sa Fhrainc ar an gcóras náisiúnta atá i bhfeidhm sa Fhrainc chun an buiséad náisiúnta a rialú. Ceaptar CiCC (*an Coimisiún interministérielle de coordination des contrôles*) mar an comhordaitheoir náisiúnta iniúchóireachta agus rialaithe.

Síneoidh an Príomh-Aire ciorclán ina leagfar amach an méid seo a leanas:

- Eagrú an chórais agus na hoibleagáidí a bhaineann le gach struchtúr i dtéarmaí iontaofacht agus rialú sonraí a bhaineann le táscairí a áirithiú;
- Nósanna imeachta chun sonraí a bhailiú agus a stóráil maidir le gach cineál faighteora deiridh.

Ós rud é go meastar go sainmhíneofar leis an gclár gnéithe tábhachtacha den chóras rialaithe agus iniúchóireachta, nach bhfuil ar fáil go fóill amhail ón dáta a chuirfear an plean isteach, tabharfaidh garsprioc a bhaineann le síniú na gclár sin dearbhú breise. Thairis sin, áireofar leis an ngarsprioc freisin tuarascáil ó CiCC ina sonrúfar a straitéis iniúchóireachta agus ina dtabharfar tuairisc ar an obair iniúchóireachta atá beartaithe maidir le héilimh íocaíochta.

Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár G2 le haghaidh faireachán agus cur chun feidhme maidir le tacaíocht airgeadais neamh-inaisíoctha

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (don sprioc)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
7-1	C7.R1 Dlí 3DS	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm dhlí 3DS	Teacht i bhfeidhm				C1	2022	Teacht i bhfeidhm dhlí 3DS arb é is aidhm dó éifeachtúlacht na seirbhísí poiblí a neartú trí dhifreáil, dílarú, díchrúinniú agus simpliú a chur chun cinn. Áireofar sa dlí forálacha i réimsí na tithíochta, an iompair, an aistrithe éiceolaíoch, na sláinte agus na dlúthpháirtíochta. Saothrófar ceithre chuspóir leis: (1) dílarú: gníomhaíocht phoiblí a dhéanamh níos intuigthe agus níos éifeachtúla trí bhloic áirithe inniúlachtaí a aistriú chuig údarás áitiúla; (2) difreáil: a áirithiú go soláthróidh gach críoch freagairtí dá riachtanais áitiúla, trí úsáid a bhaint as na huirlisí agus na hacmhainní is gá chun na críche sin; (3) dí-chomhchruinniú: an Stát a thabhairt níos gaire do na críocha áitiúla agus an chinnteoireacht a chur in oiriúint níos fearr do réaltachtaí áitiúla; (4) simpliú: gníomhaíocht phoiblí áitiúil a shimpliú.
7-2	C7.R1 Dlí 3DS	Garsprioc	Meastóireacht ar dhlí 3DS	Tuarascáil mheastóireachta				C2	2025	Tuarascáil a fhoilsiú ina ndéantar meastóireacht ar chur chun feidhme Dhlí 3DS.
7-3	C7.R2 Turgnamh ar an dlí Orgánach	Garsprioc	Teacht i bhfeidhm an dlí arb é is aidhm dó an ceart chun difreála a chumhdach	Teacht i bhfeidhm				C2	2021	Teacht i bhfeidhm an dlí arb é is aidhm dó an ceart chun difreála a chumhdach lena n-áirítear na heilimintí seo a leanas: ceart na n-údarás áitiúil páirt a ghlacadh i dturgnamh trí phlé simplí, nósanna imeachta cuíchóirithe maidir le teacht i bhfeidhm cinntí arna nglacadh ag údarás áitiúla agus coinníollacha maidir le rialú dlíthíúlachta cinntí arna ndéanamh i

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (don spríoc)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
										gcomhthéacs an turgnaimh, sonrú torthaí féideartha turgnamh lena n-áirítear iad a chothabháil sna húdaráis áitiúla uile nó i gcuid díobh a bhí rannpháirteach sa turgnamh nó iad a leathnú chuig údaráis eile, agus an fhéidearthacht na caighdeáin lena rialaítear feidhmiú dlínse áitiúla a mhodhnú faoi réir an turgnaimh ag deireadh an turgnaimh.
7-4	C7.R2 Tástáil ar an Dlí Orgánach	Garspríoc	Staid na himeartha maidir leis na chéad turgnaimh údaráithe	Tuarascáil mheastóireachta				C2	2025	Tuarascáil a fhoilsiú ina ndéanfar meastóireacht ar na chéad turgnaimh údaráithe.
7-5	C7.R3 Claochlú na státseirbhíse	Garspríoc	Cur chun feidhme na ngníomhaíochtaí a sainithníodh mar chuid de na tionscadail a seoladh maidir le hearcaíocht agus comhdheiseanna	Tuarascáil cur chun feidhme				C1	2022	Cur chun feidhme an phlean um chomhionannas deiseanna, leis na cuspóirí seo a leanas: méadú ar líon na bpríntíseach óg, na n-oibríthe faoi mhíchumas, pleanáil i bhfabhar an chomhionannais insene i mbainistíocht shinsearach an Stáit, athchóiriú ar rochtain ar an tseirbhís phoiblí trí scrúduithe nua iomaíocha, tacaíocht do rath daoine óga tréitheacha ar fud na críche, cóitseáil agus meantóireacht ar mhaithe le comhionannas deiseanna a fhorbairt.
7-6	C7.R4 Rialachas an airgeadais phoiblí	Garspríoc	Tíolacadh thuarascáil CAFP (an Coimisiún sur l'Avenir de Finances Publiques)	An tuarascáil a thíolacadh				C1	2021	Tíolacadh thuarascáil CAFP (an Coimisiún sur l'Avenir de Finances Publiques) maidir leis an straitéis bhuiséadach iar-ghéarchéime agus maidir le hathchóiriú an chreata rialachais airgeadais phoiblí.

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (don spríoc)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
7-7	C7.R4 Rialachas an airgeadais phoiblí	Garspríoc	Cur chun feidhme na moltaí roghnaithe ó thuarascáil CAFP	Teacht i bhfeidhm				R4	2021	Moltaí roghnaithe ó thuarascáil CAFP a chur chun feidhme in am le bheith infheidhme ó Bhuiséad 2023 ar aghaidh trí fhorálacha reachtacha orgánacha a ghlacadh, a bhfuil na cuspóirí seo a leanas acu go háirithe: Síneadh a chur le sainchumais HCFP (Haut Conseil des Finances Publiques) Riail chaiteachais ilbhliantúil a bhunú mar riail stiúrtha. Leis an riail chaiteachais sin, áiritheofar comhsheasmhacht idir na billí buiséadacha bliantúla agus na cuspóirí ilbhliantúla.
7-8	C7.R4 Rialachas an airgeadais phoiblí	Garspríoc	Scéim imshrianta fiachais COVID a chur chun feidhme	Scéim imshrianta fiachais COVID a chur chun feidhme				R4	2021	Scéim imshrianta fiachais COVID a chur chun feidhme sa dréachtphlean buiséadach.
7-9	C7.R4 Rialachas an airgeadais phoiblí	Garspríoc	Dlí nua maidir le Clársceidealú Airgeadais Phoiblí (LPPF, 'Loi de Programmation des Finances Publiques')	Teacht i bhfeidhm				C1	2023	Teacht i bhfeidhm Dlí nua maidir le Clársceidealú Airgeadais Phoiblí (LPPF, 'Loi de Programmation des Finances Publiques') lena gcuirtear chun feidhme na forálacha reachtacha orgánacha nua a ghlacadh agus lena leagtar síos conair airgeadais phoiblí lenar féidir an cóimheas fiachais a chobhsú agus a laghdú ina dhiaidh sin.
7-10	C7.R5 Measúnú ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí	Garspríoc	Torthaí na n-athchóirithe táirgiúlachta a fhoilsiú	Foilsíú na tuarascála				R4	2021	Foilsíú thorthaí na n-athchóirithe táirgiúlachta ar ghníomhaíocht phoiblí a rinneadh le linn an téarma uachtaránachta cúig bliana.

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (don spríoc)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
7-11	C7.R5 Measúnú ar cháilíocht an chaiteachais poiblí	Garspríoc	Tuarascáil ó mhisean iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí maidir le hairgeadas poiblí	Foilsíú na tuarascála				C2	2021	Tuarascáil ó mhisean iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí ar airgeadas poiblí.
7-12	C7.R5 Measúnú ar cháilíocht an chaiteachais poiblí	Garspríoc	Deireadh a chur le bearta éigeandála faoi dhálaí sláintíochta	Imeacht ó bhearta éigeandála				R4	2022	Deireadh a chur le bearta éigeandála faoi dhálaí sláintíochta, bunaithe ar mholtaí tuarascáil mhisean iniúchóireachta na Cúirte Iniúchóirí.
7-13	C7.R5 Measúnú ar cháilíocht an chaiteachais poiblí	Garspríoc	Tógáil dlíthe airgeadais arna gcur in iúl le meastóireachtaí ar chaiteachas poiblí lena gcumhdaítear raon feidhme an riaracháin poiblí i gcomhréir le conair chaiteachais an dlí maidir le clársceidealú airgeadais poiblí	Forléiriú dlíthe airgeadais				R4	2022	Dlíthe airgeadais a thógáil arna gcur in iúl le meastóireachtaí ar chaiteachas poiblí lena gcumhdaítear raon feidhme an riaracháin poiblí i gcomhréir le conair chaiteachais an dlí maidir le clársceidealú airgeadais poiblí.
7-14	C7.R5 Measúnú ar cháilíocht an chaiteachais poiblí	Garspríoc	Measúnú bliantúil ar na bearta a rinneadh chun feabhas a chur ar cháilíocht an chaiteachais poiblí a cuireadh chun feidhme i ndlí buiséadach 2023	Measúnú a fhoilsíú				C1	2024	Measúnú bliantúil ar na bearta a rinneadh chun feabhas a chur ar cháilíocht an chaiteachais poiblí a cuireadh chun feidhme i ndlí buiséadach 2023.

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (don spríoc)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
7-14a	C7.R5 Measúnú ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí	Garspríoc	Measúnú bliantúil ar na bearta a rinneadh chun feabhas a chur ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí a glacadh ó bhí dlí buiséadach 2023 ann	Measúnú a fhoilsiú				C1	2025	Measúnú bliantúil ar na bearta a rinneadh chun feabhas a chur ar cháilíocht an chaiteachais phoiblí a glacadh ó bhí dlí buiséadach 2023 ann.
7-15	C7.I1 Uasghrádú digiteach ar chuideachtaí	Cuspóir sonrach	Líon na gcuideachtaí a fuair fóirdheontas chun infheistíochtaí digiteacha a chothú		Uimhir	0	3 320	C1	2022	Líon na gcuideachtaí ar tacaíodh leo chun infheistíochtaí digiteacha a chothú tríd an scéim 'Tionscal na Todhchaí'.
7-16	C7.I1 Uasghrádú digiteach ar chuideachtaí	Cuspóir sonrach	Líon na diagnóisice, na seirbhísí tacaíochta digití nó na hoiliúna do chuideachtaí		Uimhir	0	120 000	R4	2025	An líon 'diagnóisic dhigiteach', seirbhísí tacaíochta digití nó oiliúintí do chuideachtaí faoin scéim 'France Num'.
7-17	C7.I2 Uasghrádú digiteach an Stáit agus na n-údarás áitiúil	Cuspóir sonrach	Líon na gcuideachtaí a thairbhíonn d'orduithe poiblí		Uimhir	0	200	C1	2023	Líon na gcuideachtaí a thairbhíonn d'orduithe poiblí faoi chuimsiú na gCistí 'Nuálaíocht agus Claochlú Uimhriúil' agus 'agus Sac à dos numérique de l'Agent public' chun uasghrádú digiteach a dhéanamh ar údarás Stáit agus áitiúla.
7-18	C7.I2 Uasghrádú digiteach an Stáit agus na n-údarás áitiúil	Cuspóir sonrach	Céatadán na státseirbhíseach ar féidir a bpost a dhéanamh go cianda le haghaidh teileá-oibre		Céatadán		95 %	C3	2023	Céatadán na státseirbhíseach atá feistithe le haghaidh teileá-oibre bunaithe ar dhaonáireamh arna dhéanamh ag ranna digiteacha an Stáit. Déantar an spríoc sin a mheasúnú in aghaidh díorma tagartha 395000 seirbhíseach poiblí ar féidir a bpost a dhéanamh go cianda.

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (don spríoc)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
7-19	C7.13 Cibearshlándaíl an rialtais láir	Garspríoc	Infheistíocht chun cibearshlándaíl rialtais a mhéadú	Tuarascáil le soláthar ag Rialtas na Fraince lena soláthraítear fianaise ar chur i gcrích				R4	2024	Na ceithre ghníomhaíocht a chur i gcrích chun an chibearshlándaíl rialtais a mhéadú: <ul style="list-style-type: none"> • foirne freagartha a chruthú, • pacáistí diagnóiseacha a chur in úsáid, • uirlisí cibearshlándaála a fháil, • méadú ar acmhainneacht bhraite cibirionsaithe
7-20	C7.14 Uasghrádú digiteach an Stáit — aitheantas digiteach	Cuspóir sonrach	Líon na gcártaí aitheantais digiteacha a táirgeadh		Uimhir		3 000 000	C1	2022	Líon na gcártaí aitheantais nua arna dtáirgeadh agus i gcúrsaíocht.
7-21	C7.14 Uasghrádú digiteach an Stáit — aitheantas digiteach	Cuspóir sonrach	Líon shealbhóirí an chárta aitheantais nua ag a bhfuil urrann ‘aitheantais dhigitigh’		Uimhir		12 500 000	R4	2023	Líon shealbhóirí an chárta aitheantais nua ag a bhfuil urrann ‘céannachta digití’ lenar féidir leo rochtain a fháil ar an bhfeidhmchlár nuafhorbartha um chéannacht dhigiteach cheannasach.
7-22	C7.15 Trealamh na hAireachta Gnóthaí Baile	Garspríoc	Infheistíocht chun trealamh digiteach na hAireachta Gnóthaí Baile a threisiú	Tuarascáil le soláthar ag Rialtas na Fraince lena soláthraítear fianaise ar chur i gcrích				R4	2023	Na sé ghníomhaíocht a chur i gcrích chun trealamh digiteach na hAireachta Gnóthaí Baile a threisiú: <ul style="list-style-type: none"> • Líonra idir-aireachta stáit, • Bonn TF de riarachán críochach an Stáit • Plean fischosanta maorachta na bpóilíní • Slándaíl gréasáin • Athléimneacht na lárionad sonraí • Córas foláirimh agus faisnéise faoin daonra
7-23	C7.16 Cur i bhfeidhm na hAireachta	Garspríoc	Infheistíocht i bhfeidhmchlár dhigiteacha arna	Seacht bhfeidhmchlár dhigiteacha a				C2	2025	Seacht bhfeidhmchlár dhigiteacha a chruthú nó a nuashonrú don Aireacht Gnóthaí Baile: <ul style="list-style-type: none"> • SI Toghcháin: an córas ríomhaireachta le

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garsprioicanna)	Táscairí cainníochtúla (don spríoc)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	Gnóthaí Baile		bhfórbairt ag an Aireacht Gnóthaí Baile	chruthú nó a nuashonrú						<p>haghaidh toghchán a thabhairt cothrom le dáta agus é a nascadh le feidhmchláir eile lena n-áirítear eolaire náisiúnta na n-oifigeach tofa.</p> <ul style="list-style-type: none"> • Gearán ar líne: tacaíocht ar líne a chur ar fáil d'íospartaigh ar mian leo gearán a dhéanamh ar líne. • FR-Alert: foláirimh láithreacha a chumasú trí fhóin phóca. • Marcus 112: cuíchóiriú a dhéanamh ar na huimhreacha teileafóin éigeandála atá in úsáid faoi láthair sa Fhrainc. • Córas clárúcháin feithiclí (na chéad mhodúil): eispéireas úsáideora nua a chruthú don chóras clárúcháin feithicle. • LOGÁIL MI: córas lóistíochta lártha a chur ar fáil a bheidh coiteann do na fórsaí slándála intire. • Tionscadal TF 'Ullmhúchán don todhchaí': uirlisí a sholáthar chun imscrúduithe a thabhairt chun críche trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha nua agus tacú le soghluaisteacht gníomhairí sa réimse.
7-24	C7.17 Teilea-obair san Aireacht Gnóthaí Baile	Garspríoc	Infheistíocht chun nascacht dhigiteach na hAireachta Gnóthaí Baile a threisiú	Tuarascáil le soláthar ag Rialtas na Fraince lena soláthraítear fianaise ar chur i gcrích				R4	2023	<p>Na bearta a chur i gcrích chun nascacht dhigiteach na hAireachta Gnóthaí Baile a threisiú:</p> <ul style="list-style-type: none"> • An timpeallacht dhigiteach a fheabhsú agus teilea-obair a fhorbairt (críochnú) • Nuastáisiúin (críochnú) • Líonra raidió na todhchaí (na chéad chéimeanna)

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (don sprioc)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus sprioc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
7-26	C7.I9 Claochlú digiteach na scoile	Cuspóir sonrach	Líon na ranganna scoile atá feistithe go digiteach		Uimhir	0	45 000	R4	2022	Líon na ranganna scoile atá feistithe go digiteach le hacmhainní digiteacha i ranganna bunscoile, chomh maith le ranganna hibrídeacha sa mheánoideachas mar aon le tacaíocht d'athrú don phearsanra lena mbaineann.
7-27	C7.I10 Rochtain dhigiteach ar ardoideachas	Cuspóir sonrach	Líon na ndaltaí a bhfuil rochtain acu ar oiliúint dhigiteach		Uimhir	0	1 400 000	R4	2024	Líon na mac léinn a bhfuil rochtain acu ar inniúlachtaí oiliúna digítí sa chóras ardoideachais.
7-28	C7.I11 Cultúr	Cuspóir sonrach	Ardeaglaisí agus séadchomharthaí stairiúla náisiúnta		Uimhir	0	60	R4	2025	Líon na dtionscadal athchóirithe ar ardeaglaisí agus séadchomharthaí stairiúla náisiúnta ar leis an Stát iad a bhfuil oibreacha athchóirithe déanta ina leith. Áirítear leis sin: <ul style="list-style-type: none"> - athchóiriú a dhéanamh ar 45 fhoirgneamh reiligiúnacha ar leis an Stát iad; - athchóiriú 15 shéadchomhartha arna mbainistiú ag Ionad an tSéadchomhartha Náisiúnta ('<i>Centre des monuments nationaux</i>')
7-29	C7.I11 Cultúr	Cuspóir sonrach	Séadchomharthaí ar le húdarais áitiúla agus le húinéirí príobháideacha iad		Uimhir	0	82	R4	2025	Líon na dtionscadal athchóirithe séadchomharthaí agus saoráidí oidhreachta ar le húdarais áitiúla agus chríochacha agus le húinéirí príobháideacha iad a ndearnadh oibreacha athchóirithe ina leith. I measc na saoráidí oidhreachta tá músaeim, cartlanna agus ionaid chaomhnaithe a chaomhnaíonn na taisí ó thochailt seandálaíochta.
7-30	C7.I11 Cultúr	Cuspóir sonrach	Scoileanna ealaíne agus ailtireachta		Uimhir	0	13	C2	2026	Líon na scoileanna ealaíne agus ailtireachta a ndearnadh oibreacha athchóirithe fuinnimh agus infheistíochtaí digiteacha ina leith.

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (don spríoc)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuirisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
7-31	C7.111 Cultúr	Garspríoc	Scéimeanna chun tacú le cruthú ealaíne	Tuarascáil le soláthar ag Rialtas na Fraince lena soláthraítear fianaise ar chur i gcrích				R4	2024	An dá scéim a chur i gcrích chun tacú le hinstiúidí a dhíríonn ar chruthú ealaíne agus chun tacú le healaíontóirí trí chlár poiblí chun tacú le cruthú saothar ealaíne.
7-35	Nósanna imeachta rialaithe agus iniúchóireachta i gcur chun feidhme RRF	Garspríoc	Eagrú an chórais agus láimhseáil sonraí agus eagrú na n-iniúchtaí	Síniú an chiorcláin agus na tuarascála ag CICC				R4	2021	Nósanna imeachta rialuithe agus iniúchóireachta a bhunú tríd an dá ghné seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> Síniú ciorcláin ag an bPríomh-Aire, ina leagfar amach ról agus freagrachtaí an chomhlachta comhordúcháin agus na n-aireachtaí agus an nós imeachta maidir le sonraí a bhaineann le táscairí a bhailiú agus a stóráil, lena n-áirítear a n-iontaofacht agus a rochtain ar na sonraí arna mbailiú de gach cineál faighteoírí deiridh a áirithiú; Tuarascáil a thabhairt chun críche ina soláthrófar tuairisc ar an straitéis iniúchóireachta atá beartaithe lena n-áirítear tuairisc ar an obair iniúchóireachta ar na héilimh íocaíochta.

H. COMHCHUID 8: Cosaint fostaíochta, an óige, míchumas, gairmoiliúint

In 2019, bhí an ráta dífhostaíochta sa Fhrainc ag an leibhéal is ísle ó bhí géarchéim 2008 ann ag 8.1 %. Mar gheall ar an ngéarchéim sláinte, áfach, de réir INSEE, scriosadh 284000 post fostaíthe idir deireadh 2019 agus deireadh 2020. Maolaíodh ardú sa dífhostaíocht den chuid is mó trí bhearta coinneála saothair, go háirithe scéimeanna oibre gearr-ama. Tá gá le tuilleadh tacaíochta, áfach, do phobail atá níos íogaire d'éagsúlachtaí an mhargaidh saothair, chun méadú struchtúrach ar dhífhostaíocht trí histéiréis a sheachaint.

Faoin gcuid sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince, tá bearta éagsúla dírithe ar thacú le teacht isteach na hóige i margadh an tsaothair, lena n-áirítear iad siúd is mó atá i mbaol eisiaimh.

Trí aistrithe gairme a chumasú agus trí rannchuidiú le táirgiúlacht an gheilleagair a mhéadú, meastar go mbeidh ról lárnach ag an ngairmoiliúint i gclaochluithe glasa agus digiteacha an gheilleagair. Thairis sin, tugadh chun suntais leis an ngéarchéim digitiú íseal na gairmoiliúna (cé go bhféadfadh an digitiú tacú le modhanna nuálacha foghlama, mar shampla tríd an réaltacht fhíorúil a úsáid chun lámhcheardaíocht ghairmiúil shonrach a chleachtadh), a bhfuil sé d'aidhm ag na húdaráis tuilleadh tacaíochta a thabhairt di trí infheistíochtaí spriocdhírithe.

Trí chuidiú le tionchar fostaíochta agus sóisialta na géarchéime a mhaolú agus scileanna agus tacaíocht do chuardaitheoirí poist a chur chun cinn, freagraíonn na hinfeistíochtaí agus na hathchóirithe sin moladh tírshonrach 2020.2. Rannchuidíonn na bearta sin freisin le tacú le lánpháirtiú gach cuardaitheora poist sa mhargadh saothair agus le haghaidh a thabhairt ar ghanntanais agus neamhréireanna scileanna, mar a leagtar amach i moladh tírshonrach 2019.2.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

H.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú C8.R1: Soláthar seirbhísí ag gníomhaireacht dífhostaíochta (Pôle Emploi)

Baineann an t-athchóiriú sin le hatheagrú sholáthar seirbhísí Pôle Emploi, an phríomhsheirbhís fostaíochta poiblí.

Leis an athchóiriú sin, meastar go gcuirfear feabhas ar chóireáil agus ar dhiagnóisiú aonair staid cuardaitheoirí poist agus, ar an gcaoi sin, go n-éascófar filleadh tapa daoine ar an margadh saothair. Cuirfidh sé tacaíocht mhéadaithe ar fáil do phobal níos leochailí, a bhfuil deacrachtaí sóisialta agus gairmiúla ag forluí orthu. Le seirbhísí gnó feabhsaithe agus oiliúint fheabhsaithe do chuardaitheoirí poist, meastar go gcuirfear feabhas ar mheaitseáil an tsoláthair saothair agus an éilimh ar shaothar agus go laghdófar an teannas earcaíochta atá ag dul i méid i roinnt earnálacha.

Déanfar faireachán níos sonraí ar chur chun feidhme dhá ghné: comhtháthú Cap'Emploi, a dhéanann speisialtóireacht i bhfostaíocht do dhaoine faoi míchumas, agus comhtháthú comhairleoirí cúitimh laistigh de ghníomhaireachtaí Pôle Emploi.

Athchóiriú C8.R2: Scéimeanna don obair ghearr-ama a oiriúnú

I lár ghéarchéim Covid-19 in earrach 2020, tugadh isteach scéim oibre gearr-ama eisceachtúil chun teorainn a chur leis an tionchar ar fhostaíocht agus ar ioncam mar gheall ar ghníomhaíocht eacnamaíoch laghdaithe le linn tréimhsí dianghlasála. Le linn 2021, de réir mar a thagann laghdú

ar an dara ráig den phaindéim agus de réir mar a thagann feabhas ar dhálaí eacnamaíocha, déanfar an ghnáthscéim oibre gearr-ama sin, atá tiomnaithe do laghduithe ar ghníomhaíochtaí timthriallacha, a ghéarú. Go háirithe:

- Gheobhaidh fostaithe cúiteamh 60 % (seachas 70 % faoi láthair) dá n-olltuilleamh roimhe sin (thart ar 72 % dá nglantuilleamh).
- Gheobhaidh fostóirí cúiteamh 36 % den olltuilleamh a bhí ag fostaithe roimhe seo a bhfuil páirtfhostaíocht acu (seachas 60 % faoi láthair). Méadófar an tréimhse údaraithe chun CTP a úsáid ó 12 mhí go 3 mhí, a bheidh in-athnuaithe suas le 6 mhí ar a mhéad, thar thréimhse thagartha 12 mhí.
- In am trátha, ní bhainfidh earnálacha faoi chosaint ná cuideachtaí atá dúnta ó thaobh riaracháin de tairbhe a thuilleadh as rátaí méadaithe tacaíochta.

Sa bhreis ar an scéim ghinearálta oibre gearr-ama (ADPC), cruthaíodh scéim oibre gearr-ama níos fadtéarmaí (APLD) chun tacú le gnólachtaí atá thíos le suaitheadh marthanach ach a bhfuil ionchais shuntasacha téarnaimh acu sa mheántearma. Tháinig APLD i bhfeidhm an 1 Iúil 2020 agus tá rochtain air trí chomhaontú brainse, cuideachta nó bunaíochta a thabhairt i gcrích. Bunaithe ar an idirphlé sóisialta, sonraítear i gcomhaontuithe APLD gealltanais na bhfostóirí maidir le coinneáil post agus oiliúint ghairmiúil. In 2021, laghdóidh leibhéal na tacaíochta airgeadais:

- Gheobhaidh fostóirí liúntas 60 % d'olltuilleamh na bhfostaithe a cuireadh i bpáirtfhostaíocht roimhe seo, in ionad 70 % a fhaightear faoi láthair in earnálacha faoi chosaint agus i bhfiontair dhúnta.

Athchóiriú C8.R3: Sláinte agus sábháilteacht ag an obair

Is é is cuspóir don bheart seo rialachas agus cosc sa chóras sláinte agus sábháilteachta ag an obair a threisiú. Tá dhá fhobheart sa bheart:

- sraith leasuithe ar an dlí a ghlacadh ‘chun cosc ag an obair a bhaineann leis an tsláinte a threisiú’ a ghlac an Tionól Náisiúnta an 17 Feabhra 2021, arb é is aidhm dóibh fócas an chórais ‘sláinte ag an obair’ ar chosc a mhéadú, agus ar a rialachas a atheagrú;
- úsáid uirlisí digiteacha slána ag na seirbhísí don tsláinte agus don tsábháilteacht ag an obair a dhreasú.

Athchóiriú C8.R4: Athchóiriú ar an árachas dífhostaíochta

Beartaíodh ar dtús go dtiocfadh an t-athchóiriú ar árachas dífhostaíochta, a ceapadh chun fostaíocht inbhuanaithe a chur chun cinn agus ró-úsáid conarthaí gearrthéarmacha a theorannú, i bhfeidhm de réir a chéile idir mí na Samhna 2019 agus mí an Mhárta 2021, ach cuireadh siar é mar gheall ar ghéarchéim COVID-19.

Is iad cuspóirí an athchóirithe seo ná na dreasachtaí chun filleadh ar fhostaíocht chobhsaí a neartú agus teorainn a chur leis an mbabhtáil idir conarthaí gearra agus tréimhsí dífhostaíochta. I gcás gnólachtaí, is é an aidhm atá ann teorainn a chur le húsáid iomarcach conarthaí gearra. Is éard atá san athchóiriú 3 phríomhbheart a bhaineann le cúiteamh, chomh maith le beart ‘bonus-malus’ lena gcinntear ranníocaíochtaí fostóirí leis an scéim.

Tá na bearta seo a leanas sa dara cuid den athchóiriú, a cuireadh san áireamh sa phlean téarnaimh agus athléimneachta:

- Modh nua chun an tagarmharc pá laethúil (SJR) a ríomh, arb é an bonn é chun méid an liúntais a chinneadh;

- Scála aistritheach chun sochair a bhronntar ar fhaighteoírí ardioncaim a laghdú tar éis 6 mhí de chúiteamh;
- Srian ar choinníollacha rochtana ar shochair (6 mhí seachas 4 mhí);
- Bonus-malus ranníocaíochtaí fostóirí le hárachas dífhostaíochta chun úsáid iomarcach conarthaí gearrthéarmacha a dhídhreasú.

Tiocfaidh na bearta sin i bhfeidhm ar a luaithe in 2021, a luaithe a bhainfear amach leibhéal réamhchinntithe na gníomhaíochta eacnamaíche agus na fostaíochta, arna dtomhas leis na táscairí seo a leanas:

- Laghdú 130000 ar líon na ndaoine dífhostaithe atá cláraithe le Pôle Emploi (thar 6 mhí)
- Breis agus 2700000 dearbhú fruilithe le haghaidh conarthaí is faide ná mí amháin (carnach thar 4 mhí rollacha).

Infheistíocht C8.I1: Oiliúint FNE

Tá FNE-Oiliúint tiomanta d'oiliúint a chur ar fhostaithe cuideachtaí a bhaineann tairbhe as scéimeanna oibre gearr-ama, lena n-áirítear an 'scéim oibre gearr-ama níos fadtéarmaí'. Is é is aidhm don oiliúint ghairmiúil sin uas-sciliú agus athsciliú a chothú. Is minic nach mór do chuideachtaí a chuireann a bhfostaithe i bpáirt i bhfostaíocht infheistíocht a dhéanamh in oiliúint chun cabhrú lena ngníomhaíocht teacht aniar agus dul in oiriúint d'athruithe teicneolaíochta nó eacnamaíochta a tharla le déanaí. Cé go bhfuil gá leis, tá sé níos deacra do chuideachtaí infheistíocht a dhéanamh tráth an chraptha eacnamaíoch. Tacaíonn FNE-Oiliúint le hoiliúint den sórt sin agus spreagann sé í, rud a théann chun tairbhe don fostaí, a fheabhsaíonn a infhostaitheacht, agus don chuideachta araon, rud a fheabhsaíonn a hiomaíochas. Ar scála níos leithne, téann sé sin chun tairbhe don gheilleagar freisin, trí fhorbairt scileanna a bhfuil éileamh ard orthu ar mhargadh an tsaothair a chur chun cinn.

Maoineofar leis an mbeart oiliúint fostaithe cuideachtaí a thairbhíonn de scéimeanna oibre gearr-ama, lena n-áirítear ón 'scéim oibre gearr-ama níos fadtéarmaí' in 2020 (ag tosú ón 1 Márta den bhliain sin) agus in 2021, le leibhéal tacaíochta idir 40 % agus 100 % ag brath ar mhéid an fhiontair agus ar an tráthchlár ar lena linn a tionscnaíodh an oiliúint.

Infheistíocht C8.I2: Athsciliú trí chlár oiliúna dhéacha (Pro-A)

I gcomhthéacs athruithe móra sa mhargadh saothair, cuireann an clár Pro-A ar chumas fostaithe, go háirithe iad siúd nach bhfuil cáilíochtaí leordhóthanacha acu, díriú ar a bhforbairt ghairmiúil agus athrú gairme a éascú, trí dhéoiúint as a dtiocfaidh deimhniú gairmiúil.

Malartaíonn an fostaí idir oiliúint i suíomh foirmiúil arna soláthar ag comhlacht oiliúna agus gníomhaíocht ghairmiúil sa chuideachta, ar feadh tréimhse 6 go 12 mhí (d'fhéadfaí é a shíneadh go 24 mhí le haghaidh cáilíochtaí agus spriocghrúpaí áirithe). Féadfar an oiliúint a dhéanamh le linn uaireanta oibre nó ina ndiaidh. Féadfaidh an t-oibreoir scileanna cuid de na costais oiliúna nó iad go léir, costais iompair agus chóiríochta, chomh maith le luach saothair an fhostaí le linn a Pro-A, a chumhdach.

Maoineofar leis an mbeart sin an t-aistriú gairmiúil le haghaidh 9000 tairbhí idir 2021 agus 2023.

Infheistíocht C8.I3: Fóirdheontais fruilithe do phrintíseachtaí

Is éard a bheidh sa bheart fóirdheontas airgeadais d'fhostóirí printíseach le linn a gcéad bhliana conartha, arb ionann é agus suas le huasmhéid EUR 8000 do dhaoine os cionn 18 mbliana d'aois, agus EUR 5000 do mhionaoisigh.

Cé go bhfuil an chabhair ar fáil do gach cuideachta, ní mór do chuideachtaí a bhfuil 250 fostaí nó níos mó acu ceann amháin de na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

- 5 % de na conarthaí a shroicheadh, conarthaí a thacaíonn le cur isteach gairmiúil in 2021 (conradh printíseachta agus gairmiúlachta, VIE, CIFRE);
- sin nó ar a laghad 3 % dá lucht saothair a bheith ag glacadh páirt i geláir dhé-oiliúna (conradh printíseachta agus gairmiúlachta) in 2021, fad is atá méadú 10 % ar a laghad ann ó bhí 2020 ann.

I gcás aon chonartha printíseachta a chuir an tOibrítheoir Inniúlachta (Opco) ar fáil, íocfaidh an Ghníomhaireacht Seirbhíse agus Íocaíochta (ASP) an tacaíocht gach mí roimh an luach saothair agus ó thús an chonartha.

Infheistíocht C8.I4: Fóirdheontais fruilithe le haghaidh conarthaí gairmiúlaithe

Leis na fóirdheontais fostaíochta spriocdhírthe sin, cuirtear tacaíocht ar fáil d'fhostóirí a earcaíonn fostaí a ullmhaíonn dioplóma, teastas nó cáilíocht ghairmiúil dá dtagraítear in aicmiú náisiúnta teastas.

Is éard atá sa bheart fóirdheontas airgeadais míosúil d'fhostóirí le linn na chéad bhliana de chonradh gairmiúlaithe, arb ionann é agus suas le EUR 8000 ar a mhéad d'fhostaithe idir 18 agus 30 bliain d'aois, agus EUR 5000 do mhionaoisigh. Is ionann na méideanna sin agus 50 % den tuarastal do dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois, 65 % dóibh siúd atá idir 21-30 bliain d'aois, agus 50 % dóibh siúd atá idir 21-30 bliain d'aois.

Infheistíocht C8.I5: Fóirdheontais earcaíochta do dhaoine óga faoi bhun 26 bliana d'aois

Is éard atá sa bheart fóirdheontas fruilithe don óige faoi bhun 26 bliana d'aois i bpoist a bhfuil cáilíochtaí measartha acu nó i bpoist ar leibhéal iontrála (tuarastal teoranta do dhá oiread an phá íosta), a bheidh le híoc chun conradh ar théarma seasta 3 mhí ar a laghad nó conradh neamhiata a thabhairt i gcrích idir an 1 Lúnasa 2020 agus an 31 Márta 2021.

Is é EUR 4000 in aghaidh na bliana an t-uasleibhéal tacaíochta, agus déantar íocaíochtaí ceithre huair sa bhliain. Cuireadh síneadh leis an mbeart sin go dtí an³¹ Bealtaine 2021 ach tá sé teoranta anois do thuarastal atá níos lú ná 1.6 oiread an phá íosta nó cothrom leis.

Infheistíocht C8.I6: Poist a chruthú don óige in earnáil an spóirt

Cuireann an beart seo tacaíocht airgeadais ar fáil ar feadh suas le dhá bhliain tar éis post a chruthú in earnáil an spóirt, atá dírithe ar dhaoine óga faoi bhun 30 bliain d'aois a fhostú. Tacaíonn an beart seo le poist bhvana agus poist nach féidir a athlonnú a chruthú, rud a chuidíonn leis an óige dul isteach go marthanach i margadh an tsaothair, agus sláinte agus deiseanna aclaíochta don phobal i gcoitinne á gcur chun cinn ag an am céanna.

Infheistíocht C8.I7: Scoileanna cónaithe le haghaidh barr feabhais

Is é is aidhm do scoileanna cónaithe le haghaidh barr feabhais timpeallacht a chur ar fáil do dhaltaí, go háirithe dóibh siúd ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste, a oireann níos fearr don fhoghlaim, a scoileanna a fhorbairt agus a mianta oideachais a leathnú.

Mar sin féin, níl go leor de na scoileanna cónaithe atá ann cheana in oiriúint go maith a thuilleadh do na riachtanais atá ann faoi láthair, rud a fhágann go bhfuil ráta áitíochta íseal ann. Rannchuideoidh an t-athchóiriú le nuachóiriú na saoráidí sin, rud a threiseoidh tarraingteacht na ndeiseanna oideachais sin. Leis an mbeart seo, maoineofar athchóiriú nó cruthú 1500 áit i scoileanna cónaithe le haghaidh barr feabhais faoi dheireadh mhí na Nollag 2023.

Infheistíocht C8.I8: “Slógtha le chéile chun go n-éireoidh leis” (Cordées de la réussite)

Is éard atá sa chlár “Ar scáth a chéile ar mhaithe le rath” ná clár cóitseála fadtéarmach idir mic léinn ardoideachais (“teagascóirí”) agus mic léinn meánscoile ó cheantair faoi mhíbhuntáiste (oideachas tosaíochta agus ceantair thuaithe). Is é an aidhm atá ann uailmhianta agus dearthaí

na ndaltaí sin a leathnú, agus cabhrú leo a dtionscadal pearsanta agus gairmiúil féin a fhorbairt. Baintear é sin amach trí mheascán de mheantóireacht phearsanta agus de ghníomhaíochtaí grúpa lena gcothaítear tuilleadh oscailteachta cultúrtha agus sóisialta (e.g. cuairt ar mhúsaeim agus ar institiúidí poiblí, cuairt ar earnálacha gairmiúla agus ar ionaid oibre éagsúla, rannpháirtíocht i gcomhdhálacha, gníomhaíochtaí múscaillte feasachta maidir le steiréitíopaí, forbairt scileanna boga amhail labhairt phoiblí). Tá na gníomhaíochtaí curtha in oiriúint d'aois na ndaltaí, toisc gur féidir leo clárú sa chlár ag thart ar 13 bliana d'aois agus meastar go leanfaidh siad de bheith rannpháirteach go dtí go mbainfidh siad céim amach ón meánoideachas.

Tá an clár seo bunaithe ar an gcomhpháirtíocht idir, ar thaobh amháin ollscoileanna nó forais ardoideachais (amhail ardscoileanna a thairgeann ranganna ullmhúcháin 2 bhliain iar-baccalauréate freisin) agus, ar an taobh eile meánscoileanna agus ardscoileanna ó cheantair thuaithe nó ó cheantair faoi mhíbhuntáiste a gheallann 30 % dá mic léinn a chlárú laistigh d'aoisghrúpa ar leith sa chlár. Roghnaíonn coistí réigiúnacha na comhpháirtíochtaí 3 bliana sin trí ghlaonna ar thionscadail.

Leis an mbeart seo, maoiníofar rannpháirtíocht 185000 mac léinn sa chlár.

Infheistíocht C8.I9: Ráthaíochtaí Stáitbhunaithe le haghaidh iasachtaí do mhic léinn

Tá iasachtaí do mhic léinn a fhaigheann tacaíocht ó ráthaíochtaí Stáit ceaptha cabhrú le mic léinn faoi bhun 28 mbliana d'aois a gcuid staidéir a mhaoiniú. Cuireann an ráthaíocht Stáit ar chumas mac léinn nach bhfuil in ann ráthaíocht phearsanta a sholáthar rochtain a fháil ar chreidmheas is gá chun a gcuid staidéir a mhaoiniú.

Féadfar aisiocaíocht na hiasachta a chur siar go dtí go bhfaighfear an chéim. Is é EUR 20000 an t-uasmhéid a fhaightear ar iasacht ar feadh 2 bhliain ar a laghad. Dá bhrí sin, ba cheart go maoiníofaí leis an mbeart sin na ráthaíochtaí Stáit le haghaidh 36000 iasacht mac léinn ar a laghad.

Infheistíocht C8.I10: Conairí pearsantaithe don óige idir 16-18 mbliana d'aois nach gcomhlíonann na ceanglais oiliúna

Leis an mbeart seo, cuirtear tacaíocht ghearrthéarmach ar fáil do luathfhágálaithe scoile, go háirithe i bhfianaise na ndeacrachtaí breise a bhí acu tar éis ghéarchéim COVID-19 agus na ndianghlasálacha a d'eascair aisti, agus é mar aidhm leis cuidiú le haghaidh a thabhairt san fhadtéarma ar eisiámh daoine óga ar bheagán oiliúna ó mhargadh an tsaothair.

Leis an mbeart, cuirfear tacaíocht shaincheaptha ar fáil do mhionaoisigh nach gcomhlíonann ceanglais oiliúna. Is é an cuspóir atá ann réiteach a chur ar fáil do gach duine idir 16-18 mbliana d'aois a sainaitníodh mar dhuine nach gcomhlíonann an oibleagáid oiliúna de réir a riachtanas agus a thionscadail ghairmiúil. Táthar ag súil go mairfidh an clár 13 seachtaine ar an meán agus go gcruthófar é chun deis a thabhairt do dhaoine óga oibriú ar scileanna boga, roghanna gairme a aimsiú, agus tacaíocht chuimsitheach a fháil (sóisialta, spóirt, cultúrtha, ag brath ar éagsúlachtaí an chláir).

Infheistíocht C8.I11: Áiteanna san ardoideachas a chruthú

Mar thoradh ar thorthaí eisceachtúla ag scrúdú Baccalauréate, tá méadú suntasach tagtha ar líon na mac léinn a chuir tús leis an ardoideachas i bhfómhar 2020. Is éard a bheidh sa bheart áiteanna oiliúna breise a chruthú san ardoideachas, arb é is aidhm dóibh réitigh a chur ar fáil don óige agus an tairiscint oiliúna d'earnálacha eacnamaíocha a bhfuil éileamh mór orthu a mhéadú.

Áireofar leis an mbeart áiteanna breise a oscailt in oiliúint ghearr agus in oiliúint ghairmiúil; i mbaitsiléir, i scoileanna altranais agus in oiliúint pharaimhíochaine ag leanúint go háirithe an comhthéacs reatha agus comhaontú Ségur de la Santé.

Infheistíocht C8.I12: Plean don óige: ardoideachas do mhic léinn iar-baccalaureate

I bhfianaise an ghá atá le háiteanna breise san ardoideachas, comhlánaíonn an infheistíocht sin an infheistíocht i gcruthú áiteanna san ardoideachas, le háiteanna a oscailt i ndíoplómaí dhá bhliain níos giorra chomh maith le hoiliúint bliana.

Cruthófar áiteanna breise faoi mhí Mheán Fómhair 2021, sna réimsí seo a leanas:

- áiteanna le haghaidh BTS dhá bhliain;
- áiteanna le haghaidh CBT bliana;
- áiteanna atá ar oscailt in oiliúint tionscnaimh áitiúil agus in oiliúint chomhlántach eile;
- áiteanna le haghaidh CBT trí bliana.

Infheistíocht C8.I13: ‘Treoir phearsantaithe i dtreo na fostaíochta agus an neamhspleáchais’ (PACEA) agus an ráthaíocht don aos óg

Is éard atá sa ‘treoir phearsantaithe i dtreo na fostaíochta agus an neamhspleáchais’ (PACEA) creat conarthach comhtháite chun tacú le daoine óga idir 16 agus 25 bliana d’aois a bhfuil deacrachtaí lánpháirtíochta acu. Cuidíonn diagnóis tosaigh le riachtanais agus ionchais gach óige a shainiú, agus céimeanna tacaíochta aonair d’fhad éagsúil ina dhiaidh sin, suas le 24 mhí as a chéile ar a mhéad. Sainítear na céimeanna sin ar bhonn aonair agus d’fhéadfadh oiliúint, nó socrúchán oibre, rannpháirtíocht sa tseirbhís shibhialta nó obair dheonach a bheith san áireamh leo.

Comhcheanglaíonn an ráthaíocht don aos óg, ar dianchéim tacaíochta í laistigh de PACEA, clár suas le 12 mhí (a fhéadfar a shíneadh go 18 mí), lena n-áirítear treoir phearsantaithe, le fóirdheontas míosúil chun tacú le rannpháirtíocht sa chlár a bhféadfadh taithí oibre agus oiliúint a bheith san áireamh ann freisin. Maoineofar leis an mbeart sin na fóirdheontais a íoctar le daoine óga atá rannpháirteach in PACEA agus sa ‘Ráthaíocht don Aos Óg’.

Infheistíocht C8.I14: Conarthaí dá dtugtar cabhair don óige (PEC agus CIE)

Tá daoine óga atá ag dul isteach i margadh an tsaothair i measc na ndaoine is mó atá thíos le tionchar diúltach ghéarchéim COVID-19. Dá bhrí sin, chun cabhrú leis na daoine óga is faide ón bhfostaíocht, tá gá le bearta treisithe, amhail conarthaí fóirdheonaithe atá dírithe ar an óige, san earnáil neamhbhrabúis (PEC) agus san earnáil bhrabúis araon (Conarthaí Tionscnaimh Fostaíochta (CIE)).

Leis na conarthaí fóirdheonaithe sin, a mhaireann idir 6 mhí agus 24 mhí ar mheastachán (eisceachtaí coiscthe a liostaítear sa Chód Saothair), comhcheanglaítear tairiscint fostaíochta le treoir phearsantaithe le comhairleoir fostaíochta agus rochtain fheabhsaithe ar oiliúint do PEC.

San earnáil neamhbhrabúis (PEC), is ionann an cúiteamh míosúil a íoctar leis an bhfostóir agus 65 % den ollphá fosta as na huairéanta a oibríodh, agus is ionann conarthaí agus 21.3 uair an chloig ar an meán in aghaidh na seachtaine (ar a laghad fiche uair an chloig).

San earnáil bhrabúsach (CIE), is ionann an cúiteamh a íoctar leis an bhfostóir agus 47 % den ollphá fosta, agus is ionann conarthaí agus 30 uair an chloig ar an meán in aghaidh na seachtaine (íosmhéid 20 uair an chloig).

Maoineofar leis an mbeart sin 65000 chonradh dá dtugtar cabhair (PEC agus CIE le chéile) a tugadh i gcrích in 2020 agus 2021.

Infheistíocht C8.I15: Tacaíocht d’fhostóirí chun daoine faoi mhíchumas a fhostú (AMEETH)

Íoctar an fóirdheontas fostaíochta spriocdhírthe sin le haon fhostóir a fhostaíonn fostaí faoi mhíchumas

idir an 1 Meán Fómhair 2020 agus an 30 Meitheamh 2021, le haghaidh conradh ar théarma seasta 3 mhí ar a laghad nó conradh neamhiata. Deonaítear an fóirdheontas fruilithe le haghaidh poist ina bhfuil tuarastail suas le dhá oiread an phá íosta, agus is é EUR 4000 thar thréimhse bliana uasmhéid na tacaíochta.

Maoineofar leis an mbeart sin 12500 fóirdheontas fruilithe ar a laghad in 2021 chun daoine faoi mhíchumas a earcú.

Infheistíocht C8.I16: Síneadh a chur leis an bplean ‘fostaíocht threoraithe’ do dhaoine faoi mhíchumas

Is éard atá i gceist leis an scéim tacaíochta ‘Fostaíocht threoraithe’ treoir phearsantaithe a chur ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas chun cabhrú le tionscadal saincheaptha a cheapadh, bunaithe ar an gcur chuige ‘áit agus traein’. Féadfar tacaíocht a thabhairt don fhostóir agus don fhostaí araon sa mheántearma, bunaithe ar dhéine na riachtanas (ó 2 uair an chloig in aghaidh na míosa go dtí níos mó ná 12 uair an chloig in aghaidh na míosa le haghaidh na gcéimeanna is déine).

Cuirtear an scéim tacaíochta sin in iúl trí cheithre mhodúl ar leith a d’fhéadfaí a chur in oiriúint don chás aonair:

- a) Meastóireacht ar staid an oibrí faoi mhíchumas, agus a thionscadal gairmiúil, a chumais agus a riachtanais, chomh maith le riachtanais an fhostóra, más ábhartha, á gcur san áireamh
- b) An tionscadal gairmiúil a mhionsaothrú agus cúnamh a thabhairt maidir lena chur chun feidhme d’fhonn fostaíocht a chomhtháthú go tapa i dtimpeallacht chaighdeánach oibre
- c) Cúnamh a thabhairt don tairbhí fostaíocht a fháil
- d) Tacaíocht le linn na fostaíochta, chun rochtain ar oiliúint a éascú, chomh maith le measúnuithe scileanna agus, i gcás inar gá, idirghabháil a sholáthar leis an bhfostóir chun na dálaí oibre agus an timpeallacht a oiriúnú do riachtanais shonracha. Is cóitseálaí poist oilte a fheidhmíonn mar phointe tagartha don fhostaí agus don fhostóir is mó a chuireann an tacaíocht ar fáil. Maoineofar leis an mbeart sin síneadh na scéime tacaíochta. Cé nach eol líon na dtairbhíthe roimh ré, mar gheall ar éagsúlachtaí suntasacha sa leibhéal tacaíochta a chuirtear ar fáil, déanfar é a thuairisciú ar bhonn ex post, a luaithe a bheidh an síneadh curtha chun feidhme ina iomláine.

Infheistíocht C8.I17: Cúrsaí cianoiliúna

Trí chúrsaí cianfhoghlama a fhorbairt, rannchuidítear le comhtháthú sóisialta agus críochach trí dheiseanna oiliúna a chur ar fáil do dhaoine a d’fhéadfadh a bheith eisiata roimhe sin mar gheall ar shrianta soghluaisteachta (daoine faoi mhíchumas, nó daoine a bhfuil cónaí orthu i gceantair thuaithe, nó a thugann aire do dhaoine eile) agus, dá bhrí sin, teagmháil níos fearr a dhéanamh le spriocghrúpaí, lena n-áirítear daoine dífhostaithe, agus foghlaim ar feadh an tsaoil a chur chun cinn. Thairis sin, d’fhéadfadh digitiú foriomlán na gcúrsaí rannchuidiú le sealbhú agus forbairt bunscileanna digiteacha.

Leis an infheistíocht sin, maoineofar oscailt 30000 cúrsa cianoiliúna breise arna n-eagrú ag an ngníomhaireacht náisiúnta fostaíochta, Pôle Emploi. Meastar freisin go n-áireofar leis an mbeart luach saothair thar thréimhse iomlán na hoiliúna, a mheastar a bheith 8 mí ar an meán, le haghaidh thart ar 42 % de na rannpháirtithe.

Infheistíocht C8.I18: Gairmoiliúint a nuachóiriú agus a dhigitiú

Le géarchéim COVID-19 agus leis na bearta sláintíochta a d’eascair aisti, leagadh béim ar an

tábhacht a bhaineann leis an gciánfhoghlaim agus le huirlisí agus modúil dhigiteacha. Ba cheart an ghairmoiliúint a thairiscint le níos mó solúbthachta, lena gcomhcheanglófaí deiseanna foghlama ar an láthair, deiseanna foghlama hibrideacha agus deiseanna cianfhoghlama. Is éard a bheidh sa bheart i) tacú le tionscadail nuálacha chun gairmoiliúint a dhigitiú agus a nuachóiriú, arna gcur ar aghaidh ag gníomhaithe eacnamaíocha ar leibhéal an tionscail nó ag líonraí soláthraithe oiliúna. ii) tacú le soláthar oiliúna i ‘dtríú háiteanna’ chun an oiliúint a dhéanamh níos inrochtana agus níos tarraingtí.

Infheistíocht C8.I19: Leithdháileadh breise le haghaidh na gcomhlachas ‘Aistrithe Pro’ (AT pro) chun aistrithe gairmiúla a mhaoiniú

Le haistrithe gairmiúla agus atreorú gairmiúil, is féidir acmhainní a ath-leithdháileadh ar fud na n-earnálacha eacnamaíocha, trí scileanna a sholáthar d’fhostaithe atá oiriúnaithe níos fearr don chomhthéacs eacnamaíoch atá ann faoi láthair. Maoinítear aistrithe gairmiúla go háirithe leis na comhlachais thiomnaithe ‘Transition Pro’ (AT Pro) lena gcumhdaítear costais oiliúna agus costais eile, luach saothair agus costais shóisialta ghaolmhara. Tá éileamh mór ar athruithe gairmréime treoraithe den sórt sin, ós rud é go bhfuarthas os cionn 35000 iarraidh in 2019 agus nár maoiníodh ach 18231 díobh. Is éard a bheidh sa bheart maoiniú le haghaidh aistrithe breise, a bhfuil éileamh mór orthu.

Ar an leibhéal réigiúnach, cuireadh de chúram ar na comhlachais ‘Transition Pro’ liosta cuimsitheach post a tharraingt suas a d’fhéadfadh tairbhe a bhaint as maoiniú faoin bplean France Relance. Meastar go ndíreofar sa liosta sin ar na poist a bhfuil peirspictíochtaí arda fostaíochta ag baint leo sa réigiún, agus na tosaíochtaí a leagtar amach i bplean France Relance (an t-aistriú glas, claochlú digiteach an gheilleagair) á gcur san áireamh.

Infheistíocht C8.I20: Breisiú ar chuntais foghlama aonair le haghaidh scileanna digiteacha

Chun sealbhú scileanna digiteacha a chothú ar fud an lucht saothair, treisítear rochtain ar oiliúint lena ndírítear go sonrath ar scileanna digiteacha nó ar ghairmeacha digiteacha, trína chur ar chumas daoine aonair clárú leis an oiliúint sin trína gcuntais foghlama aonair. Meastar nach amháin go méadóidh sé sin infhostaitheacht na rannpháirtithe, agus ar scála níos leithne go rannchuideoidh sé le haghaidh a thabhairt ar shaincheist na mí-oiriúna scileanna ar fud an lucht saothair.

Cuirfear creidmheas EUR 1000 le cuntais foghlama aonair, a fhéadfar a úsáid le haghaidh oiliúint atá nasctha le scileanna digiteacha nó le gairmeacha digiteacha. Tá thart ar 400 oiliúint údaráithe don úsáid sin, ar féidir freastal orthu le linn uaireanta oibre ar choinníoll go n-aontaíonn an fostóir leis sin. Nuair a bheidh an oiliúint curtha i gcrích, íoctar an costas leis an gcomhlacht oiliúna.

Infheistíocht C8.I21: Méadú ar acmhainní le haghaidh France Compétences

Is éard atá i gceist leis an mbeart deontas a thabhairt do France Compétences, an t-údarás náisiúnta atá freagrach as printíseachtaí agus oiliúint ghairmiúil a rialáil agus a mhaoiniú, faoi réir vóta ag Bord Stiúrthóirí na bunáíochta, faoin 30 Samhain 2021, de bhuiséad comhardaithe le haghaidh 2022. Mar gheall ar níos lú acmhainní a bhaineann leis an ngéarchéim eacnamaíoch, bhí gá le tacaíocht bhreise aonuaire chun go mbeadh France compétences in ann freagairt don éileamh ardmhéadaithe ar phrintíseachtaí. Maoiníofar leis an mbeart 160000 conradh printíseachta breise a bhfuiltear ag súil leo faoin 31 Nollaig 2023.

Leis an infheistíocht sin, méadófar go sealadach na híocaíochtaí arna ndéanamh ag France Compétences le hoibreoírí scileanna (OPCO), lena gcumhdaítear, go háirithe, na costais a bhaineann le hoiliúint a chur ar phrintísigh. Is gné thábhachtach d’úsáid printíseachtaí don fhostóir é a áirithiú go gcumhdaítear costais oideachais.

Infheistíocht C8.I22: Méadú ar acmhainní do Pôle Emploi

Earcóidh Pôle Emploi 1000 comhairleoir ar chonarthaí ar théarma seasta, rud a chuirfidh tuilleadh tacaíochta ar fáil do chuardaitheoirí poist in am an ghátair eacnamaíoch. Cuirfidh an earcaíocht bhreise sin ar chumas na Gníomhaireachta treoir a thabhairt do na cuardaitheoirí poist breise a eascraíonn as an ngéarchéim eacnamaíoch atá ann faoi láthair, a bhfuiltear ag súil go dtiocfaidh méadú breise orthu a luaithe a chuirfear deireadh de réir a chéile leis an tacaíocht eacnamaíoch d'fhiontair (amhail scéimeanna oibre gearr-ama).

Thairis sin, cuirfidh na comhairleoirí breise cuid de sheirbhísí nua Pôle Emploi chun feidhme mar a shainmhínítear i gcomhaontú tríthaobhach 2019-2022.

H.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Milestone/Sprioc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspriocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spriocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
8-1	C8.R1: Athchóiriú ar sholáthar seirbhísí ag an ngníomhaireacht dífhostaíochta	Cuspóir sonrach	Gníomhaireachtaí a bhfuil seirbhísí comhtháite Cap'Emploi acu		Uimhir	0	700	R4	2022	Líon na ngníomhaireachtaí Pòle Emploi a bhfuil seirbhísí Cap'Emploi comhtháite acu.
8-2	C8.R1: Athchóiriú ar sholáthar seirbhísí ag an ngníomhaireacht dífhostaíochta	Cuspóir sonrach	Gníomhaireachtaí ag a bhfuil comhairleoir cúitimh		Uimhir	0	700	R4	2022	Líon na ngníomhaireachtaí Pòle Emploi a bhfuil an leagan amach 'comhairleora cúitimh' curtha chun feidhme acu.
8-3	C8.R2: Athchóiriú ar scéimeanna oibre gearrthéarmacha	Garsprioc	Athchóiriú ar an scéim oibre gearr-ama chun borradh a chur faoin ngníomhaíocht eacnamaíoch trí shrian a chur de réir a chéile leis an bhflaithiúlacht agus trí choinníollacha rochtana níos déine ar na scéimeanna	Teacht i bhfeidhm				C3	2021	Is éard atá sna hoiriúnuithe: <ul style="list-style-type: none"> • Laghdú ar leibhéal chúitimh d'fhostóirí agus d'fhostaithe • Laghdú ar bhailíocht na tréimhse údaraithe chun dul i muinín na scéime oibre gearr-ama (ó 12 mhí go 3 mhí, inathnuaite thar thréimhse 12 mhí) • Deireadh a chur de réir a chéile le ráta méadaithe tacaíochta d'earnálacha faoi chosaint agus do chuideachtaí atá dúnta ó thaobh riaracháin de

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Milestone/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
8-4	C8.R3: Athchóiriú ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht ag an obair	Garspríoc	Glacadh leasuithe ar an dlí arb é is aidhm dóibh córas níos éifeachtaí de ghníomhaithe ‘sláinte ag an obair’ a chur ar fáil don Fhrainc, ag díriú ar chosc ar thaobh amháin, agus ar an taobh eile rialachas agus feidhmiú na n-institiúidí atá freagrach as ‘sláinte ag an obair’ a atheagrú	Teacht i bhfeidhm				R4	2021	Glacadh leasuithe ar an dlí arb é is aidhm dóibh córas níos éifeachtaí ‘gníomhaithe sláinte ag an obair’ a chur ar fáil don Fhrainc, ag díriú ar chosc ar thaobh amháin, agus ar an taobh eile rialachas agus feidhmiú na n-institiúidí atá freagrach as ‘sláinte ag an obair’ a atheagrú.
8-5	C8.R3: Athchóiriú ar an tsláinte agus ar an tsábháilteacht ag an obair	Cuspóir sonrach	Seirbhísí sláinte agus sábháilteachta ag an obair atá feistithe le huirlisí digiteacha slána		Uimhir	0	165	C2	2026	Líon na seirbhísí sláinte agus sábháilteachta ag an obair atá feistithe le huirlisí digiteacha slána.
8-6	C8.R4: Athchóiriú ar an árachas dífhostaíochta	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm roinnt beart chun an scéim dífhostaíochta a athchóiriú	Teacht i bhfeidhm				R4	2021	Teacht i bhfeidhm roinnt beart a bhaineann leis an méid seo a leanas: <ul style="list-style-type: none"> • Modh nua chun an pá laethúil tagarmhairc (SJR) a ríomh; • Scála aistritheach chun sochair a bhronntar ar fhaighteoirí ardioncaim a laghdú tar éis 8 mí de chúiteamh; • Teacht i bhfeidhm na chéad chéime den ‘bonus malus’

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Milestone/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
8-7	C8.R4: Athchóiriú ar an árachas dífhostaíochta	Garspríoc	Teacht i bhfeidhm uathoibríoch na mbeart atá fágtha a luaithe a thiocfaidh feabhas ar dhálaí eacnamaíochta	Teacht i bhfeidhm				R4	2022	Teacht i bhfeidhm uathoibríoch na mbeart atá fágtha a luaithe a thiocfaidh feabhas ar dhálaí eacnamaíochta: <ul style="list-style-type: none"> Srian ar choinníollacha rochtana ar shochair (6 mhí seachas 4 mhí) Scála aistritheach chun sochair a bhronntar ar fhaighteoír ardioncaim a laghdú tar éis 6 mhí de chúiteamh.
8-8	C8.I1: Oilúint FNE	Cuspóir sonrath	Oilúint arna soláthar i gcomhthéacs conairí oiliúna Foirmíochta FNE		Uimhir	0	400 000	R4	2022	An líon cúrsaí oiliúna agus gníomhaíochtaí eile (bailíochtú acquis, measúnú inniúlachta).
8-9	C8.I2: Athsciliú trí chláir oiliúna sealaíochta (Pro A)	Cuspóir sonrath	Fostaíthe a bhaineann tairbhe as an gclár Pro-A		Uimhir	0	9 000	R4	2023	Líon na bhfostaíthe atá rannpháirteach in athsciliú trí chláir oiliúna sealaíochta (Pro-A).
8-10	C8.I3: Fóirdheontas fruilithe le haghaidh conarthaí printíseachta	Cuspóir sonrath	Fóirdheontas fostaíochta a íoctar le haghaidh conarthaí printíseachta		Uimhir	0	333 374	R4	2021	Líon na gconarthaí printíseachta ar íocadh fóirdheontas fruilithe leis an bhfostóir ina leith.
8-11	C8.I4: Fóirdheontas fruilithe le haghaidh conarthaí gairmiúlaithe	Cuspóir sonrath	Fóirdheontas fruilithe a íoctar le haghaidh conarthaí gairmiúlaithe		Uimhir	0	100 000	C1	2022	Líon na gconarthaí gairmiúlaithe ar íocadh an fóirdheontas gairmiúlaithe eisceachtúil leis an bhfostóir ina leith.
8-12	C8.I5: Fóirdheontas fruilithe do dhaoine óga faoi bhun 26 bliana d'aois	Cuspóir sonrath	Fóirdheontas fostaíochta a íoctar ar chonarthaí lena bhfostaítear daoine óga faoi 26		Uimhir	0	337 000	C1	2021	Líon na gconarthaí ar íocadh an fóirdheontas fruilithe don aos óg leis an bhfostóir ina leith.

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Milestone/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
8-13	C8.16: Poist a chruthú don óige in earnáil an spóirt	Cuspóir sonrath	Poist a chruthaítear in earnáil an spóirt a thairbhíonn d'fhóirdheontas		Uimhir	0	2 200	C3	2023	Líon na bpost a chruthaítear in earnáil an spóirt a thairbhíonn d'fhóirdheontas.
8-14	C8.17: Scoileanna cónaithe le haghaidh barr feabhais	Cuspóir sonrath	Áiteanna tógtha nó athchóirithe		Uimhir	0	1 500	C3	2023	Líon na n-áiteanna a tógadh nó a athchóiríodh i "Scoileanna barr feabhais a bhordáil".
8-15	C8.18: 'Curtha le chéile chun go n-éireoidh leis'	Cuspóir sonrath	Mic léinn atá ag glacadh páirt sa chlár "cordées de la réussite"		Uimhir	0	185 000	C3	2021	Líon na mac léinn atá rannpháirteach sa chlár "cordées de la réussite".
8-16	C8.19: Ráthaíochtaí Stát-thacaithe le haghaidh iasachtaí do mhic léinn	Cuspóir sonrath	Tairbhíthe iasachtaí mac léinn arna ráthú ag an Stát		Uimhir	0	36 000	R4	2022	Líon na dtairbhíthe d'iasachtaí mac léinn atá ráthaithe ag an stát, tar éis leasú a dhéanamh ar an gcomhaontú le Bpifrance lena méadaítear an soláthar Stáit.
8-17	C8.110: Conair phearsantaithe do dhaoine óga idir 16-18 mbliana d'aois nach gcomhlíonann an ceanglas oiliúna	Cuspóir sonrath	Daoine óga ag dul isteach i ngníomhaíochtaí AFPA		Uimhir	0	10 500	C1	2022	Líon na ndaoine óga idir 16-18 mbliana d'aois atá ag dul isteach sa chéad chéim den chonair phearsantaithe a chuireann an ghníomhaireacht náisiúnta ar fáil chun oiliúint ghairmiúil a chur ar dhaoine fásta (Afpa).

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Milestone/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
8-18	C8.I11: Áiteanna san ardoideachas a chruthú	Cuspóir sonrach	Áiteanna san ardoideachas cruthaithe		Uimhir	0	30 000	R4	2022	An líon áiteanna san ardoideachas a cruthaíodh, mar a tuairiscíodh tríd an suirbhé ar an 'gcóras faisnéise um fhaireachán mac léinn' a rinne an fho-stiúrtóireacht um Chórais TF agus Staidéir Staidrimh de chuid na hAireachta Ardoideachais agus Taighde (MESR) (suirbhé 'le Système d'Information sur le Suivi de l'Etudiant — SISE').
8-19	C8.I12: Plean don óige: ardoideachas	Cuspóir sonrach	Áiteanna san ardoideachas cruthaithe		Uimhir	0	16 000	C3	2021	Líon na n-áiteanna san ardoideachas a cruthaíodh, mar a tuairiscíodh trí shuirbhéanna a rinne Acadaimh.
8-20	C8.I13: PACEA agus an Rátháíocht don Aos Óg	Cuspóir sonrach	Daoine a fuair sochar PACEA nó sochar rátháíochta don aos óg in 2021		Uimhir	0	130 000	C1	2022	Líon na ndaoine óga a fuair sochar PACEA nó sochar rátháíochta don aos óg in 2021.
8-21	C8.I14: Conarthaí dá dtugtar cabhair don óige (PEC agus CIE)	Cuspóir sonrach	Conarthaí dá dtugtar cabhair		Uimhir	0	65 000	C1	2022	An líon conarthaí dá dtugtar cabhair, le haghaidh PEC don óige agus le haghaidh na hóige CIE, mar a thuairiscigh Pôle Emploi.
8-22	C8.I15: Tacaíocht d'fhostóirí chun daoine faoi mhíchumas a fhostú (AMEETH)	Cuspóir sonrach	Fóirdheontais a íocadh		Uimhir	0	12 500	C2	2021	An líon fóirdheontas fruilithe a íocadh chun fostaí faoi mhíchumas a fhostú.
8-23	C8.I16: Síneadh a chur leis an bplean "fostaíocht thionlactha"	Garspríoc	Imscaradh iomlán an tsínidh leis an bplean "fostaíocht thionlactha"	Tuarascáil ina bhfuil fianaise ar chur i gcrích				C2	2023	Úsáid iomlán a bhaint as an síneadh leis an bplean 'fostaíocht thionlactha' lena dtacaítear le daoine faoi mhíchumas.

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Milestone/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
8-24	C8.I17: Cúrsaí cianoiliúna	Cuspóir sonrach	Iontrálacha i gcúrsaí cianoiliúna		Uimhir	0	30 000	R4	2023	Líon na n-iontrálacha i gcúrsaí cianfhoghlama mar a mhol Pôle Emploi.
8-25	C8.I18: Gairmoiliúint a nuachóiriú agus a dhigitiú	Cuspóir sonrach	Institiúidí oiliúna a dhearbhaíonn go bhfuil rannpháirtithe oilte acu go páirteach nó go hiomlán tríd an gcianfhoghlaim		Uimhir	0	11 000	R4	2025	Líon na n-institiúidí oiliúna a dhearbhaíonn go bhfuil rannpháirtithe oilte acu go páirteach nó go hiomlán tríd an gcianfhoghlaim ina Ráiteas Oideachais agus Airgeadais.
8-26	C8.I18: Gairmoiliúint a nuachóiriú agus a dhigitiú	Garspríoc	Tacaíocht do chúnaimh bainistíochta tionscadail chun tacú le hábhar digiteach a dhearadh agus a scaipeadh	Táirgí insoláthartha a tharchur				R4	2022	Táirgí insoláthartha a tháirgtear mar chuid den tacaíocht do chúnaimh bainistíochta tionscadail arb é is aidhm dóibh tacú le dearadh agus scaipeadh ábhair dhigitigh (lena n-áirítear na 15 chomhad tionscadail).
8-27	C8.I19: Leithdháileadh breise le haghaidh na gcomhlachas 'Aistrithe Pro' (AT pro) chun aistrithe gairmiúla a mhaoiniú	Cuspóir sonrach	Aistrithe gairmiúla arna maoiniú		Uimhir	12 277	16 177	R4	2022	Cuireadh tús le méadú (+ 3900) ar líon na n-aistrithe gairmiúla maoinithe in 2021, i gcomparáid le líon iomlán na n-aistrithe gairmiúla maoinithe in 2020.

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Milestone/Spríoc	Ainm	Táscairí cáilíochtúla (le haghaidh garspríocanna)	Táscairí cainníochtúla (le haghaidh spríocanna)			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad tomhais	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
8-28	C8.I20: Breisiú ar chuntais foghlama aonair le haghaidh scileanna digiteacha	Cuspóir sonrath	Daoine a d'úsáid a gcuntas foghlama aonair breisithe chun clárú le haghaidh oiliúint le haghaidh scileanna digiteacha atá cláraithe sa chlár náisiúnta de dheimhnithe gairmiúla nó sa chlár sonrath		Uimhir	0	22 500	C1	2022	Daoine a d'úsáid a gcuntas foghlama aonair breisithe chun clárú le hoiliúint le haghaidh scileanna digiteacha atá cláraithe sa 'chlár náisiúnta de dheimhnithe gairmiúla' nó sa 'chlár sonrath'.
8-29	C8.I21: Méadú ar acmhainní France Compétences	Garspríoc	Síniú an chomhaontaithe le France Compétences	Síniú an chomhaontaithe				C1	2021	Síniú an chomhaontaithe ag Stát na Fraince agus France Compétences chun méadú EUR 750000000 a dhéanamh ar acmhainní airgeadais Inniúlachtaí na Fraince.
8-30	C8.I21: Méadú ar acmhainní France Compétences	Cuspóir sonrath	Conarthaí printíseachta breise sínithe		Uimhir	302 619	462 619	R4	2023	Líon na gconarthaí printíseachta breise a síníodh (+ 160000) idir 2021 agus 2023, i gcomparáid le bonnlíne 2019, mar a thuairiscigh oibreoirí inniúlachta.
8-31	C8.I22: Méadú ar acmhainní Pôle Emploi	Cuspóir sonrath	Comhairleoirí Pôle Emploi earcaithe		Uimhir	0	1 000	R4	2022	Líon na gcomhairleoirí Pôle Emploi a earcaítear le conarthaí ar théarma seasta.

I. COMHCHUID 9: Taighde, Sláinte agus Spleáchas, Comhtháthú Críochach

Is é sprioc fhoriomlán na comhpháirte sin de phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince an comhtháthú sóisialta agus críochach a neartú sa chiall is leithne. Go háirithe, díritear ann ar an tsláinte, ar an digitiú, ar an taighde agus ar an ardoideachas le hocht n-infheistíocht agus trí athchóiriú.

Áirítear sa chomhpháirt infheistíochtaí san earnáil sláinte ar fud na críche, lena n-áirítear nuachóiriú agus athchóiriú bonneagar agus digitiú na sláinte. Beidh roinnt athchóirithe ar na córais sláinte agus cúraim fhadtéarmaigh ag gabháil leis na hinfeistíochtaí sin a bheidh dírithe ar ghairmeacha cúramóirí a fheabhsú, ar bheartais infheistíochta a shainiú, ar an eagrú a shimpliú, agus ar chúram agus neamhspleáchas daoine scothaosta a athchóiriú.

Áirítear sa chomhpháirt freisin beart chun dlús a chur leis an nascacht dhigiteach ar fud na críche trí bhorradh infheistíochta sa phlean leathanbhanda sárghasta ‘France très haut débit’. Beidh beart maidir le cuimsiú digiteach ag gabháil leis chun rochtain ar uirlisí digiteacha a cheadú do chách.

Tacófar le taighde poiblí trí chistiú breise ón nGníomhaireacht Náisiúnta Taighde, rud a fhágfaidh go mbeidh rátaí ratha méadaithe ann maidir le glaonna taighde ar thionscadail. Leis an bPlean Infheistíochta don Todhchaí (PIA4) tiomnófar glaonna ar thionscadail chun feabhas a chur ar na caighdeáin san ardoideachas trí bharr feabhais a chur chun cinn, trí chuidiú le cistiú a chuardach agus trí fheabhas a chur ar eagrú.

Freagraíonn comhchuid 9, Moladh Tírshonrach 2020.1.2 maidir le hathléimneacht an chórais sláinte a fheabhsú, Moltaí Tírshonracha 2019.3.3, 2020.3.4 agus 2020.3.7 maidir le hinfeistíocht a dhéanamh san aistriú digiteach agus sna bonneagair dhigiteacha, agus Moltaí Tírshonracha 2019.3.1 agus 2020.3.8 maidir le hinfeistíocht a dhéanamh sa taighde agus san fhorbairt. Tugtar aghaidh ann freisin ar Mholtaí Tírshonracha 2020.3.2 agus 2020.3.3 trí infheistíochtaí poiblí a scaoileadh agus infheistíocht phríobháideach á cur chun cinn ag an am céanna.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

I.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfeistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (C9.R1): Straitéis Náisiúnta maidir le Claochlú an Chórais Sláinte

Tháinig an straitéis náisiúnta ‘Ma Santé2022’ i bhfeidhm i mí Iúil 2019 nuair a glacadh an Dlí maidir le hEagrú agus Claochlú an Chórais Sláinte. Is é is aidhm dó eagrú níos fearr a dhéanamh ar an gcóras sláinte ar an leibhéal áitiúil, go háirithe trí struchtúir sláinte áitiúla nua a bhunú agus é mar chuspóir comhordú níos fearr a dhéanamh idir deighleoga cúraim (amhail na pobail chúraim sláinte ghairmiúla chríochacha). Treisíodh an straitéis náisiúnta sin le roinnt sraitheanna athchóirithe comhleanúnacha, lena n-áirítear an plean ‘Investir pour l’Hôpital’ (Samhain 2019), an plean ‘Sécur de la Santé’ (Iúil 2020) agus dlí arb é is aidhm dó rialachas ospidéal a shimpliú (‘loi visant à améliorer le système de santé par la confiance et la simplification’ a ghlac an Pharlaimint i mí Aibreáin 2021). Is é is cuspóir don dara ceann, mar bheart faoi phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince, rialachas ospidéil a athchóiriú lena gceadófar níos mó solúbthachta maidir le heagrú agus feidhmiú ospidéal agus ról níos mó a thabhairt d’aonaid ospidéil sa chinnteoireacht.

Athchóiriú 2 (C9.R2): Brainse nua slándála sóisialta a chruthú lena gcumhdaítear an riosca go gcaillfi neamhspleáchas

Chun feabhas a chur ar an soláthar cúraim do dhaoine scothaosta agus do dhaoine faoi mhíchumas, déanfar foráil leis an mbeart maidir leis an gcúigiú brainse a chruthú laistigh den chóras ginearálta slándála sóisialta lena gcumhdófar an riosca go gcaillfear neamhspleáchas sa bhreis ar na brainsí atá ann cheana (lena gcumhdófar na rioscaí a bhaineann le breoiteacht, scor, teaghlach, tionóiscí a bhaineann leis an obair agus galair cheirde). Sainítear sa Dlí maidir le Maoiniú Slándála Sóisialta (LFSS) do 2021 na chéad bhearta chun rialachas agus maoiniú an chúigiú brainse sin a eagrú. Aistrítear maoiniú iomlán na mbunaíochtaí leighis-sóisialta chuig an gcúigiú brainse sin den tslándaíl shóisialta.

Infheistíocht 1 (C9.I1): Sláinte dhigiteach

Is é is aidhm don bheart dlús a chur le forbairt uirlisí digiteacha san earnáil sláinte. Tá ceithre fhobheart ann:

- Bonneagar digiteach stáit i réimse na sláinte:

Cuirfidh an infheistíocht sin dlús le húsáid córas faisnéise Stáit: an taifead leighis comhroinnte, an t-ardán sláinte digiteach, ionad ilfhreastail do gach seirbhís dhigiteach do ghairmithe cúraim sláinte, cártaí ríomh-shainaitheantais do ghairmithe cúraim sláinte.

- idir-inoibritheacht agus sábháilteacht na mbogearraí a úsáideann na hearnálacha cúraim sláinte poiblí agus príobháideacha

Is é is aidhm don infheistíocht sin uasghrádú a dhéanamh ar na bogearraí atá ann cheana agus atá in úsáid cheana san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach chun iad a dhéanamh comhoiriúnach leis na ceanglais idir-inoibritheachta agus slándála arna bhforchur ag an Stát. Tabharfaidh an infheistíocht sin tosaíocht d'infheistíocht theicneolaíoch chun malartú sonraí sláinte a chur chun cinn amhail doiciméid scaoilte ospidéil, tuarascálacha bitheolaíochta, tuarascálacha agus íomhánna raideolaíochta, litreacha oidis agus idirchaidrimh.

- tacú le gairmithe cúraim sláinte agus iad a dhreasú san aistriú digiteach
- Maoiníofar leis an infheistíocht sin imscaradh bogearraí agus úsáideoirí tacaíochta. Cuirfidh sé tacaíocht airgeadais ar fáil freisin chun gairmithe cúraim sláinte a dhreasú chun seirbhísí digiteacha a úsáid, go háirithe an taifead leighis comhroinnte.

- breith suas dhigiteach ar an leigheas sóisialta

Is é is aidhm don infheistíocht sin bonneagar digiteach amhail nasc idirlín, ríomhairí agus bogearraí a chur ar fáil do shaoráidí leighis shóisialta. Go nithiúil, déanfaidh gairmithe ó réigiún amháin nó ó roinnt réigiún infheistíocht chomhpháirteach chun an costas a laghdú agus chun comhleanúnachas a áirithiú.

Infheistíocht 2 (C9.I2): Nuachóiriú agus athstruchtúrú d'ospidéil agus don soláthar cúraim sláinte

Is é is cuspóir don bheart seo tacaíocht infheistíochta a mhéadú d'ospidéil agus do shaoráidí cúraim sláinte.

Is éard atá sa bheart sin (i) infheistíochtaí in athchóiriú agus i nuachóiriú foirgneamh ospidéil, agus maidir le héifeachtúlacht fuinnimh freisin; (II) infheistíochtaí chun saoráidí d'othair sheachtracha a thógáil agus bonneagar agus trealamh leighis a nuachóiriú agus (iii) infheistíochtaí chun caighdeán sábháilteachta agus chomhshaoil a chomhlíonadh.

Infheistíocht 3 (C9.I3): Athchóiriú ar bhunaíochtaí leighis-shóisialta.

Is é cuspóir an bhirt seo saoráidí leighis-sóisialta na Fraince a athchóiriú, a chlaochlú agus a fheistiú, go háirithe Bunaíochtaí do Dhaoine Scothaosta Spleácha (EHPAD), saoráidí maireachtála neamhspleácha, tithíocht chuimsitheach, agus ‘*tríú háiteanna*’ (spásanna pobail atá oscailte don phobal i gcoitinne freisin).

Is éard atá sa bheart sin i) tacú le hinfheistíochtaí san earnáil leighis-shóisialta chun EHPADanna, saoráidí maireachtála neamhspleácha, tithíocht chuimsitheach, agus ‘*tríú háiteanna*’ (spásanna pobail atá oscailte don phobal i gcoitinne freisin) a athchóiriú, a thógáil nó a atógáil, agus ii) tacú le hinfheistíochtaí i dtrealamh chun feabhas a chur ar dhálaí glactha do dhaoine scothaosta.

Infheistíocht 4 (C9.I4): Beolíne náisiúnta chun féinmharú a chosc

Tá cur chun feidhme beolíne náisiúnta chun féinmharú a chosc mar chuid den straitéis sláinte náisiúnta 2018-2022 agus tá sé ar cheann de na gníomhaíochtaí a fógraíodh sa phlean ‘Sécur de la santé’. Tacóidh an beart le cur chun feidhme an chórais faisnéise is gá d’fheidhmiú na seirbhíse beolíne. Tá an córas faisnéise sin, dá bhforáiltear le foraithe Uimh. 2021-1566 an 2 Nollaig 2021, ar fáil do na hionaid freagartha arna mbunú ag bunaíochtaí sláinte réigiúnacha.

Infheistíocht 5 (C9.I5): Plean leathanbhanda ardluais

Bhí sé d’aidhm ag an bplean leathanbhanda ardluais tosaigh (‘plean France très haut débit’) feabhas a chur ar an nascacht sa chríoch agus rochtain ‘an-ardluais’ 30 Mbps ar a laghad a sholáthar faoi 2022 ar fud na tíre. Rinneadh athbhreithniú ar an straitéis chun leibhéal na nuaimhianta a mhéadú, chun nascacht i gceantair thuaithe a fheabhsú, le tacaíocht ó phlean téarnaimh agus athléimneachta na Fraince.

Spreagfaidh an beart dlús a chur le himscaradh líonraí Rochtana den Chéad Ghlúin Eile (NGA), go háirithe i snáithín optúil, le luasanna os cionn 100 Mbps agus os cionn 1 Gbps go ginearálta. Déanfar na tionscail sna ‘líonraí tionscnaimh phoiblí’, mar a thugtar orthu, criosanna a bhfuil sé deacair an infheistíocht phríobháideach a mhealladh ina leith agus a bhaineann go háirithe leis na críocha seo a leanas: Aude, Auvergne, Bretagne, Cher, Dordogne, Doubs, Haute-Savoie, Indre, Manche, Mayotte, Sarthe agus Seine-et- Marne. Is é sprioc uileghabhálach an rialtais rochtain iomlán ar NGA a chur ar fáil faoi 2025, i gcomhréir le cuspóirí na sochaí gigighiotáin.

Infheistíocht 6 (C9.I6): Cuimsiú Digiteach

Cuireann an ghníomhaíocht le tionscnamh atá ann cheana chun tacú leis an gcuimsiú digiteach agus táthar ag súil go gcuirfear oiliúint ar 4000 comhairleoir digiteach breise a dhéanfaidh údarás áitiúla agus gníomhaithe príobháideacha ó chomhlachais nó ón ngeilleagar sóisialta agus dlúthpháirtíochta (amhail hallaí baile, leabharlanna, tithe scoir, tithe altranais, ionaid gníomhaíochta sóisialta agus comhlachais áitiúla) a óstáil. Eagróidh na comhairleoirí digiteacha sin ceardlanna agus tairgfídh siad seisiúin oiliúna chun a chur ar chumas gach duine úinéireacht a ghlacadh de réir a chéile ar chúraimí digiteacha laethúla, amhail a gcuid sonraí pearsanta a chosaint, máistreacht a fháil ar líonraí sóisialta, foinsí faisnéise a sheiceáil, CV a dhéanamh, earra a dhíol, ceannach ar líne, obair go cianda nó coinne dochtúra a sceidealú. Cuirfear oiliúint orthu roimh a ngníomhaíochtaí agus go leanúnach chun seirbhísí ardcháilíochta a thairiscint do na daoine a fhaigheann tacaíocht ach freisin chun ullmhú do leanúint dá misean thar an dá bhliain a fhaigheann tacaíocht ón bplean téarnaimh agus athléimneachta.

Tacóidh an beart go comhthreomhar leis na líonraí áitiúla a thairgeann gníomhaíochtaí digiteacha (lipéadú soiléir, fearais oiliúna a fhorbairt, tacú le réitigh oideolaíochta a fhorbairt) chomh maith le tacú le ‘cúntóirí digiteacha’ (‘Aidants Connect’) a fhorbairt a chuidíonn go díreach le daoine cúraimí digiteacha a dhéanamh.

Infheistíocht 7 (C9.I7): Straitéis téarnaimh T & F (an Ghníomhaireacht Náisiúnta Taighde)

Leis an dlí maidir le clársceidealú taighde (féach comhchuid 6), bunaítear conair mhéadaithe buiséid na Gníomhaireachta Náisiúnta Taighde ó EUR 1190000000 in 2021 go EUR 1674000000 in 2027. Comhlánóidh an beart an méadú sin trí bhorradh a chur faoin leithdháileadh in 2021 agus 2022.

Méadóidh an infheistíocht bhreise sin ráta ratha an ghlaio ar thionscadail. Is é is aidhm don tuarascáil atá i gceangal leis an dlí maidir le clársceidealú taighde an ráta ratha sin a mhéadú faoi dheireadh go 30 % in 2027, i gcomparáid le 16 % a tugadh faoi deara in 2018. Táthar ag súil go mbeidh thart ar 2300 tionscadal roghnaithe as 10000-11 500 a cuireadh isteach don bhliain mar thoradh ar chéim idirmheánach chun 20 % a bhaint amach faoi 2021. Déanfaidh sé cistiú níos fearr ar thaighde bunúsach sna réimsí araíonachta go léir agus áiritheoidh sé go háirithe maoiniú na dtionscadal barr feabhais go léir lena n-áirítear na tionscadail rioscúla agus nuálacha ar a bhfuiltear ag súil go mbeidh an téarnamh bunaithe.

Infheistíocht 8 (C9.I8): Tacú le héiceachórais teagaisc, taighde, forbartha agus nuálaíochta (PIA4)

Is é is aidhm don imchlúdach seo de PIA4 (Infheistíochtaí don todhchaí, *Plan d'Investissements d'Avenir*) tacú leis an nuálaíocht i réimsí an teagaisc (ón náiscoil go dtí an ollscoil) agus an taighde. Tiomnófar an beart do thrí ghlaio ar thionscadail.

- Leis an gcéad cheann, ‘Barr feabhais de gach cineál’, tacófar le tionscadail chlaochlaithe na n-institiúidí ardoideachais chun na caighdeáin idirnáisiúnta is fearr a bhaint amach. Tuigtear gurb é is claochlú ann aon éabhlóid shuntasach ar an institiúid nó ar an láithreán a rannchuidíonn lena n-acmhainneacht a fhorbairt ina misin uile, nó sna misin, a mheastar a bheith ar na cinn is tábhachtaí don institiúid nó don láithreán, mar chuid dá dtionscadal straitéiseach. Is é an cuspóir atá ann pobail acadúla na Fraince a chomhdhlúthú agus a neartú ina n-éagsúlacht uile agus cabhrú leo an uailmhian a leagann siad síos dóibh féin a bhaint amach.
- Leis an dara ceann, tacófar le héagsúlú acmhainní cistiúcháin na n-institiúidí ardoideachais agus taighde. Cuirfidh sé tacaíocht ar fáil chun seirbhísí a chruthú nó a chlaochlú atá tiomnaithe do thacaíocht a thabhairt chun tionscadail a chur ar bun agus tríd an gcistiú a fhaigheann na hinstitiúidí a fhorlíonadh. Bheadh sé ina luamhán chun institiúidí a spreagadh chun a n-acmhainní a éagsúlú (cistí arna bhfáil ón Aontas Eorpach, i dtéarmaí oiliúna agus cistí arna dtiomsú faoi chuimsiú an daonchairdis agus na hurraíochta).
- Tá an tríú glao ar thionscadail dírithe ar an oideachas scoile a athrú ó bhonn tríd an nuálaíocht agus cineálacha nua eagrúcháin agus bainistíochta a chur chun cinn. Leanfar roinnt tosaíochtaí:
 - Limistéir éigeandála oideachais: daltaí a fhágann an scoil i sprioclimistéir a shainnaint, chun acmhainní oideachais a neartú d’fhonn iad a thabhairt suas go caighdeán.
 - An t-ardán náisiúnta ‘a bheith i do thuismitheoir’: cur chuige nua a thairiscint, go háirithe tríd an teicneolaíocht dhigiteach, lena neartaítear ról, nasc agus tiomantas tuismitheoirí ar scoil. Críocha atá saor ó fhágáil na scoile: an uailmhian a leagan síos chun an luathfhágáil sa mheánoideachas agus san ardoideachas a laghdú go hiomlán trí mhodhanna nuálacha idirghabhála idir-aireachta, comhlachais agus réigiúnacha.
 - Críocha na gconairí foghlama: i gcomhar le gnólachtaí, oiliúint sa staidéar oibre a mhéadú go suntasach trí réitigh nuálacha a fhorbairt, réitigh a chur chun cinn maidir le cúram comhtháite do dhaoine óga (tithíocht, soghluaisteacht, conradh

fostaíochta), obair leantach a áirithiú do dhaoine óga chun bristeacha a sheachaint.

Áireofar sna téarmaí tagartha le haghaidh glaonna ar thionscadail atá le teacht mar chritéar incháilitheachta chun neodracht chomhshaoil chur i bhfeidhm an réitigh chistithe a áirithiú, ar bhealach lena n-áiritheofar go gcomhlíonfaidh an beart an prionsabal ‘gan dochar suntasach a dhéanamh’ de Rialachán (AE) 2021/241. Comhlánóidh sé sin an fíoras, nuair is infheidhme, go bhfuil critéir chomhshaoil mar chuid de na critéir roghnúcháin do thionscadail, agus go gceanglaítear ar oibreoirí anailís chriticiúil a dhéanamh ar a dtograí bunaithe ar shaineolas inmheánach agus seachtrach; go liostaítear an t-aistriú glas de réir an dlí mar cheann de chuspóirí an PIA, agus nach mór do chomhlachtaí rialaithe an PIA cur i bhfeidhm na gcuspóirí sin a áirithiú, a ndéantar faireachán air trí tháscaire tiomnaithe. Mar thoradh air sin, eisiafar (i) gníomhaíochtaí a bhaineann le breosláí iontaise, lena n-áirítear úsáid iartheachtach²⁹; (II) gníomhaíochtaí faoi Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA) lena mbaintear amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha³⁰; (III) gníomhaíochtaí a bhaineann le líonadh talún dramhaíola, loisceoirí dramhaíola³¹ agus gléasraí cóireála bitheolaíche meicniúla³²; agus (iv) gníomhaíochtaí ina bhféadfadh diúscairt fhadtéarmach dramhaíola dochar a dhéanamh don chomhshaol.

²⁹ Seachas tionscadail faoin mbeart sin maidir le giniúint cumhachta agus/nó teasa, chomh maith le bonneagar tarchurtha agus dáileacháin gaolmhar, lena n-úsáidtear gás nádúrtha, a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Iarscríbhinn III den Treoir Theicniúil ‘Gan dochar suntasach a dhéanamh’ (2021/C58/01).

³⁰ I gcás ina mbainfidh an ghníomhaíocht a dtugtar tacaíocht di amach astaíochtaí réamh-mheasta gás ceaptha teasa nach bhfuil i bhfad níos ísle ná na tagarmharcanna ábhartha, ba cheart míniú a thabhairt ar na cúiseanna nach féidir sin a dhéanamh. Tagarmharcanna a bunaíodh le haghaidh leithdháileadh saor in aisce le haghaidh gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Chórais Trádála Astaíochtaí, mar a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/447 ón gCoimisiún.

³¹ Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo i ngléasraí atá tiomnaithe go heisiach do dhramhaíl ghuaiseach neamh-in-athchúrsáilte a chóireáil, agus do ghléasraí atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú, gáis sceite a ghabháil lena stóráil nó lena n-úsáid nó ábhair a aisghabháil ó luathreach loiscthe, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht próiseála dramhaíola an ghléasra ná síneadh ar shaolré na ngléasraí mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

³² Níl feidhm ag an eisiáimh sin maidir le gníomhaíochtaí faoin mbeart seo in ionaid chóireála bitheolaíche meicniúla atá ann cheana, i gcás ina bhfuil na gníomhaíochtaí faoin mbeart sin chun éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú nó iarfheistiú a dhéanamh ar oibríochtaí athchúrsála dramhaíola deighilte chuig bithdhramhaíl múirín agus díleá anaeróbach bithdhramhaíola, ar choinníoll nach mbeidh méadú ar acmhainneacht phróiseála dramhaíola na n-ionad ná síneadh le saolré na n-ionad mar thoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin faoin mbeart sin; a bhfuil fianaise ar fáil ar leibhéal an ghléasra.

I.2. Garspriocanna, spriocanna, táscairí agus amchlár chun faireachán agus cur chun feidhme a dhéanamh ar thacaíocht airgeadais neamh-inaisiochta

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Sprioc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspriocanna	Táscaire cainníochtúil le haghaidh na sprice			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garsprioc agus sprioc
					Aonad	Bonnline	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
9-1	C9.R1 Straitéis Náisiúnta maidir le Claochlú an Chórais Sláinte	Garsprioc	Vótáil agus foilsiú an bhille chun feabhas a chur ar an gcóras sláinte (simpliú ar rialachas ospidéal)	Teacht i bhfeidhm				R4	2021	Teacht i bhfeidhm an bhille chun feabhas a chur ar an gcóras sláinte trí mhúinín agus simpliú, rud a fhágfaidh go mbeidh sé indéanta níos mó solúbthachta a thabhairt do bhunaíochtaí ina n-eagrú, chun rialachas ospidéil a athleighis, agus chun áit níos mó a thabhairt don tseirbhís ospidéil sa chinnteoireacht.
9-2	C9.R1 Straitéis Náisiúnta maidir leis an gCóras Sláinte a chlaochlú	Cuspóir sonrach	Ráta gealltanais creidmheasa chun acmhainní daonna i réimse na sláinte a uasghrádú		Céatadán		90 %	R4	2023	Ráta tiomantais chreidmheasa chun acmhainní daonna sa tsláinte a uasghrádú.
9-3	C9.R2 Brainse nua slándála sóisialta a chruthú lena gcumhdaítear an riosca go gcaillfí neamhspleáchas	Garsprioc	Dlí maidir le brainse nua den tslándáil shóisialta a chruthú atá tiomnaithe do thacú le neamhspleáchas daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas	Teacht i bhfeidhm				C3	2020	Dlí Uimh. 2020-991 an 7 Lúnasa 2020 maidir le fiachas sóisialta agus neamhspleáchas a fhoilsiú san Iris Oifigiúil, lena bhforáiltear do bhrainse nua slándála sóisialta a chruthú a bheidh dírithe ar thacú le neamhspleáchas daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas.
9-4	C9.I1 Breith suas ar chaighdeán theicniúla don tsláinte dhigiteach	Cuspóir sonrach	Bonneagar digiteach stáit i réimse na sláinte		Uimhir (i milliúin)	9,5	40	R4	2024	Líon na n-othar a bhfuil ríomhthaifead sláinte náisiúnta agus seoladh ríomhphoist sláinte slán acu.
9-5	C9.I1 Breith suas ar chaighdeán theicniúla don tsláinte dhigiteach	Cuspóir sonrach	Idir-inoibritheacht agus slándáil bogearraí cabhlaigh suiteáilte a thabhairt chun críche agus tacaíocht agus dreasachtaí lena n-úsáid		Uimhir (i milliúin)	3	15	R4	2024	Doiciméid dhigiteacha a ullmhaíonn gairmithe cúram sláinte (amhail tuarascálacha bitheolaíochta, tuarascálacha raideolaíochta, tuarascálacha ospidéil agus deimhnithe) agus a shábháiltear sa chóras nua.
9-6	C9.I1	Cuspóir	Breith suas dhigiteach ar		Uimhir	0	410 000	R4	2024	Líon na dtáifead leighis-sóisialta leictreonach

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspríocanna	Táscaire cainníochtúil le haghaidh na sprice			Amlíne thásach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
	Breith suas ar chaighdeán teicniúla don tsláinte dhigiteach	sonrach	an leigheas sóisialta							gníomhach.
9-7	C9.I2 Nuachóiriú agus athstruchtúrá d'ospidéal agus don soláthar cúraim sláinte	Cuspóir sonrach	Bunaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ina n-infheistíochtaí i suiteálacha teicniúla, i dtrealamh nó in athchóiriú éadrom		Uimhir	0	800	C1	2023	An líon bunaíochtaí ar leithdháil ARS (an Ghníomhaireacht Sláinte Réigiúnach) infheistíochtaí creidmheasa orthu i suiteálacha teicniúla, i dtrealamh nó in athchóiriú éadrom. Ríomh carnach: líon na n-institiúidí éagsúla cúraim sláinte a fuair creidmheasanna chun infheistíocht a dhéanamh i suiteálacha teicniúla, i dtrealamh nó in oibreacha athchóirithe éadroma.
9-8	C9.I2 Nuachóiriú agus athstruchtúrá d'ospidéal agus don soláthar cúraim sláinte	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal infheistíochta i dtógáil, athchóiriú fuinnimh nó nuachóiriú bunaíochtaí leighis (> EUR 20 milliún) (carnach)		Uimhir	0	10	R4	2024	Líon na dtionscadal infheistíochta chun bunaíochtaí leighis a thógáil, a athchóiriú nó a nuachóiriú, arna mbailíochtú ag ARS (an Ghníomhaireacht Sláinte Réigiúnach) le haghaidh méid is mó ná EUR 20000000. Ríomh carnach.
9-9	C9.I2 Nuachóiriú agus athstruchtúrá d'ospidéal agus don soláthar cúraim sláinte	Cuspóir sonrach	Líon na dtionscadal infheistíochta i dtógáil, athchóiriú fuinnimh nó nuachóiriú bunaíochtaí leighis (> EUR 20 milliún)		Uimhir	10	30	C2	2026	Líon na dtionscadal infheistíochta chun bunaíochtaí leighis a thógáil, a athchóiriú nó a nuachóiriú, arna mbailíochtú ag ARS (an Ghníomhaireacht Sláinte Réigiúnach) le haghaidh méid is mó ná EUR 20000000. Ríomh carnach.
9-10	C9.I2 Nuachóiriú agus athstruchtúrá d'ospidéal agus don soláthar cúraim sláinte	Cuspóir sonrach	An líon bunaíochtaí a fhaigheann tacaíocht ina n-infheistíochtaí i suiteálacha teicniúla, i dtrealamh nó in athchóiriú éadrom		Uimhir	800	1 000	R4	2025	An líon bunaíochtaí ar leithdháil ARS (an Ghníomhaireacht Sláinte Réigiúnach) creidmheasanna infheistíochta orthu le haghaidh suiteálacha teicniúla, trealamh nó athchóiriú éadrom. Ríomh carnach: líon na n-institiúidí éagsúla cúraim sláinte a fuair creidiúintí den sórt sin.
9-11	C9.I3 Athchóiriú ar bhunaíochtaí leighis-al agus sóisialta	Cuspóir sonrach	Líon na dtithe altranais a bhain tairbhe as cúnaimh le trealamh chun feabhas a chur ar dhálaí glactha do dhaoine scothaosta		Uimhir		3 000	R4	2022	Líon na dtithe do dhaoine scothaosta cleithiúnacha a fuair maoiniú faoin scéim “infheistíochtaí laethúla”.

Uimhir sheicheamhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspríocanna	Táscaire cainníochtúil le haghaidh na sprice			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
			(‘infheistíocht laethúil’) (carnach)							
9-12	C9.13 Athchóiriú bunaíochtaí leighis-sóisialta	Cuspóir sonrath	Líon na saoráidí do dhaoine scothaosta ina ndearnadh tionscadail athchóirithe, tógála nó atógála		Uimhir		600	C2	2026	Saoráidí do dhaoine scothaosta (EHPAD, saoráidí maireachtála neamhspleácha, tithíocht chuimsitheach nó trú háiteanna) ina bhfuil tionscadail athchóirithe, tógála nó atógála curtha i gcrích.
9-13	C9.14 Beolíne náisiúnta chun féinmharú a chosc	Garspríoc	An tseirbhís líne teileafóin a ghníomhachtú chun féinmharú a chosc	Gníomhachtú beolíne				R4	2022	An tseirbhís líne teileafóin a ghníomhachtú chun féinmharú a chosc.
9-14	C9.15 Plean leathanbhanda an-ghasta (‘Plan France très haut débit’)	Cuspóir sonrath	Tithíocht bhreise agus áitribh ghnó bhreise atá incháilithe lena nascadh le snáithín		Uimhir	0	1 700 000	C1	2022	An líon breise (i gcomparáid le 2020) áitreabh tithíochta agus gnó atá incháilithe lena nascadh le snáithín in 2021.
9-15	C9.15 Plean leathanbhanda an-ghasta (‘Plan France très haut débit’)	Cuspóir sonrath	Tithíocht bhreise agus áitribh ghnó bhreise atá incháilithe lena nascadh le snáithín		Uimhir	0	2 500 000	R4	2023	An líon tithíochta agus áitreabh gnó breise (i gcomparáid le 2022) atá incháilithe lena nascadh le snáithín in 2023.
9-16	C9.16 Cuimsiú digiteach	Cuspóir sonrath	Comhairleoirí digiteacha seirbhísi na Fraince ar cuireadh oiliúint orthu		Uimhir	0	3 600	R4	2022	An líon comhairleoirí digiteacha de chuid France Services ar cuireadh oiliúint orthu faoin bhfeachtas oiliúna agus earcaíochta.
9-17	C9.17 Straitéis téarnaimh T & F — an Ghníomhaireacht Náisiúnta Taighde	Cuspóir sonrath	Ráta ratha domhanda do ghlaonna cineálacha agus sonracha ar thionscadail		Céatadán	16	20	C2	2022	Cóimheas idir líon na dtionscadal arna roghnú ag an nGníomhaireacht Náisiúnta Taighde agus líon na dtionscadal arna gcur isteach sna glaonna cineálacha agus sonracha. Déanfar an cóimheas le haghaidh glaonna ar thionscadail a seoladh sa bhliain 2021 a thomhas i R2 den bhliain 2022.

Uimhir sheichea mhach	Tomhas	Cloch mhíle/Spríoc	Ainm	Táscaire cáilíochtúil maidir le garspríocanna	Táscaire cainníochtúil le haghaidh na sprice			Amlíne tháscach maidir le cur i gcrích		Tuairisc ar gach garspríoc agus spríoc
					Aonad	Bonnlíne	Cuspóir	Ráithe	An Bhliain	
9-18	C9.I8 PIA4 — Tacaíocht d'éiceachórais teagaise, taighde, cur chun cinn agus nuálaíochta	Garspríoc	Gach ceann de na trí ghlaon ar thionscadail a seoladh ('ExcellencES', "Éagsúlú acmhainní institiúidí ardoideachais agus taighde", agus "An t-oideachas scoile a chlaohlú tríd an nuálaíocht agus cineálacha nua eagrúcháin agus bainistíochta a chur chun cinn")	Foilsíú na nglaoanna ar an suíomh gréasáin				R4	2021	Gach glao ar thionscadail a sheoltar faoin mbeart seo, le téarmaí tagartha lena n-áirítear mar chritéar incháilitheachta chun neodracht chomhshaoil fheidhmchláir an réitigh chistithe a áirithiú.
9-19	C9.I8 PIA4 Tacaíocht d'éiceachórais teagaise, taighde, cur chun cinn agus nuálaíochta	Garspríoc	Conarthaí a dhámhachtain-cinneadh cur chun feidhme ón bPríomh-Aire	Tuarascáil ón Secrétariat Général pour l'Investissement' (SGPI)				R4	2023	Cinneadh cur chun feidhme ón bPríomh-Aire tar éis dhúnadh na nglaoanna ar thograí/na nglaoanna ar léiriú spéise a seoladh faoi gharspríoc 9-18; conraitheoireacht a cheadú leis na tairbhíthe trí chisti a dheonú lena siniú le haghaidh na dtairbhíthe uile.

J. COMHCHUID 10: REPowerEU

Is é is aidhm do chaibidil REPowerEU tacú le huailmhianta na Fraince ó thaobh neamhspleáchas agus aistriú fuinnimh de, i gcomhthéacs réaltachtaí nua geopholaitiúla agus an mhargaidh fuinnimh. Meastar go gcuideoidh cistiú faoi REPowerEU le dhá phríomhais a mhaoiniú a bhfuil gá leo chun ceannasacht fuinnimh na Fraince a neartú agus chun a spleáchas fuinnimh a laghdú: dícharbónú na tionsclaíochta — lena n-áirítear tríd an earnáil hidrigine atá saor ó iontaise agus in-athnuaite a fhorbairt — agus athchóiriú fuinnimh ar thithíocht phríobháideach agus ar fhoirgnimh phoiblí. Meastar freisin go dtacóidh trí athchóiriú faoin gcaibidil REPowerEU leis an bhFrainc a spriocanna a bhaint amach agus comhsheasmhacht beartais níos fearr a chur ar fáil. Meastar go gcuideoidh cur chun feidhme na n-athchóirithe arb é is aidhm dóibh dlús a chur le húsáid foinsí fuinnimh in-athnuaite agus measarthacht fuinnimh a mhéadú, le tacaíocht ó Ardrúnaíocht nua um Pleanáil Éiceolaíoch, mar aon leis na ceithre bheart infheistíochta (bearta éifeachtúlachta fuinnimh, an beart lena dtacaítear le tionscal saor ó iontaise agus an beart lena méadaítear táirgeadh agus glacadh hidrigine saor ó iontaise) leis an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú.

Tá gné ilnáisiúnta agus trasteorann ag baint le cur chun feidhme bheart hidrigine IPCEI infheistíochta, cé is moite den tionscadal a bhaineann le feithiclí astaíochtaí nialasacha a fhorbairt. Ina theannta sin, leis an infheistíocht a bhaineann le hathchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh phoiblí, agus leis an mbeart méadaithe C10.I4 Athchóiriú fuinnimh ar fhoirgnimh phríobháideacha, rannchuidíonn an plean le luas an athchóirithe ar fhoirgnimh a mhéadú agus é mar aidhm leis spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus an t-éileamh ar fhuinneamh a laghdú. Comhlánaítear na bearta sin leis an mbeart tionscail saor ó iontaise arb é is aidhm dó freisin an spleáchas ar bhreoslaí iontaise a laghdú agus éileamh fuinnimh na hearnála tionscail a laghdú.

Táthar ag súil nach ndéanfaidh aon bheart sa chomhpháirt seo dochar suntasach do chuspóirí comhshaoil de réir bhrí Airteagal 17 de Rialachán (AE) 2020/852, agus an tuairisc ar na bearta agus na céimeanna maolaitheacha a leagtar amach sa phlean téarnaimh agus athléimneachta á gcur san áireamh i gcomhréir le Treoir Theicniúil DNSH (2021/C58/01).

J.1. Tuairisc ar na hathchóirithe agus ar na hinfheistíochtaí le haghaidh tacaíocht airgeadais neamh-inaisíochta

Athchóiriú 1 (C10.R1): Dlí maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite

Is é is cuspóir don athchóiriú seo dlús a chur le glacadh an fhuinnimh in-athnuaite sa Fhrainc, chun cuspóirí aistrithe fuinnimh na Fraince a bhaint amach agus chun slándáil an tsoláthair fuinnimh sa Fhrainc a áirithiú. Glacfaidh an Fhrainc Dlí maidir le dlús a chur le táirgeadh fuinnimh in-athnuaite faoi lár 2023, arb é is aidhm dó na príomhbhaic a chuireann bac ar imscaradh fuinnimh in-athnuaite faoi láthair a réiteach: táthar ag súil go háirithe go n-éascóidh sé deonú ceadanna agus go sainmhíneoidh sé ‘criosanna luasghéaraithe’ a

chuideoidh le tionscadail a fhorbairt go tapa, go háirithe maidir le cumhacht ghaoithe, grianfhuinneamh (lena n-áirítear cumhacht theirmeach, grianfhuinneamh fótvoltach agus fuinneamh agravoltach) agus meatánú.

I dtearmaí nósanna imeachta, tá coinne leis go mbunófar leis an Dlí pointe iontrála aonair chun iarratais ar chead a scrúdú (an ‘t-ábhar*préfectoral*’, a dhéanann ionadaíocht ar an Stát ar an leibhéal réigiúnach nó áitiúil). Tá coinne leis freisin go gcuirfidh sé rannpháirtíocht na mbardas uile chun cinn maidir le ‘criosanna luasghéaraithe’ a shainaitint.

Beidh roinnt forálacha reachtacha forleathana infheidhme go díreach:

- beidh pleanáil chríochach an fhuinnimh in-athnuaithe bunaithe ar phróiseas ón mbun aníos, ina mbeidh ionadaithe uile na mbardas agus na gcríoch rannpháirteach, agus iad i gceannas ar shainmhíniú na ‘griosanna luasghéaraithe’, tar éis próiseas láidir comhairliúcháin leis na geallsealbhóirí uile;
- Dlús a chur le pleanáil ghaoithe amach ón gcósta: seolfar díospóireachtaí poiblí ar cheithre limistéar cósta na Fraince chun mapáil ar thionscadail ghaoithe amach ón gcósta a shainiú agus beidh an Stát freagrach as staidéir theicniúla, rud a mheastar a chuirfidh ar chumas OCT (oibreoir córais tarchurtha) na hoibreacha nasctha a réamh-mheas;
- suiteáil painéal fótvoltach ar mhótarbhealaí agus ar limistéir iarnróid thréigthe a shimpliú;
- neartófar forbairt an fhéintomhaltais chomhchoitinn tríd an ioncam ó tháirgeadh breise foinsí in-athnuaithe fuinnimh i dtithíocht ar ioncam íseal (*Habitation à Loyer Modéré*, HLM) a dhíriú ar laghdú na gcostas, ar chothabháil nó ar dheisiú na suiteála; agus tríd an gcreat conarthach do phobail féintomhaltais a shoiléiriú.

Athchóiriú 2 (C10.R2): An Ardrúnaíocht um Pleanáil Éiceolaíoch (SGPE) a chur ar bun
Bunófar Ardrúnaíocht um Pleanáil Éiceolaíoch (SGPE) faoi údarás an Phríomh-Aire roimh R1 2023. Leagfar a shainchumais amach go soiléir le foraithe. Beidh SGPE freagrach as forbairt straitéisí náisiúnta maidir leis an aeráid, fuinneamh, bithéagsúlacht agus an geilleagar ciorclach a chomhordú, lena n-áiríteofar comhlíonadh ghealltanais Eorpacha agus idirnáisiúnta na Fraince. Beidh sé de chúram ar an Ardrúnaí freisin a áirithiú go gcuirfidh na haireachtaí uile lena mbaineann na straitéisí sin chun feidhme agus go ndéanfar pleananna gníomhaíochta díobh. Táthar ag súil go n-áiritheoidh SGPE go ndéanfar meastóireacht rialta ar na beartais a chuirtear i gcrích faoi na straitéisí agus na pleananna gníomhaíochta sin agus go bhfoilseofar táscairí chun tuairisc a thabhairt ar a ndul chun cinn. Ullmhóidh agus comhordóidh an tArdrúnaí freagairtí an Rialtais ar thuairimí na hArd-Chomhairle um an Aeráid.

Athchóiriú 3 (C10.R3): Plean measarthachta fuinnimh

Foilseoidh an Rialtas plean maidir le measarthacht fuinnimh roimh dheireadh 2022 chun dlús a chur leis an laghdú ar thomhaltas fuinnimh trí ghníomhaíochtaí éifeachtúlachta fuinnimh a chur chun cinn a mbeidh baint ag an Stát, ag údaráis áitiúla, ag gnólachtaí agus ag saoránaigh leo, agus é mar chuspóir tomhaltas fuinnimh a laghdú 10 % faoi 2024 (i gcomparáid le geimhreadh 2018-2019). Áireofar sa phlean maidir le measarthacht fuinnimh bearta trasearnálacha agus bearta earnála a bheidh le cur chun feidhme ag gach gníomhaí, ar bhonn deonach. Beidh tograí sa phlean measarthachta fuinnimh maidir le laghdú fuinnimh i réimsí éagsúla lena n-áirítear tithíocht, iompar agus tionscal. Meastar

